COMHAIRLE CONTAE MHUINEACHÁIN
MONAGHAN COUNTY COUNCIL

Tuarascáil Bhliantúil 2018

Annual Report 2018

Clár

Brollach ón gCathaoirleach 2
Réamhrá ón bPríomhfheidhmeannach 3
Léarscáil Ceantair/Ráiteas Misin 4
Baill Chomhairle Contae Mhuineacháin 5
Airgeadas 7
Sócmhainní Corparáideacha 11
Córais Eolais 15
Daonacmhainní 17
Fáil Chorparáideach 19
Aonad Sláinte & Sábháilteachta 20
Ceantar Bardasach Baile na Lorgan-Carraig Mhachaire Rois 22
Ceantar Bardasach Béal Átha Beithe-Cluain Eois 24
Ceantar Bardasach Mhuineacháin 27
Músaem 30
Seirbhís Leabharlainne 32
Oifig Oidhreachta an Chontae 35
Oifigí Ealaíon 37
Roinn Turasóireachta 40
Dóiteán & Cosaint Shibhialta 41
Serbhísí Uisce 42
Tithíocht 45
Pleanáil 47
Cosaint Comhshaoil 50
Bóithre & Iompar 54
Forbairt Pobail 55
Oifig Fiontar Áitiúil 61
Coistí Polasaí Straitéiseach 62
Ionadaíocht Comhairle ar Choistí Seachtrach agus Comhairle 65
Comhdhálacha/Oiliúint ag a raibh Baill i 2018 72
Aguisín I Costais na mBall 74
Aguisín II Ráiteas Airgeadais 2018 76

Brollach ón gCathaoirleach

Cúis áthais domsa mar Chathaoirleach ar Chontae Mhuineacháin an Tuarascáil Bhliantúil seo, mar a bhfuil cuntas ar sheirbhísí a soláthraíodh i 2018, a chur i láthair ar son Chomhairle Contae Mhuineacháin. Ba mhór an onóir dom gur toghadh mé mar Chathaoirleach ar Chomhairle Contae Mhuineacháin agus is mian liom buíochas a ghabháil le mo chomhghleacaithe i bpáirtí Fhine Gael agus na Comhairleoirí eile as an deis seo a thabhairt dom.

Bhí an-bhród ar fad orm glacadh le dhá ghradam ar son Chomhairle Contae Mhuineacháin sna Gradaim Feabhais Údarás Áitiúla 2018 ar son ár bPolasaí Imeasctha Clós Súgartha 'Cách ag Súgradh' agus ar son www.repairmystuff.ie, an t-eolaí ar líne chursaí deisiúcháin. Molaim tiomantas agus díograis an fhoireann ar fad maidir le seirbhísí a sholáthar don phobal is do lucht gnó Chontae Mhuineacháin. Léiríonn na gradaim úd an barr feabhais i Rialtas Áitiúil na hÉireann.

Ba mhór an onóir dom Meamram Cairdis a shíniú ar son Chontae Mhuineacháin le Cathair Alytus na Liotuáine ag ócáid ar an 6 Iúil mar a tharla ceiliúradh san Mhúsaem, bhí bratacha na hÉireann agus na Liotuáine ar foluain agus canadh an dá Amhrán Náisiúnta.

Leanadh i rith na bliana 2018 den saothar chun Plean nua Forbartha Contae 2019-2025 a fhorbairt agus tá ríméad orm gur glacadh leis an bplean go foirmiúil le linn mo thréimhse mar Chathaoirleach. Sa phlean úd tá fís agus mianta d'fhorbairt an chontae sa todhchaí idir seo agus 2025 agus ina dhiaidh sin. Tharla sraith cruinnithe poiblí ar fud an chontae chun deis a thabhairt don phobal aighneachtaí agus tuairimí a sholáthar maidir leis an bplean agus a chuid impleachtaí don phobal.

Na gaiscí a luaitear anso sa Tuarascáil Bhliantúil, ní bhainfí amach iad gan saothar na mball tofa go léir, Cathaoirligh agus Baill na gCoistí Polasaí Straitéiseach, Ceantair Bhardasacha, an Meitheal agus foireann Bainistíochta maraon le tacaíocht ó an-chuid eagraíochtaí pobail agus deonach.

Is mian liom freisin buíochas a ghabháil ar son an-chabhair agus comhoibriú a fháil ón bPríomhfheidhmeannach, Eamonn O'Sullivan agus a fhoireann siúd, laistigh agus lasmuigh agus ó na Comhairleoirí ar fad. Molaim iad as a ndúthracht.

David Maxwell
Cathaoirleach Comhairle Contae Mhuineacháin

Réamhrá ón bPríomhfheidhmeannach

Is breá liom Tuarascáil Bhliantúil Chomhairle Contae Mhuineacháin 2018 a chur os bhur gcomhair. Deis iontach is ea í chun gníomhaíochtaí agus gaiscí na Comhairle idir sheirbhísí poiblí agus tionscnaimh bhonneagair a léiriú. Trí thacaíocht leanúnach ón gCathaoirleach agus na baill tofa, leanann an Chomhairle de shathaor suntasach éifeachtúil agus nuálach maraon le ceannaireacht a stiúraíonn forbairt áitiúil, pobail agus eacnamaíoch. Ar an gcuma san is láthair thaitneamhach é an contae idir chónaí, obair, cúrsaí gnó nó cuairte.

I 2018 tharla dul chun cinn nach beag maidir le tionscnaimh chaipitiúla a sholáthar agus treoir ar fáil ón Mheitheal Sinsir Bainistíochta. Bainfear ardleas as na tionscnaimh ar fud an chontae.

Tionscnamh ollmhór a bheidh sa Champas SÍOCHÁIN sa tSeanchlós Innealra i mBaile Mhuineacháin is é ar na tionscnaimh tógála ba mhó riamh ag an gComhairle. Táthar chun caidreamh trasphobail a chruthú is a fheabhsú trí áras i bpáirt a bhéarfaidh an sochaí le cheile. Cuirfear athrú suntasach ar an réigiún agus béarfar le chéile seirbhísí mar leabharlann baile, Músaem an Chontae agus seirbhísí Ógra.

Ar an 5 Deireadh Fómhair 2018, tar éis clár fada athchóirithe, osclaíodh Teach an Mhargaidh Cluain Eois go hoifigiúil, foirgneamh fíorstairiúil atá suite sa Diamant. Bhog Ceantar Bardasach Béal Átha Beithe isteach ann ar an gCéadaoin 8 Lúnasa 2018.

Sa chlár um chaiteachas caipitiúil tithíochta 2018 díríodh go príomha ar fhorbairtí úrnua agus tithe aonair a fháil. Fuair Comhairle Contae Mhuineacháin €70 milliún faoin dtionscnamh Atógáil Éireann don tréimhse 2016 - 2021. Táthar anois ag deimhniú go mbeidh méadú mór ar an soláthar tithíochta dóibh siúd atá ina ghátar; gheofar áitribh aonair agus tógfaidh an Chomhairle tithe nua; beidh forbairtí nua ag conraitheoirí ar son na Comhairle Contae maraon le forbairtí breise ag Comhlachtaí Aitheanta Tithíochta. Anuas air sin go léir déanfar athnuachan ar áitribh thréigthe sna bailte agus sráidbhailte chun méadú suntasach a dhearbhú dóibh siúd a mbíonn tithíocht de dhíth orthu.

Ghnóthaigh Comhairle Contae Mhuineacháin an stádas Caighdeán Fostóirí Creidiúnaithe CPD ó Innealtóirí Éireann ó 1 Eanáir 2018 go 1 Eanáir 2020. Tá an Chomhairle tiomanta don bhforbairt phroifisiúnta leanúnach agus bítear ag baint leas an an gcreat úd chun cur le cumas foirne agus leas inbhraite gnó don eagraíocht. Is mian leis an gComhairle foireann éirimiúil a earcú is a choimeád trí chreat úd an deachleachtas a fheidhmiú.

Mí Dheireadh Fómhair bhí Comhairle Contae Mhuineacháin lánsásta tacú le Cumann Galf Coill Conchró is iad ag fáiltiú roimh ilchomórtas proifisiúnta Dúshlán Éireann Muineachán, cuid den Turas Dúshlán Eorpach. Ní hamháin gur taispeánadh Coill Conchró do chuairteoirí domhanda ach freisin léiríodh Contae Mhuineacháin mar láthair turasóireachta agus pictiúirí áille de Loch Mucnú á dteilgeadh ar fud an domhain. Buntáiste an-mhór ab ea é seo go léir, ní hamháin mar gheall ar Choill Conchró, ach do na tithe lóistín, óstáin, bialanna agus gnóthaí teagmhasacha eile ar fud an cheantair.

Mar fhocal scoir, gabhaim buíochas ó chroí le mo chomhleacaithe as a dtiomantas, tacaíocht agus comhoibriú i rith na bliana – na Stiúrthóirí Seirbhísí maraon le foireann na Comhairle idir inmheánach agus allamuigh. Táim go mór faoi chomaoin leis ag an gCathaoirleach, Comhairleoir Maxwell, Comhairleoir Cathy Bennett a d'imigh roimhe agus na baill tofa as tacú liom i gcónaí ó thús deireadh na bliana.

Eamonn O'Sullivan

Príomhfheidhmeannach Comhairle Contae Mhuineacháin

Léarscáil Ceantar/Ráiteas Misin



Ráiteas Misin

"Spreagann Comhairle Contae Mhuineacháin forbairt eacnamaíoch, pobail agus cultúrtha sa chontae, baineann an leas is fearr aisti agus soláthraíonn seirbhísí poiblí agus bonneagar ardchaighdeáin inmharthana. Déantar é seo go léir ar bhonn cuimsitheach macánta i gcomhar lenár bpáirtithe leasmhara."

Ceantar Bardasach Cluain Eois-Béal Átha Beithe			
	Cathy Bennett (S.F.) Droim Deise, Baile an Scotaigh Teil: (086) 2079509 cathy.bennett@cllr.mon a ghancoco.ie		Pat Treanor (S.F.) Cúirt an Easpaig, Cluain Eois Teil: (086) 2377177 pat.treanor@cllr.monagh ancoco.ie
	Seamus Coyle (F.F.) Machan, Leatón, Baile na Lorgan Teil: (087) 6814067 seamus.coyle@cllr.mon a ghancoco.ie		Sean Gilliland (F.G.) Barrachadh, Loch Morn, Baile na Lorgan Teil: (087) 9969946 sean.gilliland@cllr.mona ghancoco.ie
	Hugh McElvaney (Neamhspleách) Corr Cheachan Muin- eachán Teil: (087) 2598858 hugh.mcelvaney@cllr.m o naghancoco.ie		Eva Humphreys (F.G) Doire na Rua, Cúil Darach Teil: 086 169 7603 eva.humphreys@cllr.mo naghancoco.ie Ar Scor: 26/10/2018
	Richard Truell (F.G.) An Chnapach, Cúil Darach Co Mhuineacháin Teil: (086) 2035534 richard.truell@cllr.monaghan coco.ie Comhthoghadh: 04/12/2018		

Ceantar Bardasach Mhuineacháin			
	Raymond Aughey (F.F.) Viscaya, Cúil Seanach, Muineachán Teil: (087) 0992676 raymond.aughey@cllr. m onaghancoco.ie		Sean Conlon (S.F.) Ráth Caorach, Muineachán Tel: (087) 2936792 sean.conlon@cllr.monag hancoco.ie

	Paudge Connolly 3 Radharc Cúil Seanach, Muineachán (Neamhspleách) Teil: (087) 2021414 paudge.connolly@cllr.mo naghancoco.ie		David Maxwell (F.G.) Cill Ó Méarlaigh, Muineachán Teil: (086) 8224545 david.maxwell@cllr.monaghancoco.ie
	Brian McKenna (S.F.) Doire Oirealláin, Coillidh Brón, Scairbh na gCaorach Teil: (047) 82917 (087) 2746483 brian.mckenna@cllr.monaghancoco.ie		Seamus Treanor (Neamhspleách) 14 Cearnóg na Seanchroise, Muineachán Teil: (087) 2110077 seamus.treanor@cllr.monaghancoco.ie
Ceantar Bardasach Carraig Mhachaire Rois-Baile na Lorgan			
	Aidan Campbell (F.G.) 2 Blueberry Walk, Baile na Lorgan Teil: (087) 9003860 aidan.campbell@cllr.monaghancoco.ie		Colm Carthy (S.F.) 22 Páirc Inbhir, Carraig Mhachaire Rois, Co. Mhuineacháin Teil: (087) 6837180 colm.carthy@cllr.monaghan.ie
	Jackie Crowe (S.F.) 4 Páirc Oilibhéar Pluincéad, Droim Iolaird, Baile na Lorgan Teil: (086) 6033398 jackie.crowe@cllr.monaghancoco.ie		Noel Keelan (S.F.) Bóthar Domhnach Maighean, Carraig Mhachaire Rois Teil: (087) 2468878 noel.keelan@cllr.monaghancoco.ie
	Padraig McNally (F.F.) Na Fearta, Carraig Mhachaire Rois Teil: (087) 2800784 padraig.mcnally@cllr.monaghancoco.ie		P.J. O'Hanlon (F.F.) Bóthar Bhaile na Lorgan, Carraig Mhachaire Rois Teil: (087) 2416954 pj.ohanlon@cllr.monaghancoco.ie

Airgeadas

Athluacháil Rátaí 2019

Cuid de chlár náisiúnta is ea an próiseas athluachála chun ráta luachála maoin na hÉireann idir thráchtála is tionsclaíoch a bhreith suas chun dáta. Tharla an próiseas cheana féin i roinnt contaethe le linn 2017. I 2019 déanfar an athluacháil i gContae Mhuineacháin agus roinnt contae eile. Síneofar Orduithe nua Luachála i Muineachán i ndiaidh comhairliúchán reachtúil idir an Coimisinéir Luachála, an tAire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil agus Comhairle Contae Mhuineacháin. Is í an aidhm atá leis seo ná cur le trédhearcacht agus cothromas sa chóras rátála rialtais áitiúil. Ina dhiaidh sin beidh gaol níos gaire agus níos buaine idir luach cíos bliantúil na n-áitreabh tráchtála mar atá agus a ndliteanas rátaí tráchtála. Ar son rátaí beidh feidhm leis an luacháil nua ón mbliain 2020 ar aghaidh.

Párolla agus Pinsin

Faoi láthair tá an Chomhairle ag ullmhú seirbhís i bpáirt do chúrsaí párolla agus pinsin. Béarfar an fheidhm pinsin isteach i seirbhís i bpáirt *My Pay*. Meastar go dtarlóidh an láithriú sa tarna ráithe 2019, tar éis uasdátú, deimhniú agus aistriú na sonraí pinsin ar fad.

An tAcht um Íoc Pras Cuntas

De réir an Acht um Íoc Pras Cuntas 1997 agus na Rialachán (Íocaíocht Déanach i nGnóthaí Tráchtála) Aontas Eorpaigh 2012 dírítear ar chosc a chur le híoc déanach i ngnóthaí tráchtála. Anois foráltar sa reachtaíocht agus sna Rialacháin go n-íocfar ús fíneála agus cúiteamh muna n-íoctar soláthróir ar son gnóthais tráchtála laistigh de thréimhse áirithe, de ghnáth laistigh de 30 lá. Ó 2011, laghdaíodh an tréimhse íocaíochta a bhaineann le ó 30 go 15 lá, cé nach mbaineann an t-ús fíneála ná an cúiteamh ach le híocaíochtaí nach ndéantar laistigh de 30 lá. Coimeádann Comhairle Contae Mhuineacháin cuntas in aghaidh na ráithe ar thréimhsí íocaíochtaí do sholáthróirí. Bíonn sonraí ráithe na gcuntas úd le feiceáil ar shuíomh idirlín na Comhairle.

Le linn 2018 rinne Comhairle Contae Mhuineacháin íocaíochtaí níos lú ná €1,000 maidir le cúiteamh agus ús a bhain le híocaíochtaí déanacha.

Bailiú Ioncaim

Is iad Bailitheoirí Ioncaim na Comhairle go príomha a bhíonn i dteagmháil go rialta le lucht íoctha rátaí tráchtála, cíosa agus blianachta na Comhairle is i gcásanna áirithe le lucht iasachtaí tithíochta. Tá tábhacht níos mó ná riamh anois le bailiú ioncaim is le bainistiú fiacha mar gheall ar chúrsaí eacnamaíochta a bheith mar atá faoi láthair. Bhí tionchar thar na bearta ag an gcúlú eacnamaíochta ach is maith is eol go mbíonn Údaráis Áitiúla go mór chun tosaigh ó thaobh tuiscint agus beartas de dóibh siúd a mbíonn riaráistí acu. Maidir le céatadán an-bheag de riaráistí rátaí tráchtála bhain an Chomhairle úsáid as áisínteacht seachtrach bhailithe fiacha. Le linn 2018 chuir Comhairle Contae Mhuineacháin an Tionscnamh Náisiúnta um Bhainistiú Fiacha i bhfeidhm ar Rátaí Tráchtála a bhailiú. Sa tionscnamh úd leagtar amach treoir don phlé le gach gné maidir le fiacha Rátaí. I 2018 i gComhairle Contae Mhuineacháin méadaíodh ar an gcéatadán rátaí bailithe ó 85% go 88%.

DRAFT

Seirbhísí Corparáideacha

Tacaíonn Seirbhísí Corparáideacha leis an mBainistíocht Shinsearach, An Cathaoirleach agus na Baill Tofa. Táthar freagrach freisin as Cruinnithe míosúla Comhairle, Cruinnithe Grúpa Polasaí Corparáideach, Cruinnithe Coistí Polasaí Straitéiseach agus Cruinnithe an Chomhcoiste Póilíneachta. Is í an roinn seo freisin a chuireann le chéile an Plean Corparáideach, an Tuarascáil Bhliantúil, an Plean Bliantúil Soláthar Seirbhísí agus athbhreithniú ar an gClár Riosca.

Anuas air sin déanann Seirbhísí Corparáideacha comhordú ar Tháscairí Seirbhíse bliantúla NOAC don Chomhairle agus pléann le reachtaíocht um Shaoráil Faisnéise, Cosaint Sonraí agus Rochtain Eolais Comhshaoil.

Clár na dToghthóirí

Cuirtear Clár na dToghthóirí le chéile in aghaidh na bliana lena chinntiú gur féidir leis an bpobal a gcearta daonlathach chun vótail a chur i bhfeidhm in aon toghchán/reifreann a tharlaíonn le linn na bliana. Déantar an obair i bpáirt le Bailitheoirí Ioncaim na Comhairle a oibríonn lasmuigh, iad ag fiosrú nuair is gá lena chinntiú gur doiciméad cruinn a bhíonn ann. Féadfaidh éinne an clár a sheiceáil ag www.checktheregister.ie

Saoráil Faisnéise

Faoin Acht um Shaoráil Faisnéise 2014 féadfaidh an pobal teacht go dlíthiúil ar thaifeadaí an údaráis áitiúil. Fuarthas **94** iarratas le linn 2018, ó na meáin, ón Oireachtas agus an pobal mór.

Nochtadh Cosanta

Níor tharla aon nochtadh cosanta i 2018.

Nascadh Bailte

Tá Comhairle Contae Mhuineacháin nasctha go hoifigiúil leis na ceantair seo a leanas:-

- *Geel* na Beilge (tá nasc freisin idir an áit sin agus Tigh Damhnata i dtuaisceart Chontae Mhuineacháin)
- Oileán *Prince Edward*, Ceanada
- *Peterboro,* Canada
- *Miramichi,* Canada
- *Cavan-Millbrook-North Monaghan,*Ceanada

Alytus, An Liotuáin

Ar an 6 Iúil 2018, bunaíodh 'Meamram Cairdis' idir Comhairle Contae Mhuineacháin agus *Alytus* na Liotuáine, é sínithe ag Méara *Alytus*, *Vytautas Grigaravicius* agus Cathaoirleach Comhairle Contae Mhuineacháin. Tharla an síniú i Músaem Chontae Mhuineacháin ag ócáid comórtha Céad Bliain ó Athbhunaíodh Stát na Liotuáine. Tá sé mar chuspóir sa Mheamram Cairdis go scrúdóidh an dá cheantar na réimsí comónta spéise atá acu i dtreo comhoibriú amach anseo; go neartaítear na naisc atá cheana féin eatarthu is go gcuirtear leis an ngaol cairdis idir an dá dhream.

Go deireanach mí na Samhna d'imigh toscaireacht ón gComhairle ar a raibh an Cathaoirleach, baill an Choiste Nasctha agus an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha go *Alytus* chun an Meamram Cairdis a chur chun cinn. Tugadh cuairt ar láithreacha éagsúla in *Alytus* mar a mbuaileadh le Méara agus Leas-Mhéara Bhardas Cathrach *Alytus.*

Miramichi, Ceanada

Mí Iúil d'imigh Comh David Maxwell, Cathaoirleach, Comh Sean Conlon agus Patricia Monahan Uas., Stiúrthóir Seirbhísí go *Miramichi* chun freastal ar Fhéile Bhliantúil na hÉireann a bhíonn ansiúd acu. Tugadh cuairt ar Chomhairle Cathrach *Miramichi* mar a mbuaileadh leis an Méara agus oifigí na Comhairle. Gheall Méara *Miramichi* teacht go hÉirinn le linn 2019.

DRAFT

Oileán *Prince Edward*

Mí Bealtaine 2018 thug Comh Cathy Bennett, Cathaoirleach agus an tUas. Eamonn O'Sullivan, Príomhfheidhmeannach cuairt ar Oileán *Prince Edward* don cheiliúradh Bliantúil Lá na Lonnaitheoirí. D'fhreastail siad ar ócáidí éagsúla, bhuail siad le hoifigigh ó Chomhairle Cathrach *Charlottetown* agus athbhunaíodh naisc leis an nGrúpa Sliocht na hÉireann i *Fort Augustus.*

Iniúchadh Inmheánach

Mar chuid de shocruithe dea-rialachais, tá Aonad Iniúchadh Inmheánach ag Comhairle Contae Muineacháin. Cuireann sé sin le feabhas ar chórais rialaithe, cleachtais, ardleibhéil freagarthacht agus muinín sna próisis. Tugtar leibhéal áirithe cinntiú don Chomhairle, don Mheitheal Bainistíochta agus an Coiste Iniúchtha.

Cruinnithe i 2018

Ag seo achoimre ar na cruinnithe a tharla i 2018

Cruinnithe Comhairle (san áireamh AGM, cruinniú Buiséid & 2 Chruinniú Speisialta):	15
Grúpa Polasaí Corparáideach:	14
Ceantar Bardasach Mhuineacháin:	11
Ceantar Bardasach Baile na Lorgan	11
Ceantar Bardasach Béal Átha Beithe-Cluain Eois	11
Comhchoiste Póilíneachta:	3
Coiste Forbairt Pobail Áitiúil (LCDC)	11
Meitheal Coisctheacht Coiriúlachta:	3
Meitheal Póilíneachta:	3
SPC – Forbairt Shóisialta, Cultúrtha & Pobail:	3
SPC – Forbairt Eacnamaíoch & Tacú le Fiontar:	4
SPC – Tithíocht, Dóiteán agus Cosaint Shibhialta:	5
SPC – Iompar & Comhshaol:	3
Coiste Gaeilge:	2
Coiste Nasctha:	3
Coiste Iniúchta:	5

Córas cruinnithe *Minutepad*

I ndiaidh tionscnamh píolótach ag Meitheal Bainistíochta na Comhairle agus an grúpa Polasaí Corparáideach i 2017, tugadh córas bogearraí gan pháipéar do chruinnithe *'Minutepad'* do na baill tofa. Tugadh *iPad* do gach ball ar a raibh rochtain r-phost, cláir agus gach doiciméad riachtanach do chruinnithe Comhairle. Tar éis oiliúint ar úsáid na mbogearraí agus tréimhse aistrithe cúpla mí chun teacht isteacha ar an gcóras nua, d'aontaigh na baill crunnithe a reachtáil trí na *iPad* ó Dheireadh Fómhair 2018.

Spáráladh an-chuid airgid trín dtionscnamh úd. Spáráladh costais mar pháipéar, priontáil, postas agus pacáistí cruinnithe a chur de láimh. Is fíor, áfach, maidir le héifeacht gur laghdaíodh go mór an t-am a chaitear ar phacáistí cruinnithe a chruthú leis na lámha, iad a chur le chéile agus a scaipeadh. Spáráltar am freisin maidir le miontuairiscí a scríobh agus plé le ceisteanna faoi chruinnithe atá le teacht nó a tharla cheana féin.

Bhí buntáiste ag na Comhairleoirí ó thaobh oibriú de is iad ag teacht isteach go maith ar an dteicneolaíocht le himeacht aimsire. Feasta ní bheidh gá le cóipeanna pacáistí cláir/cruinnithe mar féadfar iad a lorg ar an bhfearas. Beifear in ann freisin goireas cuardach a úsáid chun teacht go pras ar eolas a bheadh ag teastáil do chruinnithe.

Fuarthas aiseolas thar a bheith dearfach ó na Comhairleoirí.

Rialacháin Ghinearálta um Chosaint Sonraí (GDPR)

Tá na Rialacháin Ghinearálta um Chosaint Sonraí (GDPR) i bhfeidhm ón 25 Bealtaine, 2018 is iad anois ann in ionad an chreat um chosaint sonraí a bhíodh cheana féin ann. Faoin GDPR tá béim ar thrédhearcacht, slándáil, agus freagarthacht ag stiúrthóirí sonraí agus san am gcéanna baineann caighdeáin agus neartú le ceart an tsaoránaigh Eorpach ar phríobháideachas maidir le sonraí. Chun an Acht um Chosaint Sonraí 1988 – 2018 (leasú) agus an Rialachán Ginearálta Cosaint Sonraí (GDPR) is í Comhairle Contae Mhuineacháin an Stiúrthóir Sonraí.
Chun díriú ar réimse seirbhísí éifeachtúil a

DRAFT

fhreagróidh do riachtanais na saoránach, pobal agus gnóthaí ar fud an chontae, bailíonn Comhairle Contae Mhuineacháin saghsanna áirithe eolais faoi dhaoine is eagraíochtaí agus baintear leas astu. Faightear riar maith 'sonraí pearsanta' agus 'sonraí leochaileacha pearsanta' i mórán formád éagsúla in aghaidh an lae. Táimid tiomanta dona chinntiú mar a leanas maidir le sonraí pearsanta. Ní mór:

- Sonraí a fháil go dleathach is go cothrom trédhearcach
- Sonraí a bhailiú ar son cúiseanna áirithe, soiléir agus dleathach
- Ní choimeádtar ach pé sonraí a bhíonn cuí agus teoranta do riachtanais an réasún a bhíonn lena fháil an chéad uair
- Déantar taifeadadh agus stóráil cruinn, coimeádtar na sonraí suas chun dáta más gá san
- Ní choimeádtar sonraí níos faide ná mar a bhíonn gá leo, léirítear iad i bhfoirm a ligeann d'ábhar na sonraí a aithint
- Déantar próiseas ar shonraí ar bhealach a chintíonn slándáil chuí na sonraí pearsanta, san áireamh beidh cosaint in aghaidh próiseas na sonraí gan údarás nó go mídhleathach.

I 2018 rinne Comhairle Contae Mhuineacháin uasdátú ar a fógra príobháideachais chun tiomantas daingean a léiriú do phríobháideachas an duine aonair ag plé leis an gComhairle agus lena chinntiú go mbeidh sonraí pearsanta slán sábháilte. Tá gá leis an bhfógra seo chun déileáil le dualgais na Comhairle faoi Airteagail 13 agus 14 den GDPR agus tá sé ar fáil ar shuíomh idirlín na Comhairle.

Sócmhainní Corparáideacha

Tionscnaimh Chaipitiúla

Stiúraíonn an Roinn Sócmhainní Corparáideacha tionscnaimhh chaipitiúla a sholáthar mar a aithnítear sa chlár caipitiúil trí bliana agus i bpáirt le ranna eile na Comhairle. Bíonn cur chuige leanúnach ag an roinn maidir le tionscnaimh a fháil, a bhainistiú agus a sholáthar ar fud na heagraíochta de réir an Chód an Chaiteachais Phoiblí agus na struchtúir nuabhunaithe a rug margadh maith isteach san eagraíocht le blianta beaga anuas.

Cód an Chaiteachais Phoiblí – Ní mór do chomhlachtaí poiblí a bheith cúramach le cistí poiblí lena chinntiú go bhfaightear an margadh is fearr i gcónaí. Leanann an Chomhairle na prionsabail atá i gCód an Chaiteachais Phoiblí is iad mar rialacha agus deachleachtais a chinntíonn caighdeáin chuí, ionracas agus trédhearcacht.

Cur chuige is ea an Creat um Bhainistiú Oibreacha Capitiúla (CWMF) a úsáidtear don bhfáil. Sa chreat seo tá treoir deachleachtais, conarthaí caighdeánacha agus doiciméid ghinearálta fíoraí mar cheithre crann a thacaíonn leis an gCreat.

<u>Gnímh Lárnacha</u>

Campas SÍOCHÁIN Mhuineacháin – Fuarthas maoiniú mí an Nollag 2018, sonraí deartha déanta le dhul ar aghaidh chuig tairiscint agus tógáil i 2019.

Athchóiriú ar Oifig ag 1 Sráid Bhaile Átha Cliath – Athfhorbairt ar sheanfhoirgneamh halla an bhaile mar oifigí nua-aimseartha. Fuarthas conraitheoir i 2018 agus cuireadh tús leis an dtógáil mí na Samhna 2018. Tá sé i gceist go mbogfaidh an Roinn Pleanála isteach sa bhfoirgneamh nua I Ráithe 3 2019.

Teach Geata Chaisleán Hope Uimh. 2 – Athfhorbairt mar bhrainse nua Leabharlainne. Ceapadh an meitheal deartha & dul chun cinn trí Chuid 8 agus dearadh sonraithe i 2018.

DRAFT

Teach na Cúirte, Cúil Darach, Ionad Ealaíon – Athfhorbairt i gcomhar le hIonad *Tyrone Guthrie*. Pleanáil Cuid 8 le críochnú i 2018 agus ar aghaidh chuig dearadh sonraithe a chríochnú i 2019.

Áras Cathartha Chluain Eois, Teach an Mhargaidh mar a bhí – Tógail ar bun i 2018. Aistríodh CB Cluain Eois-Béal Átha Beithe ann i 2018.

Oifig Poist Cluain Eois (Ionad Ealaíon) – Athfhorbairt mar Ionad Ealaíon. Ceapadh meitheal deartha, ceadaíodh Cuid 8, tosaíodh ar thógáil i 2018, le críochnú i 2019.

Ceannáras nua Cosaint Shibhialta – Ceapadh meitheal deartha chun an dearadh a chríochnú i 2018, tairiscint chonraitheora go deireanach i 2018, ar aghaidh go tógáil i 2019.

Stáisiún Dóiteáin Bhaile na Lorgan – Dearadh sonraithe agus tairiscint tógála go deireanach i 2018, ar aghaidh go tógáil i 2019.

Bíonn an Chomhairle gníomhach i gcónaí ag dul siar ar a gcúram maoine i dtreo deiseanna oibrithe athchóirithe ar fhoirgnimh atá in úsáid agus ag lorg deiseanna maoinithe chun seanfhoirgnimh a chaomhnú agus a bhreith ar ais lena n-úsáid.

Bainistiú Sócmhainní Maoine

Riarann agus comhordaíonn an Roinn Sócmhainní Corparáideacha punann maoin áitreabh na Comhairle agus iad freagrach as na cuspóirí straitéiseacha mar a leanas:

Gnímh Lárnacha

- Liosta sonraithe maoin a choimeád is a uasdátú
- Páirtíocht sa chlár náisiúnta um bhainistiú sócmhainní
- Ceannach, díol, léas nó aistriú gach maoin a chomhordú
- Seirbhísí uisce a éascú maidir le haistriú maoine go hUisce Éireann
- Córas TE a fháil don Bhainistiú Sócmhainní Maoine
- Deiseanna a lorg chun plé le foirgnimh agus maoin thréigthe

Ó Nollaig 2018, tá 56 foirgneamh agus 1, 711 stráicí talún ag Comhairle Contae Mhuineacháin sa Chlár Leas Maoine, 1,160 heactáir ar fud an chontae ar an iomlán. Mínítear na sonraí maoine anso thíos.

Líon na Sócmhainní de réir Cineáil

Cineál Sócmhainne	Líon
TITHÍOCHHT	698
BÓITHRE	625
CONLÁISTE	130
SEIRBHÍSÍ UISCE	72
FOIRGNEAMH ÚÁ	65
CARRCHLÓS	54
EILE	40
FOIRGNEAMH CAMPAS ÚA	11
ILCHINEÁLACH	7
OIDHREACHT	5
CAIRÉAL	1
REILIG	1
IONAD ATHCHÚRSÁLA	1
CLÓS SÚGARTHA	1
	1711

Oibríonn an Chomhairle go dlúth leis an nGréasán Náisiúnta Bainistiú Sócmhainní chun córais agus cleachtais nua-aimseartha a bhunú lena chinntiú go riartar an mhaoin ar fad mar is cóir ar bhonn proifisiúnta, éifeachtach agus tíosach. Bíonn Maoin Corparáideach ag obair le tamall ar an aistriú sócmhainní uisce go hUisce Éireann.

Tharla saothar suntasach i 2018 chun an córas bainistiú maoine a fhorbairt; san áireamh bhí córas nua TE um bhainistiú sócmhainní a ligfeadh do bhainistiú éifeachtach sócmhainní maoine na Comhairle.

DRAFT

Bíonn an Chomhairle i gcónaí gníomhach ag dul siar ar a gcúram maoine i dtreo deiseanna oibrithe athchóirithe ar fhoirgnimh atá in úsáid agus ag lorg deiseanna maoinithe chun seanfhoirgnimh a chaomhnú agus a bhreith ar ais lena n-úsáid.

Bainistiú Áiseanna

Díríonn Bainistiú Aiseanna ar na seirbhísí áiseanna i bhfoirgnimh chorparáideacha a sholáthar don deachleachtas, ardchaigdeáin agus éifeachtúlacht mar is cuí. Feidhm lárnach is ea straitéis bhainistíocht na heagraíochta a fhorbairt is a chur ar bhonn nua-aimseartha. Feidhm lárnach freisin acu is ea a chinntiú go mbíonn foirgnimh chorparáideacha sásúil maidir le bail agus oiriúnacht do chustaiméirí agus foireann araon. Baintear an sprioc seo amach trí áiseanna agus tionscnaimh uasghrádaithe a aithint.

Gnímh Lárnacha:

- An leas is fearr a bhaint as gach maoin
- Bainistiu áiseanna foirgnimh na Comhairle a chomhordú
- Bainistiú éifeachtach Áiseanna i bhFoirgnimh na Comhairle
- Áiseanna oiriúnach agus éifeachtúil a lorg chun seirbhísí na Comhairle a sholáthar
- Tairiscintí a lorg do chonradh nua bainistíochta d'Ionad Fóillíochta Mhuineacháin
- Athbhreithniú ar na háiseanna oifige atá againn agus plean trí bliana a ullmhú d'áiseanna oifig a chinnteoidh soláthar éifeachtach seirbhísí

Iarrann Bainistiú Áiseanna ar an leas is fearr a bhaint as sócmhainní maoine na Comhairle mar chuid den bhainistíocht éifeachtach áiseanna trí chur chuige sruthlíneach comónta maidir le cothabháil foirgnimh na Comhairle. Déantar athbhreithniú rialta ar áiseanna oifige agus foirgnimh eile agus socraítear cláir chothabhála, uasghrádú feidhmiú fuinnimh agus úsáid.

Tá roinnt comhchonarthaí i bhfeidhm ag an gComhairle leis an OGP chun áiseanna a oibriú, mar ghás agus leictreachas, ar an gcuma san ligfear do chur chuige comhordaithe don riaradh forigníochta agus cinnteofar margadh maith.

Le linn na bliana 2018 críochnaíodh roinnt tionscnamh uasghrádaithe.

- Gineadóir tacaíochta ag Ceannáras na Comhairle do Leanúnachas Seirbhísí
- Uasghrádú ar an gcoire i gCeannáras an Ghleanna
- Uasghrádú ar shreangú i gCeannáras an Ghleanna
- Athfhíorú ar fhoirgneamh Mótarchánach chun cur le háiseanna oifige
- Bearta S&S i gCeannáras an Ghleanna
- Soilsiú nua LED i Stáisiún Dóiteáin Mhuineacháin

Ionad Fóillíochta Mhuineacháin

I 2018 cheap Comhairle Contae Mhuineacháin *Coral Leisure Ltd* chun Ionad Fóillíochta Mhuineacháin a bhainistiú tar éis próiseas fála ar cuireadh suim mhór ann.

Tá *Coral Leisure* i mbun na háise ón mbliain 2006 is iad ar phríomhsholáthróirí na hÉireann – tá naoi gcinn d'áiseanna faoi úinéireacht phoiblí faoina stiúir.

I 2018, taifeadadh 184,000 cuairt phearsanta agus breis is 900 ball.

Maidir le gníomhaíochtaí tá láthair ann ag 85 club, scoil, grúpa pobail agus clár, forbraíodh an-chuid díobh siúd i gcomhoibriú le hOifig Páirtíocht Spóirt Mhuineacháin. Éascaíodh 54 ócáid pobail i rith na bliana.

Faoin gcomhaontú oibríonn an dá pháirtí i dteannta a chéile chun leathnú na seirbhísí agus infheistíocht leanúnach a chinntiú. Ligeann an comhaontú do *Coral Leisure* Teo pleanáil agus cláir a fhorbairt sa bhfadtéarma chun teacht le cuspóirí na comhairle mar a leanas:

"Treoir a thabhairt don mhéadú ar rannpháirtíocht spóirt agus gníomhaíochtaí

fisiciúla i measc gach aon chuid de phobal an chontae." *Plean Corparáideach Comhairle Contae Mhuineacháin 2015 – 2019*

Faoin gcomhaontú tomhaistear an fheidhmíocht trí mhórán táscairí lárnacha feidhmíochta (KPI) chun bearta airgeadais a shárú agus díriu ar réimsí mar Ghéilliúlacht, Caomhnú Fuinnimhh agus Seirbhís don Chustaiméir

An Coiste Ionad Fóillíochta

Is é an Coiste Ionad Fóilliochta ar a bhfuil ceathrar ball tofa a mhaoirsíonn gníomhaíochtaí an ionaid. I 2018 bhí trí chruinniú ag an gcoiste leis an oibritheoir. Faightear comhairle ón nGrúpa Comhairle Úsáideoirí ina bhfuil ionadaithe clubanna agus eagraíochtaí éagsúla.

Maoiniú Caipitiúil Spóirt

Chuaigh Comhairle Contae Mhuineacháin i gcomhar le Club Spóirt Sliabh Beatha chun maoiniú a fháil do chlár scóir agus córas tomhas ama ar chaighdeán comórtas a chur isteach san ionad.

Dá bharr san bhíothas in ann fáiltiú roimh chomórtais náisiúnta snámh. Mí Eanáir 2018, bhí 100 iomaitheoir páirteach i mórthaispeántas snámh agus chuid acu tagtha ó Chorcaigh agus Béal Feirste.

Feidhmiú Fuinnimh

Faoi reachtaíocht Náisiúnta agus AE caithfidh comhlachtaí poiblí, Comhairle Contae Mhuineacháin san áireamh, laghdú 33% ar fheidhmiú fuinnimh a bhaint amach faoin mbliain 2020. Seolann gach comhlacht cuntas ar an úsáid bhliantúil fuinnimh chuig an SEAI ar son monatóireacht, tuairisciú agus deimnhiú neamhspleách.

I 2018 d'oibrigh an Meitheal Fuinnimh ar ábhair éagsúla is iad ag bailiú agus ag déanamh monatóireacht ar úsáid na Comhairle, bunaíodh córais, cleachtais agus gníomhartha chun laghdú fuinneamh a bhaint amach i dtreo sprioc 2020.

<u>Gnímh Lárnacha</u>

- Tionscnaimh um spáráil fuinnimh a chur chun cinn agus páirtmhaoiniú a chinntiú trín scéim SEAI BEC d'áiseanna Comhairle
- Dul chun cinn ar uasghrádú Soilsiú Poiblí go soilse éifeachtach fuinnimh LED
- Leanann an Chomhairle de threoir agus dea-shampla a thabhairt sa bhfeidhmiú fuinnimh agus é a mhéadú.
- Beireann an córas SEAI *EnergyMAP* dreach struchtúrtha chuig bainistiú fuinnimh. Ar na céimeanna lárnacha tá Polasaí nua Fuinnimh, Iniúchtaí Fuinnimh, Úsáideoirí Suntasach Funnimh a aithint, Clár Deiseanna a choimeád, Plean Gníomh Fuinnimh a ullmhú.
- Oibríonn an Meitheal Fuinnimh le lucht úsáidte fuinnimh ar fud na Comhairle chun an úsáid iomlán a bhailiú, a thaifeadadh agus a sheoladh ar aghaidh chuig an SEAI.
- Lorgaítear deiseanna maoinithe agus iarrtar ar thionscnaimh um fheidhmiú fuinnimh a chur i gcrích mar chabhair don Chomhairle ina gcuid cuspóirí straitéiseacha.

Déanann an Roinn Sócmhainní Corparáideacha taifead agus monatóireacht ar an bhfeidhmiú fuinnimh sa Chomhairle ar bhonn bliantúil agus seoltar na torthaí chuig an SEAI don mhonatóireacht. Baintear leas as an eolas chun Úsáideoirí Suntasach Fuinnimh (SEU) laistigh den eagraíocht a aithint agus dírítear orthusan i dtreo an fheidhmiú funnimh a laghdú.

Dhírigh na tionscnaimh le bliain anuas agus isteach i 2019 ar fhoirgnimh na Comhairle agus Soilsiú Poiblí. D'oibrigh an Chomhairle go dlúth lenár bpáirtithe fuinnimh REIL chun feidhmiú fuinnimh a laghdú i bhfoirgnimh na Comhairle agus chun maoiniú chuige sin a fháil trí scéim Pobal Feabhas Funnimh (BEC) an SEAI.

Feidhmiú Fuinnimh i dtreo 2020

Tuairiscíonn an chomhairle caitheamh fuinnimh don bhliain a bhíonn caite in earrach na bliana. Críochnófar an tuairisciú chuig SEAI ar úsáid le linn 2018 mí Bealtaine 2019.

DRAFT

D'fheabhsaigh an Chomhairle feidhmiú fuinnimh faoi 26.9% idir 2009 agus 2017 (tuarascáil bhliantúil SEAI) agus iad anois go maith chun tosaigh ag iarraidh an sprioc 33% don bhliain 2020 a bhaint amach. Iarrann an plean gníomh don bhliain 2018 tuilleadh spáráil fuinnimh mar 3.5% chun an sprioc a shárú..

Gnímh Lárnacha

- An Scéim (BEC) Pobal Feabhas Funnimh
- Maoiniú Caipitiúil chun soilsí sráide a uasghrádú ar Bhealaí Tánaisteacha
- Maoiniú ó TII chun soilsí sráide a uasghrádú ar phríomhbhealaí Náisiúnta

Soilsiú Sráide Poiblí

Clúdaítear uasghrádú na Soilse Poiblí ar fad atá sa chontae laistigh den gclár oibreacha caipitiúla agus tá sé seo mar chuspóir straitéiseach ag an gComhairle. Clár ilbhliana é seo atá ceaptha le críochnú sa bhliain 2020. Béarfar isteach soilsiú nua-aimseartha agus feabhsófar cáilíocht an tsoilsithe, rud a laghdóidh an éileamh fuinnimh san am gcéanna.

I 2017 lean Comhairle Contae Mhuineacháin den Bhainistiú Sócmhainní a fheidhmiú maidir leis an soilsiú sráide sa chontae. Tá feachtas náisiúnta um shoilse LED ar bun freisin chun cur go mór le feidhmiú fuinnimh agus tá Comhairle Contae Mhuineacháin tar éis oibriú le comhlachtaí Náisiúnta chun na hathruithe a chur i gcrích.

Caitheann an Chomhairle 34% den bhfigiúr iomlán fuinnimh ar shoilsiú poiblí. Dá bhrí sin tá sé tabhachtach maidir le laghdú go dtí an sprioc 33% Feidhmiú Fuinnimh. Tá codanna móra den chóras soilsithe ró-shean agus ní dhearfar a leithéid arís nuair a bheidh cinn nua ag teastáil. Tosaíodh ar roinnt tionscadail agus cuid díobh déanta cheana féin i 2018

Gnímh Lárnacha

- Maoiniú TII a fháil don uasghrádú soilsí go LED ar bhealaí náisúnta
- Uasghrádú go soilsí LED ar bhealaí neamhnáisiúnta
- Tairiscintí a lorg do theagmháil nua soilsiú poiblí i gcomhar le Comhairlí Contae Lú agus an Chabháin
- Is córas bunaithe ar léarscáileanna Google é www.deadsureapp.com a ligeann don phobal lochtanna a thuairisciú go díreach agus ní bhíonn ró-mhoill ar na deisiúcháin

Report a faulty street light
www.deadsureapp.com

- Tharla suirbhéanna sonraithe ar shócmhainní soilsithe de réir treoracha Náisiúnta chun liosta iomlán a bhunú
- Tugadh tús áite do shoilse a bhí loctach le tamall is a raibh deacrachtaí rochtain ag baint leo a bhreith ar ais mar ba chóir
- Obair i dteannta an Roinn Phleanála chun eastáit tithíochta a ghlacadh mar mhuirear agus a aistriú isteach i gconarthaí cothabhála agus fuinnimh na Comhairle. Méadaíonn sé seo costais fuinnimh is cothabhála na Comhairle agus an lorg carbóin.

Faoi láthair tá conradh ag Comhairle Contae Mhuineacháin le *Airtricity Utility Solutions* do chothabháil an stoc soilsiú poiblí. Mhéadaigh líon iomlán na soilse poiblí faoi chonradh go 5 642 ag deireadh 2018. Sin toisc na soilsí ar glacadh leo ó fhorbairtí nua tithíochta a bheith á mbreith isteach faoi chonradh.

DRAFT

Córais Eolais

Tá an roinn Córasi Eolais (I.S.) freagrach as seirbhísí TEC a sholáthar mar thaca agus cúnamh don soláthar seirbhísí ag Comhairle Contae Mhuineacháin.

Bhí an roinn seo I.S. an-ghnóthach le linn 2018. Críochnaíodh an-chuid mórthionscnamh mar Ghineadóir agus UPS i gCeannáras an Ghleanna, bonneagar nua don Riarthóir/SAN faoi chóras nua-aimseartha forchomhchruinnithe, córas nua teileafón IP chomh maith le *Office* 365 a thabhairt don bhFoireann is do na Comhairleoirí.

Bonneagar agus Slándáil an Ghréasáin

Tá an roinn I.S. freagrach as bonneagar gréasán na Comhairle agus fáil is slándáil na gcóras TEC a chinntiú.

In 2017, rinne LGMA cinneadh straitéiseach tarraingt as oibríochtaí TE, rud a chuimsigh Foraois Eolaí Gníomhach Náisiúnta a dhúnadh. Cuid den bhForaois ab ea Comhairle Contae Mhuineacháin agus chuaigh sé sin i bhfeidhm ar na córais agus seirbhísí I.S. In 2018, úsáideadh acmhainní suntasach chun Foraois nua áitiúil Eolaí Gníomhach a bhunú mar a gcuireadh isteach sa chomhshaol nua seo na cuntais úsáideora ar fad, na fearais, córais agus seirbhísí.

In 2018, chuir an roinn I.S. ceangail ardluais gréasáin gigighiotán i naoi gcinn d'fhoirgnimh sa chontae; Ceannáras an Ghleanna, An Stáisiún Dóiteáin, Mtek1, Mtek2, Leabharlann Brainse Mhuineacháin, an Oifig Mhótarchánach, Ceannáras Leabharlann Chluain Eois, Teach an Mhargaidh Cluain Eois agus Oifigí Charraig Mhachaire Rois. Ar an gcuma san fuair úsáideoirí rochtain níos gasta ar shonraí agus seirbhísí idirlín.

Tugann foireann I.S. cúnamh maidir le bonneagar TE agus cumarsáide do na foirgnimh nua agus tionscnaimh athchóirithe, san áireamh tá Teach an Mhargaidh Cluain Eois a athosclaíodh i 2018.

Cuireann Comhairle Contae Mhuineacháin *Wi-Fi* ar fáil i mbailte móra an chontae. I 2018, chuir *Magnet Networks* isteach é i mBaile Mhuineacháin, rud a shínigh an gréasán fá Shráid Bhaile Átha Cliath agus Sráid Glas Locha.

Leanann an roinn I.S. le tacú leis an Leabhrlann um thionscadail agus teicneolaíocht digiteach a sholáthar ar bhonn céimneach. Clúdaítear seirbhísí *Wi-Fi* agus rogha taibléid nó ríomhairí glúine a fháil ar iasacht ón leabharlann. Tá na hullmhúcháin anois déanta chun an chéad Leabharlann Oscailte a fheidhmiú do Mhuineachán go luath i 2019.

Tharla Iniúchadh Slándála deireadh 2017 chun rioscaí agus laigí slándáil a aithint agus gnímh nó rialacháin a mholadh mar sciath cosanta ina n-aghaidh siúd. Sa tuairisc úd aithníodh 22 riosca. Cuireadh na moltaí ar fad i bhfeidhm agus síníodh iad i 2018.

Tharla soláthar céimneach ar Fhrithvíreas bunaithe ar néalta agus leathnaíodh slándáil bhreise mar bhac ar bhogearraí aeracha a bhí mar bhagairt ollmhór i 2018 tar éis eachtraí *WannaCry* i 2017.

Ceist mhór leanúnach is ea slándáil i gcónaí agus bíonn dúshlán romhainn sinn a chosaint ó bhagairtí nua a thagann chun cinn. Bíonn tús áite i gcónaí ag cúrsaí slándála ar chlár oibre Comhairle Contae Mhuineacháin.

Feidhmchláir Ghnó agus Bunachair Sonraí a Riaradh

Tá an roinn I.S. freagrach as feidhmchláir bhogearraí a fhreagróidh do riachtanais na heagraíochta a fháil, a fhorbairt is tacú leo, chomh maith le teicneolaíochtaí bunúsacha mar chórais bhunachair Riarthóra Microsoft SQL a chothabháil is a uasghrádú. Ar na córais lárnach a thacaítear leo tá Córas Bainistiú Airgeadais, *iPlan, iReg, iHouse,* agus Córas Bainistiú Ábhar Fiontair (ECM) *Laserfiche.*

Mar chuid den chlaochló, tá rún ag Comhairle Contae Mhuineacháin sruthlíniú agus uathoibroiú a chur i bhfeidhm sna próisis inmheánach agus fáil réidh le páipéar sa chóras. In 2018 d'fheidhmigh an roinn I.S. *Laserfiche* ECM i líon áirithe réimsí gnó mar Iniúchadh

DRAFT

Inmheánach, Dliteanas & Árachas Poiblí agus Rátaí. Tosaíodh freisin ar Dhoras Gréasán Poiblí a bheidh beo i 2019. Beidh cartlanna stairiúla ó Chogadh na Saoirse ar fáil trín Doras Músaeim agus doiciméid um iarratais phleanála trín Doras Pleanála.

I 2018, d'éascaigh an roinn I.S. Córas nua Bainistiú Fiacha agus Córas nua Láimhe Ioncaim. Feidhmíodh freisin áiseanna chun fíneáil madraí agus bruscair a íoc maraon le feidhmchláir trínar féidir le custaiméirí teacht ar ráitis chíos agus rátaí le híoslódáil. Beidh teacht ar na feidhmchláir úd i 2019 agus dá bharr san feabhsófar seirbhís chustaiméara, éifeachtúlacht riaracháin agus cuirfear le sprioc na Comhairle deireadh a chur le páipéar san oifig.

Mar chúnamh don Chomhairle maidir le bainistiú riosca bhunaigh an roinn I.S. Córas nua Clár Riosca ar líne. Sin in ionad bheith ag brath ar scarbhileoga agus beifear in féachaint ar Rioscaí, Rialacháin agus Gnímh.





Clár Riosca ar Líne

Córais Eolais Geografaíochta (GIS)

Baineadh leas as an Aip Eachtraí Bóthair agus Airdeall Mhuineacháin i 2018 chun eolas a scaipeadh ar shaoránaigh faoi chrainn leagtha agus bóíthre dúnta le linn na Stoirmeacha *Ali, Bronagh* agus *Callum*. Bhí radharc ar fáil freisin ar léarscáil phoiblí.

Ina dteannta san forbraíodh Painéal um Bhainistiú Eachtraí Bóthair mar chúnamh éifeachtach do chinntí a dhéanamh.

Bóithre Dúnta le linn Stoirm *Ali*

Tharla mórán feachtas ar *Facebook* i 2018 agus bhíothas i láthair ag Blas Mhuineacháin, bearta a chuir in iúl do shaoránaigh gurbh fhiú go mór clárú le hAirdeall Mhuineacháin.

Airdeall Mhuineacháin 2018

Feidhmíodh Córas Bainistiú Sócmhainní Maoine a léiríonn go geografaíoch liosta maoine Chomhairle Contae Mhuineacháin. Tá an córas ceangailte le Córais Bainistiú Sócmhainní Airgeadais Agresso.

Trí theicneolaíocht mhóíbíleach, forbraíodh tionscnamh Dóiteán agus Seirbhísí uisce chun measúnú híodraint ar fud an chontae a éascú is chun a chinntiú go mbíonn siad ag feidhmiú mar is cóir. Forbraíodh freisin Painéal um Bhainistiú Eolas ar Híodraint mar áis amhairc don bhfoireann a bhíonn freagrach as na híodraint a bhainistiú.

Chabhraigh an fhoireann GIS freisin le léarscáilíocht a fhorbairt is a sholáthar do Chéim 2 de Dhréachtphlean Forbartha Chontae Mhuineacháin 2019-2025.

DRAFT

An Deasc Seirbhíse I.S.

Feidhm lárnach ag an roinn I.S. is ea tacaíocht ardchaighdeáin teicniúil a sholáthar don bhFoireann, Baill Tofa agus Saoránaigh. I 2018 tháinig méadú thart ar 20% ó 2017 ar líon na nglaonna faighte.

Staitisticí Glaonna	2018	2017	2016
Iomlán Logáil Glaonna	4092	3458	2071
Glaonna Míosa ar an Meán	341	288	173
Glaonna Laethúla ar an Meán	16	14	8
Réiteach laistigh de 24 huaire	51%	50%	69%

Statisticí ón Deasc Seirbhíse

Tionscadail Seirbhísí i bPáirt

Éirionn leis an roinn I.S. saothar agus airgead a spáráil trí oibriú le húdaráis áitiúla eile ar réimsí comónta mar fhorbairt polasaí, oiliúint foirne agus cúrsaí fála. I 2018 bunaíodh grúpa stiúrtha nua TEC chun rialáil agus maoirsiú a sholáthar thar an réigiún Muineachán, An Cabhán, Lú, Liatroim agus Longfort. Mar bhaill den ghrúpa tá Ceannairí I.S. agus Stiúrthóirí Seirbhísí ó chodanna éagsúla gnó na n-údarás atá pairteach ann. Is é Eamonn O'Sullivan, Príomhfheidhmeannach Comhairle Contae Mhuineacháin, an Cathaoirleach.

Mar fhreagra ar an dtreoir AE faoi e-Sonraisc sa chóras fála poiblí a leagann dualgas ar na húdaráis áitiúla glacadh le e-Sonraisc agus iad a phróiseáil faoi mhí Aibreáin 2020, d'éirigh le Comhairle Contae Mhuineacháin i gcomhar le Baill an chuibhreannais IT Sligeach, LGMA, Comhairle Contae Chill Dara, Comhairle Contae Fhine Ghall, *Tubbercurry Software Ltd* agus *Celeris Group Ltd* maoiniú Eorpach a fháil faoi Áis Ceangal na hEorpa.

Forbróidh an Cuibhreannas an réiteach e-Sonraisc i 2019 ar son na n-údarás áitiúla. Mar thoradh ar an gcur chuige seo trí sheirbhísí i bpáirt spárálfar an-chuid airgid ar fud na hearnála.

Daonacmhainní

Earcaíocht

Rinne an tAonad Daoncmhainní próiseas ar 1019 iarratas maidir le 16 chomórtas earcaíochta le linn 2018. Bhain 661 díobh le poist mar Oifigeach Cléireachais/Cúntóir Leabharlainne.

De thoradh na gcomórtas céanna, measadh 164 iarratasóir a bheith cáilithe agus cuireadh ar phainéil iad, tairgeadh 89 post agus ceapadh 69 ball foirne. Faoin 31 Nollaig 2018 bhí 39 painéal i bhfeidhm.

Oiliúint agus Forbairt

Le linn 2018 tugadh 42 cúrsa oiliúna inmheánacha don bhfoireann mar Shláinte agus Sábháilteacht, Scileanna éagsúla agus oiliúint ghinearálta. Anuas air sin d'fhreastail 165 ball foirne ar chúrsaí, comhdhálacha, seimineáir agus ceardlanna lasmuigh den chontae.
Ceadaíodh tacaíocht do chúrsaí breisoideachais i gcás 26 duine ar an bhfoireann.

Printíseachtaí Teicneoirí Cuntasaíochta

I 2018 d'fhostaigh Comhairle Contae Mhuineacháin beirt Phrintíseach Teicneoir Cuntasaíochta ar chlár foghlama lánaimseartha go ceann dhá bhliain. Oibríonn na printísigh (cuirtear oiliúint orthu) ceithre lá sa tseachtain sa Roinn Airgeadais agus caitheann siad lá ag Institiúid Oideachais agus Oiliúna Mhuineacháin. Féadfar dul ar aghaidh ón bPrintíseacht go dtí Ardteastas Cuntasaíochta Leibhéal 6 QQI. Is printíseacht náisiúnta í seo trí mhaoiniú SOLAS.

Clár do Chéimithe

Mí Iúil 2018 cheap Contae Mhuineacháin beirt chéimí sna réimsí Fiontar Eacnamaíoch agus Forbairt Gnó, Cumarsáid is Margaíocht faoin gClár Údarás Áitiúil um Earcaíocht Céimithe. Beidh na céimithe ag freastal ar chúrsa trí bliana

DRAFT

is deiseanna acu scileanna agus eolas nua a bhailiú. Seachas an cúrsa san institiúid beifear ag obair freisin in oifig agus oiliúint fhoirmiúil ar fáil acu in oiriúint d'earnáil na cuntasaíochta.

Gradaim Fhadseirbhíse do Bhaill Foirne Contae Mhuineacháin

Tharla searmanas suntasach in Óstán *Hillgrove*, Muineachán mí Aibreáin 2018 chun ómós a thabhairt do bhaill foirne ag a raibh 25 bliain seirbhíse nó os a chionn in Údarás Áitiúil. Bhronn Comh. Cathy Bennett, Cathaoirleach Comhairle Contae Mhuineacháin agus Eamonn O' Sullivan, Príomhfheidhmeannach, gradaim aonair ar 68 ball foirne. Mhol an Cathaoirleach agus an Príomhfheidhmeannach tiomantas agus díograis na foirne.

Bronnadh gradaim speisialta ar 10 Comhraiceoir Tine ag a raibh 10 mbliana seirbhíse. Thug an Cathaoirleach, an Príomhfheidhmeannach agus an Príomh-Oifigeach Dóiteáin Dermot Brannigan ómós don bhfoireann Seirbhísí Dóiteáin. Aithníodh go mbíonn obair rí-dheacair le déanamh acu i gcúinsí a bhionn dainséarach.

Fuarthas béile breá san Óstán *Hillgrove* agus ina dhiaidh sin caitheadh an chuid eile den oíche ag rince. Bhain gach éinne sult as an ócáid.

Ag seo an Líon Foirne ar 31 Nollaig 2018: Foireann Lárnach	Number	WTE
Bainistíocht	5	5
Cléireachas/Riarachán	159	145
Proifisiúntal/Teicniúil	74	72.75
Allamuigh	143	132.75
Iomlán Foireann Lárnach	**381**	**355.50**
Poist ar Conradh	16	15.14
Sealadach/Séasúrach	31	29.62
Comhrac Áirithe Tine	50	50
Seachas RCO&RÁ	7	4.15
Iomlán Post eile	**104**	**98.91**

D'imigh na baill foirne seo a leanas ar scor le linn 2018:

Ainm	**Grád**
Tom Duffy	Oibrí Ginearálta
Michael Wynne	Oibrí Ginearálta
Francis Corrigan	Oibrí Ginearálta
Marie Smyth	Oifigeach Riaracháin
Eugene Hickey	Innealtóir Feidhme Sinsear
John McGrory	Teicneoir Feidhme Sinsear
Pat Brennan	Tiománaí B
Joseph Maguire	Oifigeach Cúnta Foirne

DRAFT

Fáil Chorparáideach

Cleachtais Fhála 2018

I Meán Fómhair 2018 chríochnaigh agus ghlac an Meitheal Bainistíochta le Cleachtais Fhála Comhairle Contae Mhuineacháin 2018 agus dáileadh ar an bhfoireann iad. Cinntíonn na cleachtais go ndéantar cúrsaí fála de réir riachtanais an Earnáil Phoiblí, Oifig Fhála an Rialtais, treoracha AE agus Treoracha Náisiúnta.

Admháil Leictreonach ar Thairiscintí

Faoin dtreoir AE 2014/24/EU, bhí dualgas ar Chomhairle Contae Mhuineacháin admháil leictreonach ar thairiscintí a éascú i gcás luach os cionn na dtairseach AE (faoi láthair €221,000 d'earraí/seirbhísí agus €5,548,000 d'oibreacha). Cé nach bhfuil sé sin riachtanach i gcás luach níos ísle, ghlac Comhairle Contae Mhuineacháin mar pholasaí le hadmháil leictreonach do ***gach*** tairiscint, i.e tairiscintí do Sholáthair agus Seirbhísí ar luach os cionn €25,000 agus Conarthaí Oibre ar luach os cionn €50,000.

Ghlac an Meitheal Bainistíochta leis na cleachtais nua um admháil leictreonach ar thairiscintí ar an 17 Deireadh Fómhair 2018 agus scaipeadh an t-eolas úd ar an bhfoireann ar fad.

Oiliúint/Fíoraí

Lean clár oiliúint do chúrsaí Fála ar feadh na mbliana 2018. Tá Fíoraithe fála mar a bhfuil formáid leanúnach do chleachtais fhála ar fáil ag an bhfoireann ar an Inlíon Corparáideach. Cruthaítear agus ceadaítear fíoraithe nua nuair is gá.

An Coiste Stiúrtha Fála

I 2018 bhí cruinniú in aghaidh ráithe ag an gcoiste stiúrtha fála is iad an-ghníomhach ar fad sna réimsí nua fála maraon le polasaithe agus fíoraithe a ulmhú.

Scéim Foilsithe Samplach

Tá dualgas ar Chomhairle Contae Mhuineacháin tuairisc in aghaidh ráithe a thabhairt ar chonarthaí poiblí (tairiscintí) don Scéim Foilsithe Samplach atá mar chuid den Chóras Saoráil Faisnéise. Baineann an foilsiú le hearraí/seirbhísí os cionn €25k agus conarthaí oibre os cionn €50k.

Chabhraigh na Ranna ar fad leis na conarthaí a bronnadh i 2018 a chur le chéile is iad anois ag https://monaghan.ie/corporateservices/procurement/

Supplygov.ie

Le linn 2018 fógraíodh do na hÚdaráis Aitiúla go mbainfí catagóirí 51 RFQ (Iarratas ar Luach Luaite) den tairseach *Supplygov.ie* ó 1 Eanáir 2019 mar aithníodh iad a bheith lasmuigh de réimse na gComhairlí Catagóirí LGOPC. Fágfar 23 catagóirí RFQ. D'aontaigh an LGOPC go bhféadfaí catagóirí **nua a chur le** Supplygov.ie, ach iad a bheith laistigh de réimse an dá Chomhairle Catagóirí a bhfuil an LGOPC freagrach astu – Fearas ar Cíos, Mionoibreacha Togála & Sibhialta.

Oifig Fhála an Rialtais (OGP)

Tá Comhairle Contae Mhuineacháin ag úsáid roinnt creataí OGP idir mhionchomórtais agus tarraingt anuas go díreach. San áireamh tá Comhairleoireacht Gnó agus Bainistíochta, Innill Fhrainceála, Seirbhisí Dlí, Slándáil um Bhailiú Airgead Tirim & Boinn, Stáiseanóiracht, soláthar oifigí agus cártaí breosla.

DRAFT

An tAonad Sláinte & Sábháilteachta

Plean Oibríochta

Lean Chomhairle Contae Mhuineacháin i 2018 den iarracht ar thimpeallacht oiriúnach a chruthú chun sábháilteacht, sláinte agus folláine na bhfostaithe, conraitheoirí is cuairteoirí a chur chun cinn agus cuspóirí an Phlean Chorparáideach a bhaint amach san am gcéanna. D'éirigh linn toisc gur fheidhmigh gach roinn riachtanais an Chóras Sláinte agus Sábháilteachta (HSMS) agus an clár oibre a stiúraigh an tAonad Sláinte agus Sábháilteachta mar atá sa Phlean Oibríochta acu dar teideal an Plean Bliantúil Soláthar Seirbhísí (ASDP) 2018. Chinntigh an Plean úd go mbeadh Ráiteas Reatha Sábháilteachta (CSS) i bhfeidhm trí athbhreithniú faoi dhó sa bhliain faoin Acht Sláinte, Sábháilteacht agus Leas ag an Obair 2005. Pléadh agus rinneadh athbhreithniú ar dhul chun cinn an Phlean Oibríochta ag na cruinnithe Míosúla de chuid an Aonad Sláinte agus Sábháilteachta.

Phléigh an tAonad an Córas Bainistiú Sláinte agus Sábháilteachta ar bhonn leanúnach chun bearnaí san doiciméadu a aithint is a uasdátú. Cinntíodh freisin gur coimeádadh an t-eolas reatha ar an Suíomh Inlíon HSMS. San HSMS i 2018 bhí an CSS, 13 Lámhleabhar Ranna, 52 Cleachtas, 34 Foirm agus ocht gClár.

Forbraíodh an Clár Spás Brúite i 2018 agus bhain obaira shuntasach leis sin. Tharla athbhreithniú chun a leithéid a aithint laistigh de Chomhairle Contae Mhuineacháin. Cuireadh roinnt spás nua-aitheanta ar an gClár. Bunaíodh athbhreithniú ar Shaothar Aonair go deireanach i 2018 agus tugadh tuairisc sealadach don Mheitheal Bainistíochta mí na Nollag.

Clár Cigireachta agus Iniúchta

Rinne an tAonad Sláinte agus Sábháilteachta an Clár Oibre Iniúchta agus Cigireachta. Tharla cúig cinn d'iniúchtaí i 2018 agus ar an iomlán bhí aiseolas dearfach maraon le moltaí um fheabhsú ar chúrsaí sláinte agus sábháilteachta laistih de na ranna. Leagadh síos sprioc 267 cigireacht.

Sprioc Líon na gCigireachtaí:	Líon Bainte Amach:	% Bainte Amach:
267	272	102%

Bhain formhór na gcigireachtaí le réimse éagsúil oibreacha bóthair, díríodh freisin ar Sheirbhísi Uisce, Tithíocht, Comhshaol agus Pleanáil, Mótarcháin, Sócmhainní Corparáideacha, Leabharlann, ealaíon, Dóiteán agus Cosaint Shibhialta.

Lámhleabhar MD Sláinte agus Sábháilteacht

Bhí saothar nach beag ag an Aonad Sláinte agus Sábháilteachta nuair a d'fhorbair siad an Lámhleabhar Ceantar Bardasach (MD) Sláinte agus Sábháilteachta. Rinneadh athbhreithniu air agus foilsíodh é. Sa lámhleabhar tá 57 Cleachtas, 25 Measúnú Baol agus Riosca agus 32 Leathanach Sonraí Sábháilteacht Ábhair. Fuair na trí MD an lámhleabhar don athbhreithniú, glacadh leis agus aontaiodh ar deireadh é a fhoilsiú. Féadfaidh an fhoireann teacht anois air ar an Inlíon Corparáideach.

Measúnú Baol agus Riosca

Doiciméad scríofa is ea Measúnú Baol agus Riosca agus trí chéim ann le taifeadadh:

1. Aon bhaol faoi smacht an fhostaí atá sa (sna) láthair (láithreacha) oibre.
2. Rioscaí a bhaineann leo a mheas.
3. Bearta smachta a bhunú chun baol dochar dá dheasca a laghdú.

Ar an iomlán rinne an tAonad Sláinte agus Sábháilteachta 29 Measúnú Baol agus Riosca. Coimeádadh an-chuid doiciméid is seoladh iad chun an Bainisteoir cuí Líne.

Measúnu Baol agus Riosca a tharla:
16 x Measúnú Líonadh Talún
09 x Measúnú Fuíolluisce
Measúnú Maor Scoile
Measúnú N2 Uasghrádú Scairbh na gCaorach
Measúnú TII Bóithre Náisiúnta
Measúnú Feithiclí

Oiliúint

D'eagraigh Comhairle Contae Mhuineacháin an oiliúint seo a leanas um thopaicí sláinte agus sábháilteachta i 2018:

Cúrsa Oiliúna	**Líon i láthair**
Safe Pass	140
Dignit sa Láthair Oibre	Cách
CPC Tiománaí Módúil 5	41
Bainistiú Iompar Bagrach	34
Eachtra Tromchúiseach	57
Láimhseáil Láibe	11
Lámhleabhar Ranna	26
Maor Dóiteáin	40
Feasacht Uisce	84
Oiliúint Rollóra	24
Garchabhair	24
Maor Scoile	18
Spás Brúite	19
Cathaoir Tréigin	06
Oibriú Seirbhísí Geimhridh	12
Sluasad Lódála	03

Tacaíocht Fostaithe

Tacaíodh i rith na bliana le fostaithe a rinne teagmháil leis an Roinn Sláinte agus Sábháilteachta ar son eolais agus cabhrach. Ar an meán fuarthas agus pléadh le 35 glao teileafóin. Bhain an chuid ba mhó díobh le hoibreacha bóthair, saothar eile tógála, leas fostaithe agus ócáidí.

An Coiste Sábháilteachta

Bíonn cruinniú ag an gCoiste Sábháilteachta in aghaidh ráithe. Fuair an Coiste agus na baill uasdátú ar dhul chun cinn an Phlean Oibríochta, roinneadh eolas i measc na ranna agus bhíothas ag foghlaim ó imscrúduithe déanta ar eachtraí. Ceapadh ceathrar Ionadaí breise Sábháilteachta ar an gcoiste i 2018. Tugainn an acmhainn luachmhar seo guth leathan don bhfoireann maidir le sábháilteacht, sláinte agus leas ag obair. Modh fíorluachmhar ag an bhfoireann is ea an coiste úd.

Achoimre

De bharr saothar leanúnach ag an Aonad Sláinte agus Sábháilteachta i 2018 éascaíodh obair Chomhairle Contae Mhuineacháin maidir le riachtanais dlíthiúla an Acht Sláinte, Sábháilteacht agus Leas ag an Obair 2005, na Rialacháin (Feidhmiú Ginearálta) Sláinte, Sábháilteacht agus Leas ag an Obair 2007 agus reachtaíocht chuí eile. Trí oiliúint, comhairle agus moltaí cinntíodh go mbíonn dóthain eolais oiriúnach ag an bhfoireann ar na dualgais a éilítear faoi reachtaíocht sláinte agus sábháilteachta.

DRAFT

Ceantar Bardasach Carraig Mhachaire Rois-Baile na Lorgan

Boneagar Bóithre

I 2018 stiúraigh an Ceantar seo infheistíocht €2.35M sa ghréasán bóithre áitiúla agus réigiúnach (méadú €140,000 ar 2017). Neartaíodh 15 bhóthar (5 réigiúnach agus 10 áitiúil) faoin gclár R.I. agus neartaíodh 10 mbóthar eile (3 réigiúnach agus 7 áitiúil) faoin gclár Cothabháil Athchóirithe.

I 2018 tharla Scéim Feabhsú ar Chostas Íseal ar Bhóthar Searcóg i mBaile na Lorgan ina aice an dá scoil – bunscoil agus meánscoil – faoi dheontas €85,000. Clúdaíodh bearta ceansú tráchta, trasnáin choisithe agus líneáil nua ar an mbóthar.

Ag éirí as aisíoc ón I.P.B. rinneadh infheistíocht suntsach i gcósáin i 2018. Leagadh 9 gcuid nua agus deisíodh 10 stráice eile faoi infheistíocht iomlán mar €355,000.

Cuireadh dromchla nua ar an gcuid díreach Domhnach Maighean den N2 i 2018, cuireadh dromchla nua ar 4.2 Cm agus rinneadh athnuachan ar dhraenáil, é sin go leir ar chostas €1.4M.

Críochnaíodh freisin an casadh ar dheis ag Cionn Cuincil ar an N2.

Foirgnimh/Tailte

Cabhraíonn agus tacaíonn an Ceantar Bardasach le haisínteachtaí eile maidir le hinfheistíocht agus bainistíocht sócmhainní ailtireachta, san áireamh tá athchóiriú ar Theach an Mhargaidh Carraig Mhachaire Rois agus an tIonad *Kavanagh* in Inis Caoin a fuarthas le déanaí. Críochnaíodh oibreacha ar chuid lárnach Teach an Mhargaidh, baile Lása Charraig Mhachaire Rois agus tá an Gailearaí nua Lása agus Siopa Ceardaíochta oscailtae le haghaidh gnó.

Faoi chlár Athnuachan Bailte & Sráidbhailte 2018 fuarthas deontas breise €200,000 chun an chéad chuid eile de Theach an Mhargaidh a fhorbairt mar stiúideónna d'ealaíontóirí/ceardaithe. Cuimseofar taispeántas nua mínithe i dTeach na Bocht a chuirfidh go mór le taithí an chuairteora sa bhfoirgneamh stairiúil seo.

Bronnadh Cuid 8 don Ionad *Kavanagh* le súil tosú air mí Eanáir 2019. I 2018 deimhníodh maoiniú €199,000 ó Fháilte Éireann don láthair taispeántais san ionad.

Áitribh ríthábhachtach ag an gComhairle i mBaile na Lorgan is ea Caisleán *Hope* agus an dúiche a ghabhann leis. Tá tús áite anois ag athrú a chur orthu mar shócmhainní gníomhach turasóireachta. Leantar den saothar chun maoiniú a fháil i dtreo dúiche iomlán an chaisleáin a chóiriú agus i 2018 seoladh iarratas faoin gClár Athnuachan Tuaithe. San iarratas úd freisin cuimsítear maoiniú chun staidéar roghanna a dhéanamh ar Theach an Mhargaidh i mBaile na Lorgan.

Ceapadh comhairleoirí deartha chun Lóiste Geata 2 a dhéanamh i mBaile na Lorgan agus deonaíodh Chuid 8 don bhforbairt mholta i 2018.

Infheistíocht sa Ríocht Phoiblí

I 2018 forbraíodh Pleananna Ríocht Phoiblí & Eacnamaíoch do Charraig Mhachaire Rois agus Baile na Lorgan i ndiaidh próiseas leathan comhairleoireachta. Tá sé i gceist smaointe agus straitéis don infheistíocht sa todhchaí a chruthú. Tharla sé seo cheana féin trí iarratas i 2018 ar mhaoiniú T&V i mBaile na Lorgan a dhíríonn ar an ríocht phoiblí a fheabhsú do cheantar Theach an Mhargaidh; baineadh leas as plean Charraig Mhachaire Rois mar bhonn faoin iarratas ar an gciste Athnuachan Tuaithe.

I rith na bliana coimisiúnaíodh agus fuarthas saothar nua ealaíon phoiblí mar chuimhneachán ar shaol agus saothar *Big Tom McBride.* Seasann an dealbh ar an láthair a athchóiríodh le déanaí ar Chearnóg an Mhargaidh i mBaile na Lorgan. Cuireann an dealbh go mór le dreach an ríocht phoiblí ar an mbaile agus mórán cuairteoirí ag teacht chun feachaint air ó nocht Uachtarán na hÉireann é i dteannta muintir Tom mí Mheán Fómhair. Tháinig an maoiniú 50:50 trí Dháileadh Ceantar Bardasach agus an Scéim Céatadán don Ealaíon.

DRAFT

Tharla infheistíocht freisin sa ríocht phoiblí in Eoraim i 2018, aontaíodh sceideal oibreacha le hionadaithe an phobail áitiúil a cuireadh i gcrích trín Scéim Athnuachan Bailte & Sráidbhailte.

Spás Fóillíochta/Spás Oscailte

Fuarthas maoiniú i 2018 chun obair fheabhsúcháin a dhéanamh ar Ascaill an Chlochair i gCarraig Mhachaire Rois. Deimhníodh go bhfuarthas an tionscnamh Beart 2 laistigh de dhúiche Caisleán *Hope* níos déanaí sa bhliain agus tarlóidh an tionscnamh úd i 2019.

Freisin i 2018 forbraíodh raon siúlóide agus rothaíochta thart ar Charraig Mhachaire Rois agus táthar ag baint leas as sin faoi láthair.

Gnímh Pobail

Saothraíonn an Ceantar Bardasach go dlúth le grúpaí áitiúla ar son díriú ar infheistíocht agus soláthar seirbhísí a fheabhsú. Bronnann an CB páirtmhaoiniú agus bítear i gcomhar le Cumann Lucht Tráchtála Carraig Mhachaire Rois chun cur le meon dearfach i leith cúrsaí trádála ar an mbaile. Tugann an Cumann cúnamh le pleanáil agus faightear aiseolas uathu faoi thionscnaimh mholta.

I mBaile na Lorgan bíonn an Coiste Feabhsúchán Baile an-ghníomhach ag díriú ar ghrúpaí gnó agus pobail. Buaileann an coiste go rialta leis an bhfeidhmeannas agus treoraítear tionscadail mar an Scéim Dearbhán Baile, Soilsiú na Nollag, an Falla nua Cáile a nochtadh an deireadh seachtaine céanna le Féile *Big Tom* agus leacht cuimhneacháin ina onóir siúd. Ar an iomlán infheistítear €32,000 ón gComhairle sa dhá ghrupa úd.

Grupaí rí-thábhachtacha sna bailte is ea na Coistí Bailte Slachtmhara. I 2018 bhain Carraig Mhachaire Rois, Baile na Lorgan agus Inis Caoin ardmharcanna. Bhí Carraig Mhachaire Rois ar fheabhas agus gradam Bonn Óir acu sa chatagóir Bailte Beaga. Shroich Baile na Lorgan a sprioc freisin agus fuair os cionn 300 pointe don chéad uair. Tugann an Ceantar Bardasach cúnamh do na grúpaí úd trí mhaoiniú bliantúil €14,000 maraon le tacaíochtaí eile i rith na bliana a thugann an deis is fearr dóibh a gcuid spriocanna a bhaint amach.

I 2018 thacaigh an Ceantar Bardasach seo le 75 grúpa áitiúil trín scéim deontais pobail agus ar an iomlán infheistíodh €64,290. Seo an t-aon mhaoiniú a fhaigheann mórán grúpaí is dá bhrí sin tá sé an-thábhachtach ar fad chun a gcuid gníomhaíochtaí a choimeád sa tsiúl. Bronntar na deontas ag Oíche na nGradam mí Bealtaine in aghaidh na bliana.

Tugann an Ceantar Bardasach cúnamh idir mhaoiniú agus loighistic chun roinnt féiltí a reachtáil sa cheantar mar *Muckno Mania,* Lá 'le Pádraig agus Féile Charraig Mhachaire Rois. Bíonn buiséad bliantúil ar leith do na hócáidí úd mar €73,600.

Tionscadail Turasóireachta

Tugann Comhairle Contae Mhuineacháin cúnamh leanúnach idir mhaoiniú agus loighistic do thionscadail turasóireachta sa cheantar. Léiríonn infheistiú san Ionad *Kavanagh*, Gailearaí Lása agus Teach na mBocht i gCarraig Mhachaire Rois go bhfuil straitéis lárnach ann do Dheisceart an chontae agus sin baicle táirgí turasóireachta a fhorbairt a chruthóidh, i dteannta a chéile, tarraingt suntasach cultúrtha go dtí an ceantar.

Anuas air sin tá an Chomhairle ag iarraidh Loch Mucnú agus dúiche Caisleán *Hope* a fhorbairt mar láthair suntasach áitiúil agus bhí sé sin mar bhunchloch faoin iarratas ar mhaoiniú a seoladh faoin gCiste Athnuachan Tuaithe i 2018.

Leanann an Chomhairle de thacú leis an iascach mar spórt sa cheantar, tagann mórán ócáid idirnáisiúnta a tharraingíonn suas le 500 iascaire go Loch Mucnú in aghaidh na seachtaine idir Aibreán agus Deireadh Fómhair. Ar an meán bíonn 50 nó 60 acu ag fanacht sna hóstáin agus tithe lóistín áitiúla. Chun cur go mór le háiseanna iascaigh Loch Mucnú táthar chun 40 bacán iascaigh a chur isteach ag an lóiste Theas. Fuarthas thart ar €110,000 mar dheontas ó Iascaigh Intíre Éireann chun 75% de chostas na n-oibreacha a chlúdach.

Bíonn tarraingt an-mhór freisn ar ndóigh ar an nGalf mar spórt agus d'fháiltigh Coill Choncró le

Dúshlán Muineacháin na hÉireann mí Dheireadh Fómhair. Thacaigh an Chomhairle leis an ócáid a taispeánadh ar *Sky Sports* nuair a bhuaigh an t-iarimreoir Corn *Ryder*, Oliver Wilson. D'éirigh thar barr leis an ócáid agus léiríonn an t-aiseolas dearfach maraon le réimse domhanda *Sky Sports* go meallfaidh Coill Choncró lucht imeartha gailf i bhfad is i gcéin, rud a bhéarfaidh leas eacnamaíoch nach beag isteach sa cheantar.

Suímh Thréigthe/Struchtúir Bhaolacha

I gCarraig Mhachaire Rois agus i mBaile na Lorgan seirbheáladh fógraí ar roinnt daoine maidir leis an mbail tréigthe a bhí ar áitribh. Tharla oibreacha feabhsúcháin ar chuid díobh chun sásamh na Comhairle. Cuirfear cinn eile ar an gClár Suímh Tréigthe agus tá cuid díobh ceannaithe ag an gComhairle.

Ceantar Bardasach Bhéal Átha Beithe-Cluain Eois

Clár Bóithre 2018

I 2018 thug Ceantar Bardasach Béal Átha Beithe-Cluain Eois faoi chlár suntasach forbairt ar bhonneagar bóithre. Tharla oibreacha draenála, uachtar bitiúmain agus cóiriú dromchla ar 10 gcinn de bhóithre áitiúla agus dhá bhóthar réigiúnacha ar chostas nach mór €2.1milliún faoi scéim deontais um fheabhsúcháin athchóirithe. Freisin rinne Ceantar Bardasach Béal Átha Beithe-Cluain Eois athbhunú iomlán ag Crosaire Béal Átha Tréin ag An tSeantamhnach R181. Cuirfidh sé sin go mór le páirc tionsclaíoch Loch Éigis. Cóiríodh uachtar 30Cm eile bóithre ar fud an Cheantair Bhardasaí. Anuas air sin go léir tharla deisiúcháin ghinearálta/cothabháil ar ghréasán bóithre an cheantair mar dheisiú/glantachán lintéar, paistí bóithre, gearradh fál, scuabadh agus cartadh.

Clós Súgartha Arda Carn

D'oibrigh Ceantar Bardasach Béal Átha Beithe-Cluain Eois le *Youth Work Ireland* chun áiseanna nua súgartha a chruthú ag Arda Carn. Fuarthas dáileadh airgid ó scéim fóillíochta Allamuigh na Ranna agus scéimeanna Clár. Bhí sé mar aidhm ag an dtionscnamh deiseanna sábháilte súgartha a chruthú do leanaí an cheantair. Chaith saorálaigh ón bpobal am agus saothar chun an áis a bhunú ar chostas an-íseal. San áireamh mar obair bhí ullmhú an tsuímh, clathacha agus fearas nua a chur isteach mar aonad ilúsáide súgartha a chuimsíonn fráma dreaptha, sleamhnán agus Luascán Dúbailte.

Máistirphlean do Shliabh Beatha seolta

Nuair a chríochnaigh Cuideachta Paul Hogarth an Máistirphlean i gcomhar le Comhairle Ceantar Fhear Manach agus Ó Méith, d'fháiltigh Comhairle Contae Mhuineacháin roimh sheoladh an Phlean mí Dheireadh Fómhair 2018. Chuir Cathaoirleach Comhairle Ceantar Fhear Manach agus Ó Méith agus Comh David Maxwell, Cathaoirleach Comhairle Contae Mhuineacháin le chéile chun an seoladh a dhéanamh. Bhí slua maith i lathair ón dá dhream a bhain leis an bPlean ó dhá thaobh na teorann.

Pointe amháin a bhí soiléir sa Mháistirphlean ná an gá atá le haitheantas uathúil do Shliabh

DRAFT

Beatha sa cheantar. Mar chuid den bhrandáil, reachtáil Ceantar Bardasach Béal Átha Beithe-Cluain Eois sraith comhairliúcháin i gCnoc an tSalainn chun díriú ar an gceist úd. Bhí slua mór i láthair agus fuarthas tuairimí an-chabhrach ar fad ó ionadaithe an phobail áitiúil.
Ar deireadh aontaíodh ar théama agus tá Ceantar Bardasach Béal Átha Beithe-Cluain Eois anois ag roghnú láithreacha oiriúnacha do na dealbha agus geataí a aithníodh. Mar chuid den tionscnamh freisin déanfar uasghrádú ar na háiseanna cuairteoira mar atá laistigh de Shliabh Beatha. San áireamh beidh comharthaí bealaigh, spás picnic agus pointí scíthe.

Páirc Cuimhneacháin Billy Fox

Bhí Ceantar Bardasach Béal Átha Beithe-Cluain Eois ag saothrú go dlúth le Ceantar Pobail An Bhábhúin chun na háiseanna aosta a fhorbairt ag Páirc Cuimhneacháin Seanadóir Billy Fox, Droim Coinín, CO Muineacháin. Osclaíodh an pháirc i 1977 agus tá gá anois le huasghrádú ar ghnéithe atá ann ón tús. D'éirigh leis an gCeantar Bardasach maoiniú a fháil ón Scéim Bonneagar Áineasa Allamuigh. Caithfear feabhas a chur ar shábháilteacht, draenáil, cosáin bitumain a sholáthar, clathacha, cothrom radhairc ag an eas agus baic ar ard feithiclí. Tagann an saothar úd ar bhonn an-oiriúnach ar fad lena bhfuil á dhéanamh ag Pobail ealaíon An Bhábhúin mar críochnófar an dá thionscnamh le chéile. Tá na hoibreacha ar siúl faoi láthair le súil iad a chríochnú mí na Samhna 2018.

Teach an Mhargaidh – An Diamant, Cluain Eois

Pointe suntasach, stairiúil is ea Teach an Mhargaidh Cluain Eois atá folamh ón mbliain 2008. Fuair CB Béal Átha Beithe-Cluain Eois meitheal deartha ildisciplíneach faoi stiúir Ailtirí *Alastair Coey* chun an t-athshamhlú agus athchóiriú a dhearadh agus a mhaoirsiú in oiriúint d'oifigí cathartha do Cheantar Bardasach Béal Átha Beithe-Cluain Eois. Thosaigh *FJ Haughey Construction* Teo ar an obair deireadh na bliana 2017. Críochnaíodh í go sásúil i lár 2018 agus bhog na hOifigí Ceantar Bardasach isteach go gairid ina dhiaidh sin. Osclaíodh Teach an Mhargaidh go hoifigiúil ar 5 Deireadh Fómhair 2018. Tháinig na sluaite ann chun an t-athnuachan a fheiceáil nuair a rinne an Cathaoirleach Comh Sean Gilliland an seoladh oifigiúil. Ag an ócaid labhair an MC Adge King, Príomhfheidhmeannach Comhairle Contae Mhuineacháin Eamonn O Sullivan agus an tAiltire Alastair Coey.

Seanoifig Poist, Cluain Eois

Tá tábhacht shóisialta ag baint le Seanoifig Poist Cluain Eois a bhí ag freastal ar an phobal an bhaile agus an dúthaigh máguaird ar feadh breis is céad bliain idir 1903 agus 2008.

Ón mbliain 2012 ar aghaidh bhí an foirgneamh in úsáid ag pobal ealaíontóiri mar stiúideo agus bhíodh imeachtaí culltúrtha ann ó am go chéile.

Trí mhaoiniú ón Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnda, Tuaithe agus Gaeltachta agus SEUPB maraon le hacmhainní Comhairle Contae Mhuineacháin fuair an Ceantar Bardasach Ailtirí *Keys and Monaghan* mar ailtirí treorach chun athchóiriú a dhéanamh laistigh d'Oifig an Phoist agus mol cultúrtha a chruthú do Bhaile Chluain Eois. Bainfear leas as an mol don phlé pobail agus rannpháirtíocht san ealaíon chultúrtha. San áireamh beidh líníocht, potadóireacht, ceol agus rince.

Dúthamhlacht

I gcomhar le Cumann Forbartha Dúthamhlacht fuair Comhairle Contae Mhuineacháin maoiniú €100,000 trín Scéim Athnuachan Bailte agus Sráidbhailte chun casán a leathnú ina raon i bpáirt mar bhealach rothar/casán trín sráidbhaile. Beidh sé sin mar nasc tríd an sráidbhaile idir an scoil agus an ionad pobail. Dháil CB Béal Átha Beithe/Cluain Eois €30,000 mar mhaoiniú breise don tionscnamh.

Ríocht Phoiblí Bhéal Átha Beithe

Cheap Ceantar Bardasach Béal Átha Beithe-Cluain Eois Cuideachta *Paul Hogarth* chun Plean Ríocht Phoiblí agus Eacnamaíoch a ullmhú do Bhéal Átha Beithe. Soláthrófar réimse buntáistí don Phobal is don Chomhairle mar beidh fís ann go soiléir chun an baile a fhorbairt anois díreach

DRAFT

agus sa todhchaí. Trín bPlean cinnteofar go mbeidh Béal Átha Beithe go maith in ann cur isteach ar shruthanna eagsúla maoiniú in am tráth go ceann na mblianta ata romhainn amach.

Lig an Ceantar Bardasach do chomhairliúchán poiblí idir na Comhairleoirí agus páirtithe eile leasmhara chun teacht ar thuiscint soiléir ar cháilíochtaí agus buanna Bhéal Átha Beithe mar atá maraon le moltaí feabhais. Eagraíodh lá spóirt do theaghlaigh i bPáirc an Bhaile chun an próiseas a spreagadh. Sa Phlean Ríocht Phoiblí beidh fís athnuachan do Bhéal Átha Beithe a lonnófar sa mhórtas ceantair idir phobal, cultúr agus oidhreacht.

Máistirphlean Páirc Bhéal Átha Beithe

Cheap Ceantar Bardasach Béal Átha Beithe-Cluain Eois *Earthlinks* chun máistirphlean a fhorbairt do pháirc an bhaile. Soláthraíodh trí chinn de dheartha ag trí ócáid éagsúla comhairliúcháin chun tuairimí an phobail a fháil ar an bhfóntas seo don bhaile. Aithníodh an rogha ab fhearr agus béarfar é sin trí bpróiseas reachtúil Cuid VIII.

Bailte Slachtmhara Béal Átha Beithe-Cluain Eois

Arís eile chuir an dá bhaile lena gcuid marcanna i mbliana. Oibríonn na coistí go dlúth le foireann an Cheantair Bhardasaí idir oifige agus allamuigh. I mbliana cheannaigh an CB cuireadóirí breise a rug léas daite ar fud na mbailte.
I gcomhar le Meitheal Bhaile Chluain Eois thacaigh Baile Slachtmhara Bhéal Átha Beithe le Nial O Connor ón Roinn Comhshaoil chun crot a chur ar spásanna gruama agus dathanna a bhreith chucu. Pleadh leis an gcumann ealaíon *Subset* i mBAile Átha Cliath a chuir pictiúirí breátha ar cheithre bhalla mar nach raibh rud ar bith. Luadh an saothar sna meáin náisiúnta agus bhí gach éinne sásta leis an athrú.

Gradaim Bhailte Fiontar Náisiúnta

Chuir Meitheal Bhaile Chluain Eois agus an Ceantar Bardasach le chéile isteach ar Ghradaim Bhailte Fiontar Náisiunta 2018 de chuid Banc na hÉireann. Tharla an Mholtóireacht ar 24 Lúnasa nuair a bhí cur i láthair maraon le Ceisteanna & Freagraí faoi Bhaile Chluain Eois. Rugadh na Moltóirí agus oifigigh BOI ar thuras an-ghasta timpeall an bhaile. Ag an searmanas bronnta mí na Samhna bhí Baile Chluain Eois sa dara háit i gcatagóir an réigiúin Uladh Connacht do bhailte faoi bhun daonra mar 3000k.

DRAFT

Ceantar Bardasach Mhuineacháin

Straitéis Mhiondíola don Mheitheal Baile/Ceantair

Tá baill Cheantar Bardasach Mhuineacháin tiomanta do thacú le post mar Chomhordaitheoir Lár an Bhaile. Baineadh amach an méid seo a leanas le linn 2018:

Dearbhán Bhaile Mhuineacháin

Ba é €580,340 an figiúr díolacháin do Dhearbhán Baile Mhuineacháin i gcaitheamh na Nollag 2018. Taifeadadh díolachán breise mar €165,860 lasmuigh den tréimhse díolacháin idir Eanáir agus Samhain. Caitheadh €498,000 ar fhuascailtí i rith na bliana 2018.

Bailte Fiontair BOI

Chuir Meitheal Bhaile Mhuineacháin isteach ar Ghradaim Bailte Fiontair de chuid Banc na hÉireann. Léirigh an meitheal cúrsaí do na moltóirí nuair a tháinig siad ar cuairt agus mhínigh conas mar a shaothraíonn cách le cheile idir údarás áitiúil, pobal, oideachas agus earnála gnó chun tionscnaimh a fhorbairt is a sholáthar a chuireann le Ceantar & Baile Mhuineacháin.

Coiste Miondíola Mhuineacháin

Bhunaigh Meitheal an Bhaile fochoiste miondíola agus d'eagraigh roinnt tionscnaimh i rith na bliana a dhírigh ar an gcaiteachas eacnamaíoch.

Ócáid Earrach go Samhradh

D'eagraigh an Meitheal an ócáid Earrach go Samhradh mar bhuíochas do na teaghlaigh a thug cuairt ar Ionad Bhaile Mhuineacháin.

Gréasán Bia Mhuineacháin

Na 5 Láthair Bia is fearr. Stiúraigh an Gréasán Bia Muineachán agus Glas Locha a bheith ainmnithe ar na 5 Láthair Bia RAI is fearr in Éirinn. Sin toradh ar shaothar iontach le trí bliana anuas chun gréasán inmharthana a bhunú. Cuirtear le USP Mhuineacháin is lena chlú mar Láthair Bia. Bhíothas ag tógáil ar ghradaim cheana féin mar láthair sa chéad 10 gcinn i 2016 & 2017.

D'oibrigh Gréasán Bia Mhuineacháin go dian i rith na bliana chun Muineachán a chur chun cinn mar láthair Bia trí Fhéilire Ócáidí a bhunú dar teideal **"Club Blas Mhuineacháin"**. Leagann na hócáidí béim ar tháirgí áitiúla, breis daoine a tharraingt isteach agus cur le Cáil Mhuineacháin mar Láthair Bia.

Margadh Tinteáin

Fuarthas maoiniú €2,000 don ghréasán Fás sa Bhaile chun Margadh Tinteáin a bhunú i mBaile Mhuineacháin. Ócáid bhuan is ea anois í ar an mbaile ar Aoine deiridh na míosa.

Gradaim Gnó Bhaile Mhuineacháin 2018

Seo an tarna ócáid Gradaim Gnó Bhaile Mhuineacháin a tharla mí Aibreáin 2018. Ar an iomlán bhí 16 chatagóir éagsúla thar réimse leathan earnála. Bhí os cionn 430 i láthair san Óstán *Hillgrove* don bhronnadh. Bhain Micheal Briody ó Fheirm Cnoc an Airgid Pearsa Gnó na bliana agus bhain Gordon Fleming, Siopa Mhuintir Fleming, an Gradam Saoil.

Triail na bhFathach, Ros Mór

Chabhraigh Meitheal Bhaile Mhuineacháin leis an gcéad Fhathach Ros Mór a bhunú is iad ag súil le naoi gcinn eile. Tá Roinn Turasóireachta Mhuineacháin is Ceantar Bardasach Mhuineacháin ag cur le chéile chun ionad tarraingteach a fhorbairt don bhaile, ceantar agus contae.

Cur chun cinn trí bhealaí difriúla

Maidir le cur chun cinn an bhaile agus ócáidí a chomhordú, tá eolas cinnte ar an suíomh idirlín *'Monaghan Has It'* chun Muineachán a bhrú ar aghaidh i ndomhan digiteach na margaíochta. Rinneadh athdhearadh agus athbhrandail ar an bpróifíl ar na meáin shóisialta don Ghréasán Bia trí shuíomh Blas Mhuineacháin. Bíonn tionchar ar dhaoine leis ag físeáin faoin mbaile agus an ceantar.

Páirceáil

Leanann an Ceantar Bardasach den chóras íoc ar pháirceáil do Bhaile Mhuineacháin. Bhí feachtas acu don pháirceáil saor in aisce aimsir na Nollag, tosaíodh um mheán lae gach lá idir 8 Nollaig 2018 agus 2 Eanáir 2019.

DRAFT

Pobal

Bailte Slachtmhara
Arís eile bhain na bailte agus sráidbhailte áitiúla ardmharcanna sna Gradaim Bailte Slachtmhara 2018. Bhuaigh Glas Locha an Sráidbhaile is fearr in Éirinn, an Gradam Réigiúnach don iontráil is fearr sa Réigiún Thiar & Thiar Thuaidh. Coimeádadh an stádas Bonn Óir don séú bliain as a chéile.

D'éirigh go han-mhaith le Baile Mhuineacháin trí ardmharcanna a thuill an treideal Molta, coimeádadh an bonn airgid is iad ag triall ar an ór.

Fuair Scairbh na gCaorach an gradam Iarrachta as an dul chun cinn is fearr sna marcanna ó 2017.

An Baile is Néata 2018
Cháiligh Baile Mhuineacháin le dul in iomaíocht sa chomórtas uile-Éireann don Bhaile is Néata in Éirinn. Bhuaigh siad an duais tánaisteach ag an searmanas Gradam a tharla i mBéal Feirste ar 26 Meitheamh.

Bealach Glas Chanáil Uladh
Mí Dheireadh Fómhair tharla Cruinnithe Poiblí in áiteanna éagsúla faoin síneadh 22 Cm atá molta do Bhealach Glas Chanáil Uladh. Is é an Ceantar Bardasach a dhéanann cothabháil agus a ghearrann na himill ar an mBealach Glas.

Deontais Pobail
Thionóil an Ceantar Bardasach bronnadh na nGradam Deontas Pobail ag searmanas ar an Luan 21 Bealtaine san Óstán *Four Seasons*. Bronnadh 81 deontas ar ghrúpaí ó Cheantar Bardasach Mhuineacháin.

Clár 2018
Fuarthas maoiniú do bhearta sábháilteachta ag na Scoileanna Náisiúnta Eanaigh Gheala, Scoil Mhuire agus Deravoy maraon le Clós Súgartha Allamuigh agus Fearas do SN Cnoc an Chonnaidh.

Scéim Athnuachan Baile agus Sráidbhailte 2018
Clós Súgartha agus Fearas Giom do Dhaoine Fásta ag Páirc Oiriall, Scairbh na gCaorach maraon le hoibrithe feabhsúcháin nGlas Locha.

Ócáidí

Paráid Lá 'le Pádraig
Ba é **Cuir le Muineachán** an téama.
Bhunaigh Ceantar Bardasach Mhuineacháin an Coiste, d'eagraigh siad an Pharáid agus imeachtaí an lae. Míle buíochas le cách idir phleanáil, bolscaireacht agus stiúradh. B'iontach an rud é páirt an phobail sa pharáid a fheiceáil.

Slógadh Babhtaí Mhuineacháin
Tharla sé seo ar 22 Aibreán i gCarrchlós Teach na Cúirte, Baile Mhuineacháin. Bhí na sluaite i láthair ann agus mórán cuairteoirí sa dúthaigh máguaird.

Lá Ceanada
Tharla an tríú comóradh ar Lá Ceanada i mBaile Mhuineacháin ar 1 Iúil. Bhí an-chuid cuairteoirí agus tháinig an tAmbasadóir Kevin Vickers don Searmanas oifigiúil chun an Bratach a Sheoladh. Bhí baint ag cúrsaí gnó freisin leis an scéal agus bia Cheanada á thabhairt do na cuairteoirí.

Féile Ceol Tíre Bhaile Mhuineacháin
Idir an 12 agus 15 Iúil bhí atmaisféar iontach ar an mbaile trín bhféile seo a eagraítear ag coiste deonach. Bhí ardrath ar an ócáid ó thús deireadh.

Féile *Harvest Time Blues*
Tharla an Féile *Harvest Time Blues* idir an 6 agus 10 Meán Fómhair.

Blas Mhuineacháin
D'eagraigh Meitheal an Bhaile, Coiste Nua Blas Mhuineacháin agus an Ceantar Bardasach an ócáid thar an deireadh sechtaine 28-30 Meán Fómhair, tháinig thart ar 8,000 cuairteoir ag féachaint ar 60 seastán.

Maratón Le Chúl a Chéile
Bhí ardrath ar Mharatón Phoenix, Le Chúl a Chéile, le breis is 500 páirteach thar an deireadh seachtaine 28-30 Meán Fómhair. Thángthas ó Éirinn, R.A., Wisconsin, An Astráil, An Afraic Theas, na Filipínigh agus tíortha eile Oirthear na hEorpa. I mbliana cuireadh an tríú maratón ar siúl ar an Aoine.

Taibhsí Pháirc Ros Mór
D'eagraigh Cairde Pháirc Fhoraoise Ros Mór an ócáid rathúil seo ar 29 Deireadh Fómhair,

DRAFT

díoladh gach aon ticéad agus bhí 1500 duine i láthair.

Féile Oíche Shamhna
Ócáid do Theaghlaigh a bhí ansiúd mar a raibh taispeántas Tinte Ealaíne agus Spraoi i gCarrchlós *McNally's*.

Soilsiú na Nollag
Lasadh Soilsí na Nollag ar an nDomhnach 25 Samhain.

Cur chun cinn & Feabhsú an Bhaile

Siúlóidí Oidhreachta Bhaile Mhuineacháin
Leantar de na Siúlóidí Oidhreachta Dé Sathairn ar 11am ón gCáisc ar aghaidh go deireadh Mheán Fómhair. Tá na siúlóidí a thosnaíonn ag Óstán Westenra saor in aisce.

Athnuachan Sráid Bhaile Átha Cliath
Sheol Comhairle Contae Mhuineacháin iarratas chuig an gCiste um Fhorbairt agus Athnuachan ar mhaoiniú maidir le Sráid Bhaile Átha Cliath. Táthar ag súil le Forbairt a dhéanamh idir Chónaithe, Miondíol agus Oifigí maraon le Páirceáil Bhardasach ar dhá thaobh na sráide. Beifear ag súil le cinneadh i ndeireadh mí na Samhna.

Tréigean i mBaile Mhuineacháin
Tá an Ceantar Bardasach ag obair leis an roinn Forbairt Eacnamaíoch chun tréigean ar an mbaile a laghdú. Fuarthas roinnt suíomh thréigthe faoi na hAchtanna.

Páirc Foraoise Ros Mór

Stiúraíonn Ceantar Bardasach Mhuineacháin an gné fóillíochta sa Phairc.

Bhunaigh grúpa Pobail leathanach *Facebook* do Pháirc Ros Mór. D'eagraigh an grúpa Glantachán Earraigh ar 29 Aibreán agus tháinig slua an-mhór chun cabhrú. Bíonn an Ceantar Bardasach ag plé go dlúth leis an ngrúpa. Bíonn rith ar bun ann maidin Sathairn ón bpríomh-charrchlós ar 9:30am.

Rinneadh cothabháil chun fásra a ghlanadh amach feadh na siúlóidí agus suiteáladh comharthaí bealaigh.

Fuarthas €301,000 trí mhaoiniú SÍOCHÁIN IV chun clós súgartha a chur isteach sa Pháirc. Tar éis próiseas tairisceana roghnaíodh conraitheoir le súil na hoibreacha a bheith déanta Márta 2019. Fuarthas tulleadh maoiniú fós mar €421,000 ón gCiste Fóillíochta Allamuigh.

Oibreacha Bonneagar Bóithre

- Faoin gClár Athnuachan Bóithre 2018 leagadh 8.5Cm Bóithre Áitiúla agus 3Cm Bóithre Réigiúnacha.
- Cuireadh cóireáil dromchlaí ar 12.5Cm Bóithre Áitiúla agus 3.8Cm Bóithre Réigiúnacha faoin gClár Cothabháil Athnuachana 2018.
- Tharla athchóiriú ar dhraenáil bóthair náisiúnta ar an N12 i dTigh Thaláin.
- Gearradh Imill ar Bhóithre Náisiúnta. Críochnaíodh dhá ghearradh féir agus baineadh bruscar den áit i 2018.
- Chríochnaigh an Ceantar Bardasach clár gearradh fál ar a mhaoin féin agus in áiteanna straitéiseacha laistigh den Cheantar.
- Scéimeanna Sábháilteachta ar Chostas Íseal.
- Ar an R937 Bóthar Bhaile Átha Cliath suiteáladh comharthaí rabhadh um aiseolas ó thiománaithe.
- Suiteáladh fánáin um cheansú tráchta ar an LP3500 ag SN Eanaigh Gheala agus LT16102 Sráidbhaile Bhéal Átha an Fhóid.
- Tá luasteorann mar 30Cm/u in eastáit, cuireadh suas breis comharthaí 30Cmph in eastáit a nglacadh leo mar mhuirear.
- Críochnaíodh an t-athnuachan ar bhóithre uirbeacha Bhaile Mhuineacháin faoin scéim athnuachan ar scéimeanna uisce.
- Tosaíodh ar an gclár Cothabháil Geimhridh ar 15 Deireadh Fómhair 2018 agus leanfar de go dtí an 28 Aibreán 2019.
- Leagadh dromchla nua ar an N54 ó Thimpeallán Cúil Seanach go Sráid Glas Locha (Garáiste *Flacks*).

DRAFT

- Leagan amach nua ar an ngabhal ar Bhóthar Bhaile an Scotaigh/Cluain Eois chun sábháilteacht a fheabhsú do choisithe is trácht araon.
- Críochnaíodh an scéim uachtar bóthair don Seachród N2 Mhuineacháin.
- Críochnaíodh dreideáil an abhainn Seamlas ó Bhóthar an Chaisleáin (An Comhar Creidmheasa) go Timpeallán Graham mar fhaoiseamh do na tuilte i mBaile Mhuineacháin.

Cruinnithe Ceantar Bardasach

Bíonn cruinniú míosúil ag an gCeantar Bardasach ar an dtríú Luan in aghaidh na míosa. Ag Ollchruinniú Bliantúil mí an Mheithimh toghadh an Comh B McKenna mar Chathaoirleach go ceann bliana. Tharla roinnt cruinnithe fochoistí chun bóithre, buiséid agus ceisteanna eile cláir a phlé. Cuireadh i láthair Sceideal na nOibreacha Bardais agus ceadaíodh iad ag cruinniú na Márta.

Músaem

Campas Síochána

Fuair Comhairle Contae Mhuineacháin deimhniú mí na Nollag 2018 ón SEUPB gur éirigh lena n-iarratas ar mhaoiniú caipitiúil do Champas nua Síochána i mBaile Mhuineacháin. Sa Champas úd beidh músaem nua mar a mbeidh oifigí foirne agus stóras bailiúchán. Beidh an músaem ag obair leis na páirtithe cuí leasmhara sna míonna atá romhainn chun dualgais a chur i gcrích de réir an iarratais is chun taispeántais agus cláir nua músaeim a phleanáil. Athrú nua ar stair Mhúsaem Contae Mhuineacháin a bheidh ann agus ligfidh na háiseanna nua ag an Campas Síochána do lucht éisteachta i bhfad níos leithne chomh maith le comhthionscadail leis na seirbhísí eile laistigh den Leabharlann agus Seirbhísí Óige.

Lá Náisiúnta na mBan

Comóradh céad bliain ríthábhachtach ab ea 2018 maidir le stair na mban in Éirinn. Lig an tAcht Ionadaíocht na nDaoine 1918 do mhnáibh vóta a chaitheamh don chéad uair. Anuas air sin lig An tAcht Parlaiminte do mhná cur isteach ar oifig don chead uair. Bhí roinnt iarrthóirí mná ann, níor toghadh ach an t-aon bhean amháin agus b'in *Constance Markievicz*. Dhiúltaigh sí don suíochán i bParlaimint Shasana, áfach, ach ba í an chéad bhean í ina aire rialtais sa domhan thiar nuair a tháinig an Dáil le chéile don chéad uair i 1919. Chun an Lá Idirnáisiunta na mBan seo a cheiliúradh thug an músaem cuireadh don Aire Heather Mhic Unfraidh, Ailbhe Rogers ó Ollscoil Mhá Nuad agus an Cathaoirleach Cathy Bennett labhairt ag ócáid bheo chun comhionannas na mban in Éirinn a cheiliúradh.

60 Bliain de Mhnáibh ag coimeád na Síochána

DRAFT

Bhí áthas ar Mhusaem Contae Mhuineacháin fáiltiú roimh mhórán ball An Gharda Síochána agus Seirbhís Póilíneachta an Tuaiscirt do chomóradh cothrom lae an 60ú bliain ón Acht Garda Síochána 1958 a lig do mhná dul isteach sa bhfórsa don chéad uair. Labhair Gardaí ardchéime ag an ócáid mar an Coimisinéir Cúnta Finbarr O'Brien, an Príomh-Cheannfort Collette Quinn, an Ceannfort Noel Cunningham chomh maith leis an gCigire Kieran Quinn ón PSNI. Labhair an tIar-Sháirsint Mary D'Estelle Roe ar son an chead bhuíon ban a chuaigh sna Gardaí, luaigh sí a saol oibre maraon le roinnt dúshláin a bhí roimpi agus uaireanta nuair a d'éirigh léi bearta a chur i gcrích. Bhí scata maith Ban-Ghardaí i láthair agus oifigigh PSNI freisin. Anuas ar an ócáid tábhachtach seo faoi chomhionannas a mharcáil bhain an musaem leas as chun clabhsúr a chur le taispeántas rathúil *The Watchmen – Policing Crime and Punishment in Monaghan*. Forbraíodh an taispeántas úd i gcomhar le Músaem Náisiúnta na hÉireann agus Rannóg Garda An Chabháin Mhuineacháin. Scrúdaigh an taispeántas freisin an gaol trasteorann leis an PSNI agus bhí ríméad orainn chuid acu a fheiceáil linn ar an oíche mar ionadaithe an fhórsa céanna.

Taispeántas agus Seoladh *The Monaghan Spitfire*

Seoladh taispeántas nua sa mhusaem dar teideal *The Monaghan Spitfire – Life on the Border with a World at War* – ar an Déardaoin 28 Meitheamh. Lá iomlán a bhí i gceist agus lasmuigh den ócáid fhéin bhí eitleán *Spitfire* agus gunna frithaerárthach páirceálta os comhair an fhoirgnimh. Bhí siad siúd oscailte don phobal ar feadh an lae agus meastar gur thainig dhá mhíle duine go leith idir an taispeántas sráide agus an seoladh níos deanaí tráthnóna. Léiríodh an ócáid freisin sna meáin, mar shampla, Nuacht RTÉ ar a sé a chlog, *Nationwide* ar RTÉ, BBC NI, agus bhí an *Irish Times*, *Sunday Business Post* agus an *Associated Press* i láthair chomh maith. Cuireadh an méid sin suim san ócáid gur tháinig mórán turasóirí breise i rith an tsamhraidh mar gheall ar an dtaispeántas céanna. Léiríonn a leithéid de rath ar ócáid mhór mar seo gur féidir le musaem cur le taithí an phobail, ní hamháin go heacnamaíoch ach ar bhonn láidir culútrtha freisin.

Cad faoi na Teorainneacha – Comhdháil um Ról Musaem agus Oidhreachta sa Trasnú

Comhlacht ionadaíochta ar son musaem údaráis áitiúla an stáit is ea LAMN, an Gréasán Musaem Údarás Áitiúla. Faoi láthair, is é Coimeádaí Musaem Contae Mhuineacháin atá mar Chathaoirleach ar an gcomhlacht úd. Mar chuid den phróiseas um dhúshláin agus deiseanna *Brexit* don mhusaem agus don earnáil leathan cultúrtha, d'eagraigh an LAMN comhdháil náisiúnta chun an cheist a scrúdú. Thacaigh An Chomhairle Oidhreachta agus An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála leis an ócáid. Ba iad Musaem Contae Lú a d'fháiltigh roimhe i nDún Dealgan mar a dtáinig cainteoirí ó áiteanna éagsúla sa tír seo agus san Eoraip. D'éirigh thar barr le gach rud agus is mór an chabhair í d'earnáil na músaem i gcoitinne is sinn ag gluaiseacht i dtreo neamhchinnteacht a bheidh mar shaol réalaíoch againn in Éirinn i ndiaidh *Brexit.*

Plean Corparáideach/Plean Soláthar Seirbhísí 2018 Chomhairle Contae Mhuineacháin

Leanann an musaem de na struchtúir *Monstat* agus PMDS trí chlár cruinnithe in aghaidh coicíse agus athbhreithniú ar chuspóirí réitithe sna PDP foirne ar bhonn míosúil. Tuairiscítear ansin chuig Stiúrthóir Seirbhíse trí chruinniú *Monstat* an Choimeádaí. Tá ról lárnach ag an musaem sa bhfoirgneamh nua Campas Síochána atá i gceist do Bhaile Mhuineacháin. Bíonn an músaem gníomhach fresin maidir le hÉire Ildánach a dhíríonn ar ealaíon agus cultúr a chur chun cinn i measc an phobail is go háirithe daoine óga. I mbliana déanfar athbhreithniú ar an bplean cúig bliana le súil straitéis nua cúig bliana a chruthú don tréimhse 2020 – 2023. Anois agus rath ar an iarratas don Tionscnamh Campas Síochana, míneoidh ár bplean nua straitéiseach na príomhghníomaíochtaí a mbeidh gá leo chun an musaem a aistriú go dtí an suíomh nua.

DRAFT

Seirbhís Leabharlainne

Riartar an tSeirbhís Leabharlainne ón gceannáras i gCluain Eois. Ar a cuid seirbhísí tá:

- Tá cúig bhrainse go hiomlán uathoibrithe sna príomhbhailte mar atá Muineachán, Carraig Mhachaire Rois, Baile na Lorgan, Cluain Eois agus Béal Átha Beithe. Déantar athnuachan go rialta ar an réimse leabhar idir fhicsean, neamhfhicsean, leabhair ar diosca, DVD, Dlúthchéirníní agus irisí.
- Bíonn Seirbhís Leabharlainne Taistil in aghaidh na coicíse ag freastal ar réamhscoileanna, naíonraí, ionaid chúraim leanaí agus ar sheirbhísí tar éis scoile i 31 láthair seirbhíse ar fud an chontae.
- Tá Seirbhís Leabharlainne Scoile a thugann cuairt ar 63 bunscoil go bliantúil ar a laghad agus ar scoileanna tuaithe faoi dhó in aghaidh bliana.
- Clár leathan ócáidí oiriúnach do gach aois

I bpáirt le ETB An Chabháin/Mhuineacháin bíonn réimse leathan ranganna ar siúl do dhaoine fásta sna brainsí go léir trí 55 PC Idirlín an bhrainse a úsáid, trí ríomhairí glúine, *iPads* nó taibléid atá i bpáirt ag na brainsí leabharlainne.

Seoladh Plean Forbartha Leabharlainne 2018-2022

Seoladh plean nua forbartha leabharlainne go hoifigiuil ag ócáid Déardaoin 31 Bealtaine 2018 i Leabharlann Cluain Eois. Plean uaillmhianach atá ann a mhíníonn sé chuspóir do na cúig bliana atá romhainn. San áireamh tá brainsí nua i Muineachán agus Baile na Lorgan, acmhainní don bhFoghlaim Dhigiteach sna brainsí go léir, bailiúchán digiteach stair áitiúil a bhunú ar líne, veain nua a cheannach mar leabharlann taistil, uaireanta breise oscailte, Plean Litearthachta *Right to Read* agus Plean Cultúrtha Éire Ildánach.

Leabharlanna Mhuineacháin ag freastal ar an bPobal ó 1928

I 2018 rinne Leabharlann Contae Mhuineacháin ceiliúradh ar 90 bliain ag freastal ar an bpobal.
Is mór idir inné agus inniu – an bonneagar fisiciúil, gach a bhfuil sa leabharlann, teicneolaíocht eolais, formáid an eolais maraon leis na gníomhaíochtaí is ócáidí a tharlaíonn sa leabharlann. Ar feadh na bliana 2018, d'eagraigh an tseirbhís imeachtaí a bhféadfadh an pobal bheith páirteach iontu, cuireadh tús leo siúd ar 31 Bealtaine 2018.

Seirbhísí Digiteacha agus Áiseanna i Leabharlanna Poiblí

Mí Iúil 2018, d'fhógair an tAire Forbartha Tuaithe agus Pobail, an tUas. Michael Ring TD, pacáiste mór infheistíocht do sheirbhísí agus áiseanna digiteach i leabharlanna poiblí.

Tharla sé seo chun bonneagar TEC a uasghrádú maraon le láithreacha teicneolaíochta agus foghlaimh digiteach a chruthú i 309 leabharlann poiblí ar fud na tíre. Tá €7.8 ar fáil idir €5.85 milliún ó Roinn an Aire Ring agus €1.95 milliún ó na hÚdaráis Áitiúla.

Dáileadh €188,147 ar Sheirbhís Leabharlainne Contae Mhuineacháin chun cumas teicneolaíocht a mhéadú ar fud an ghréasáin.

Ionad Eorpach Eolais Díreach

Mí Eanáir 2018 chuaigh aonad darb ainm an tIonad Eorpach Eolais Díreach (EDIC) don réigiún An Cabhán/Muineachán/Lú isteach i Leabharlann Cluain Eois don tréimhse 2018-2021.
Tugann na EDIC eolas, comhairle, cúnamh agus freagraí faoin AE agus cearta saoránach, tosaíochtaí an AE, reachtaíocht, polasaí, cláir agus deiseanna maoinithe.

Faigheann an EDIC maoiniú bliantúil €31,200 ón gCoimisiún Eorpach mar thaca don seirbhís agus chun costais na n-ócáidí bliantúla a chlúdach.

DRAFT

Cén seirbhísí atá ar fáil san Ionad Eorpach Eolais Díreach?

- Réimse foilsiúcháin agus bróisiúir a chlúdaíonn móran topaicí AE.
- Ríomhairí poiblí saor in aisce chun eolas áirithe a lorg faoi chúrsaí AE.
- Teileafón poiblí saor in aisce chun glaoch ar Líne Cabhrach Saoránach Eoraip Díreach má tá ceist agat faoi ghné ar bith de chúrsaí AE: 0080067891011.
- Clár cainteanna agus imeachtaí chun deis a thabhairt do dhaoine an AE a phlé maidir lena threo sa todhchaí.

Féadfar r-phost a sheoladh chuig an EDIC ag eudirect@monaghancoco.ie nó teagmháil a dhéanamh trí *Facebook* https://www.facebook.com/ClonesEDIC/

Éire Ildánach

Seoladh Straitéis Cultúr agus Cruthaitheacht Chomhairle Contae Mhuineacháin 2018 – 2022 i 2018. Bunaíodh an straitéis ar chlár um chomhoibriú agus páirtíocht a ligfidh don bhfeasacht leathan ar shaol cultúrtha an Chontae agus rannpháirtíocht ann.

I 2018 thug An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta deontas €111,121 do Chomhairle Contae Mhuineacháin chun tacú le clár na bliana 2018.
Is í Deirdriu McQuaid, Comhordaitheoir Éire Ildánach, atá mar Chathaoirleach ar an gCoiste Stiúrtha Éire Ildánach. Ag seo a leanas na baill: Somhairle MacConghail, Oifigeach Ealaíon; Liam Bradley,Comeádaí, Musaem Contae Mhuineacháin; Shirley Clerkin, Oifigeach Oidhreachta; Fintan McPhillips, Forbairt Eacnamaíoch agus Pobail; Dympna Condra, Oifigeach Turasóireachta; Laura Carey, Leabharlann Contae Mhuineacháin agus Carmel Thornton, Seirbhísí Corparáideacha. Tá an Coiste i láthair agus faoi threoir ag an Stiúrthóir Seirbhísí Adge King.

Oíche Chultúrtha 2018

Seo an tríú huair don Chomhairle Contae ag déanamh comhordú ar Oíche Chultúrtha, féile bhliantúil uile-Éireann a dhéanann ceiliúradh ar chultúr, cruthaitheacht agus na healaíona.

Tharla sé i mbliana ar an Aoine 21 Meán Fómhair agus ionaid ar fud an chontae ar oscailt go déanach chun fáiltiú roimh mhórán imeachtaí saor in aisce. Fuarthas aiseolas an-dearfach ó gach éinne a tháinig. Cuireadh go mór leis an dúil san oíche i mbliana agus meadaíodh ar eolas na ndaoine maidir le hionaid chultúrtha agus eagraíochtaí a bhíonn ag saothrú ar fud an chontae.

Fuair an Chomhairle Contae maoiniú mar €6,500 ón Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta.

Monaghan Makers

Leanadh den soláthar ar an dTionscnamh *Monaghan Makers* le linn 2018 ar thrí láthair, Carraig Mhachaire Rois, Muineachán agus Cluain Eois. Maoinítear an tionscnamha trí dheontas €100,000 bronnta faoi SÍOCHÁIN IV.

Díríonn an tseirbhís úd ar dhaoine óga chun réimse leathan acmhanní TE mar chabhair do scileanna litearthacht agus dearadh a chothú. Baineann cómhaoiniú mar €13,000 leis seo go ceann fad an tionscnaimh.

Eachtra Léitheoireachta *Summer Stars*

Mí an Mheithimh 2018 seoladh an ócáid bhliantúil Eachtra Léitheoireachta *Summer Stars* sna cúig bhrainse leabharlainne. Fáiltítear roimh na daltaí scoile ar fad is tá an tonscnamh oiriúnach do gach leibhéal cumas léitheoireachta. Go bunúsach mealltar leanaí chun leanúint den léitheoireacht go ceann na laethanta saoire. Bronnadh boinn agus teastais orthu siúd a chríochnaigh an dúshlán ag searmanais sna leabharlanna. Ar an iomlán ghlac 998 leanbh páirt san eachtra. Anuas air sin, rinne an leabharlann comhordú ar chlá gníomhaíochtaí do leanaí agus daoine óga. Tharla ceardlanna robaitic, clubanna scannán, campa scéalta Lego, scéalta do leanaí beaga maraon le scata ceardlann cruthaitheach.

DRAFT

Féile Litríochta Leanaí:

D'athbhunaigh Leabharlann Contae Mhuineacháin an fhéile bhliantúil Leanaí mí Dheireadh Fómhair 2018 agus ar ndóigh d'fháiltigh gach éinne roimpi. Le linn na seachtaine tháinig thart ar 2,500 dalta idir bhunscoile is meánscoile isteach sna leabharlanna go dtí ceardlanna éascaithe ag scríbhneoirí, ealaíontóirí agus lucht inste scéil. Tá sé mar aidhm ag an bhféile inspioráid agus spreagadh a thabhairt do leanaí agus daoine óga maidir le léitheoireacht, scríbhneoireacht agus ealaíon chruthaitheach. Fuarthas aiseolas an-mhaith ó na scoileanna maraon le hiarratais ar a leithéid eile arís chun tacú leis an gcuraclam scoile.

Féile Eolaíochta Mhuineacháin & An Chabháin

Seo an tríú bliain don bhféile ghradamúil seo a tharla idir 10-24 Samhain ar fud an dá chontae Mhuineacháin agus An Chabháin. Fuair Seirbhís Leabharlainne Contae Mhuineacháin maoiniú €35,000 ó Fhondúireacht Eolaíochta Éireann (SFI) chun breis is 150 imeacht a riaradh a chuir eolaíocht, teicneolaíocht, innealtóireacht agus mata chun cinn.

Saothraíonn an Coiste stiúrtha go dian chun go n-éirí leis an ócáid uaillmhianach seo. Is í Deirdriu McQuaid, Leabharlannaí Gníomhach Sinsir Feidhmiúcháin, atá mar Chathaoirleach ar an gCoiste Stiúrtha mar a bhfuil baill foirne ó na seirbhísí Leabharlainne agus Comhshaoil sa dá chontae. Le linn na Féile tugadh ardán do chuid de na heolaithe is fearr idir náisiúnta, idirnáisiúnta, taighdeoirí, cainteoirí agus ealaíontóirí. Leagadh amach an clár chun suim, fuadar agus díospóireacht a spreagadh faoi STEM nó go deimhin féin STEAM (Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht, Ealaíon agus Mata) trí phlé leis an bpobal ar bhonn inrochtain agus siamsaíochta.
Suíomh: www.cavanmonaghansciencefestival.ie

Seoladh Leabharlanna Poiblí 2020 agus *Google*

Roghnaíodh Seirbhís Leabharlainne Contae Mhuineacháin i measc 10 leabharlann in Éirinn agus an RA do scéim phíolótach le *Google* (6 ón RA agus 4 ó Éirinn).
Roghnaíodh an tseirbhís toisc an taithí a bhí acu ar oideachas TEC agus STEAM maraon le cláir fhor-rochtain a sholáthar. Don tionscnamh seo baineadh triail as cláir oideachais *Google* le daoine óga i leabharlanna faoi na ceannteidil Eolaíocht Ríomhaire, Scileanna Feidhmithe Digiteach agus Sábháilteacht ar an Idirlíon.

Dhírigh an tionscnamh ar uirlisí acmhainne a sholáthar do leabharlanna poiblí ar fud na hEorpa i dtreo a leithéid eile de chláir sa todhchaí. Seoladh an tionscnamh go hoifigiúil i gCoimisiún an AE sa Bhruiséal ar an Máirt 9 Deireadh Fómhair 2018 mar chuid de Sheachtain Chódaithe an AE. Bhronn *Google* €10,000 mar mhaoiniú ar Leabharlann Contae Mhuineacháin chun tacú leis an dtionscnamh.

Clár Leabhar Amháin Contae Amháin

Déanann an tSeirbhís Leabharlainne comhordú ar an gclár léitheoireachta *Leabhar Amháin Contae Amháin* mar chuid den Deichniúr Comórthaí. Roghnaítear leabhar amháin in aghaidh na bliana a bhaineann le luathstair an 20ú Aois, iarrtar ar scoileanna aagus an pobal an leabhar a léamh agus páirt a ghlacadh i gceardlanna agus imeachtaí eile. I mbliana bhí breis is 30 bunscoil páirteach, dá bhrí sin léigh thart ar 1,000 dalta an leabhar *A Winter of Spies*, le Gerard Whelan, scéal a bhunaigh sé ar Chogadh na Saoirse. Ansin phléigh na scoláirí téamaí an leabhair agus tharla ceardlanna is athactú.

Seachtain na nInnealtóirí 2018 i gContae Mhuineacháin

Spreagann Seachtain na nInneatóirí (24 Feabhra – 2 Márta 2018) daltaí bunscoile is meánscoile, múinteoirí is tuismitheoirí le domhan spleodrach na hinnealtóireachta a scrúdú chomh maith le díriú ar na gairmeacha éagsúla beatha a bhaineann leis an ábhar seo. Trí na leabharlanna agus ranna Innealtóireachta, d'éascaigh Comhairle Contae Mhuineacháin ócáidí a spreag daoine óga le smaoineamh ar ghairm na hinnealtóireachta. Taispeánadh scannán *'Dream Big: Engineering our World'*, labhair innealtóirí faoin ngairm fhéin agus tharla ceardlanna le

DRAFT

Roinn Innealtóireachta DKIT.

Clár *Right to Read*

Is é mórchuspóir an chláir úd ná an t-eolas agus taithí atá ag foireann oilte sna seirbhísí údaráis áitiúla agus áisínteachtaí eile a bhreith le chéile chun tacú le litearthacht sa Chontae.
Cuireann an clár *Right to Read* le straitéisí agus tionscadail náisiúnta litearthachta, san áireamh tá Straitéis an Roinn Oideachais agus Scileanna um Litearthacht agus Uimhirtheacht. Díríonn an clár ar dtús ar thacaíocht do leanaí agus teaghlaigh ach leathnófar é sin in aghaidh na bliana chun gach gné den ghá litearthacht a chlúdach sa Chontae.

Bhain Comhairle Contae Mhuineacháin an Gradam ***Right to Read* 2017** ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail mí na Nollag 2018, mar aitheantas don chlár lárnach um thacaíocht litearthachta a fheidhmíodh ar fud an údaráis áitiúil.

Tionscadal Éire Sláintiúil

Fuair Leabharlann Contae Mhuineacháin deontas €2,200 i 2018 ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail chun an feachtas Éire Sláintiúil a chur chun cinn ar fud gréasán náisiúnta na seirbhísí leabharlainne. Dáileadh €2,500 mar mhaoiniú breise chun leabhair agus Stoc Speisialta Sláinte a cheannach do na cúig bhrainse leabharlainne.

Seirbhís Priontála *SurfBox*

Suiteáladh seirbhís nua priontála i Leabharlann Charraig Mhachaire Rois ar an 30 Eanáir, déanta trí *SurfBox*, soláthróir aitheanta idirlíon agus priontála. Tá an tseirbhís ar fáil i mbrainse leabharlainne Charraig Mhachaire Rois ó Eanáir 2017 agus í le moladh ag foireann agus custaiméiri araon. Sa tseirbhís Fhéinfhreastal seo cuimsítear Stáisiún Priontáil/Scannáil/ Cóipéail do leathanaigh A4 Dubh & Bán nó Daite. Íoctar le boinn airgid agus féadfar ábhar ó Ríomhairí Idirlín na Leabharlainne a phriontáil go díreach chuig an stáisiún priontála ó ríomhaire baile nó goireas móibíleach. Maidir leis sin tá sé i gceist córas íocaíocht le cárta a bhunú go luath i 2019. Lonnófar an tseirbhís i mbrainse Chluain Eois freisin go luath i 2019.

Oifig Oidhreachta Contae

I 2018, lean an Oifig Oidhreachta de **Phlean Oidhreachta Contae Mhuineacháin** a chur i bhfeidhm, de chomhairle maidir le polasaí agus cleachtas oidhreachta a chur i gcrích agus de theagmháil go dlúth leis an gComhairle Oidhreachta agus an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta maidir le polasaí náisiúnta a chur i gcrích.

Maoiniú

Fuarthas maoiniú ón gComhairle Oidhreachta chun Plean Oidhreachta Contae Mhuineacháin a fheidhmiú, do Mhuineachán Ildánach agus INTERREG VA do Ghníomh Comhoibrithe ar an dtionscnamh Gréasán *Natura*.

Taighde

<u>Monagraf Seandálaíochta Claí na Muice Duibhe</u> – tharla measúnú agus liostáil ar an gcartlann taighde ó 1982 ar aghaidh agus dréachtadh na caibidil lámhscríbhinní. Foilseofar é seo i 2019.

Polasaí

<u>Turasóireacht Chultúrtha Inmharthana</u>
Lean an tOifigeach Oidhreachta den chathaoir ar an ngrúpa Comhordú Oscailte an Aontais Eorpaigh um Thurasóireacht Chultúrtha Inmharthana, mar a chuireann speisialtóir amháin ó gach ball tíre le tuairisc agus moltaí ar

DRAFT

ábhar áirithe. Seoladh moltaí na tuairisce, cuid de Phlean Oibre an AE don Chultúr, i Vín na hOstaire ag searmanas clabhsúr Bliain Eorpach Oidhreacht Chultúrtha mí na Nollag. Míníonn an tuairisc Turasóireacht Chultúrtha Inmharthana mar "stiúradh chomhtháite ar oidhreacht chultúrtha agus gníomhaíochtaí turasóireachata i gcomhar leis an bpobal áitiúil chun leas sóisialta, comshaoil agus eacnamaíoch idir inbhraite agus eile gach aon pháirtí leasmhara ar son caomhnú oidhreacht chultúrtha agus forbairt ar thurasóireacht inmharthana". Sampla de staidéar a scrúdaíodh mar chuid den phróiseas is ea an Eaglais Stáin i Láithreach.

Plean Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Contae Mhuineacháin
Mí Bealtaine 2018 tharla comhairliúcháin phoiblí i gcúig bhaile mór i dtreo an phlean nua cúig bliana a fhorbairt.

For-rochtain

Claí na Muice Duibhe – Tharla ócáid ildisclipíneach i dTeach an Mhargaidh mí Dheireadh Fómhair chun taighde nua a mhíniú ar an saothar cré seandalaíoch seo atá ar fhad 10Cm gar do Theach an Scotaigh. Ba iad an stairí agus údar Turtle Bunbury, na seandálaithe Aidan Walsh and Cóilín O'Drisceoil agus an t-ealaíontóir Siobhan McDonald na cainteoirí.

Scéim Mhonatóireacht Peidhleachán – Tharla lá oiliúna i gcomhar leis an Ionad Náisiúnta Sonraí Bitheolaíochta maidir le peidhleacáin a aithint is a thaifeadadh don tionscadal eolaíochta seo do shaoránaigh.

Comhairle Idirnáisiúnta Séadchomharthaí agus Suímh ICOMOS – Thug an tOifigeach Oidhreachta léiriú ag comhdháil i gCaisleán Bhaile Átha Cliath ar oidhreacht agus spriocanna inmharthana forbartha.

Impleachtaí Cultúrtha Brexit – Thug an tOifigeach Oidhreachta léiriú do Chumann Údarás Áitiúla Éireann ag a gcomhdháil bhliantúil.

Cultúr agus *Natura* 2000 – Thug Comhordaitheoir Suíomh Sliabh Beatha léiriú don chomhdháil seo mar a raibh ionadaíocht ó Choimisiún na hEorpa agus bhain leas as Sliabh Beatha mar staidéar ar chás.
Gréasán Oifigeach Oidhreachta Údarás Áitiúla – Lean an tOifigeach Oidhreachta den Chathaoir ar an ngréasán i 2018 agus thug léirithe do roinnt áisínteachtaí náisiúnta, don Aire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta agus eile.

An Comhchoiste Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta – Léirigh an tOifigeach Oidhreachta ról na n-oifigeach oidhreachta údarás áitiúla don choiste seo ar 14 Samhain 2018.

AN DROIM – Taispeántas *Portrait of a Village* le Kevin Fox – sraith íomhánna nua-aimseartha de mhuintir An Droim a taispeánadh i dTeach an Mhargaidh san Earrach. Tharla an saothar i gcomhar leis an nGailearaí Grianghrafadóireachta. Ba é seo an dara chéim sa tonscnamh agus suiteáil a tharla sa tsráidbhaile i 2017.

Seachtain Oidhreachta 2018 – Lúnasa

Mar théama Seachtain Oidhreachta i mbliana bhí "Roinnt Scéalta – Déanamah Naisc ". I gcomhar le grúpaí eagsúla pobail d'eagraigh an Oifig Oidhreachta breis is 45 ócáid ar fud an chontae. Ag an seoladh i gCnoc an tSalainn leagadh béim ar luach na mbogach sna pobail, ba é Chris Uys ó Phortach Mhainistir Laoise a léirigh. D'eagraigh an Oifig Oidhreachta *Wild Child Day* i bPáirc Ros Mór mar a raibh breis is 250 leanbh páirteach i ngníomhaíochtaí mar shiúlóidí dúlra, tumadh locháin agus iascach. Tharla Lá Oidhreacht Uisce in Ionad Bogach Béal Átha Beithe agus arís bhí breis is 120 leanbh ann don thumadh locháin agus monatóireacht beach.

Anuas air sin go léir bhí Siúlóid Poll an Aifrinn go Tobar Naomh Ghobnait, rang do thosaitheoirí ar Lása Chluain Eois, scannán faoi ailtireacht Gotach i Muineachán & Carraig Mhachaire Rois, lá oscailte in Ionad Tyrone Guthrie, caint agus siúlóid ar Éin Neamhchoitianta Mhuineacháin ag an Dr Marc Ruddock ó *Golden Eagle Trust* agus an Dr Rory Sheehan ó Chomhairle Contae Mhuineacháin, Siúlóid & Caint Sciathán Leathair ag Tina Aughey ó *Bat Conservation Ireland*, Scannán do Leanaí *"Early Man",* turas ar Reilig Cúil Seanach agus bleachtairí bithéagsúlachta *"on Da Loose"* maraon le comórtas

dathadóireachta i gcomhar leis an *Northern Standard.*

Caomhnú

Gníomh i bPáirt don Ghréasán *Natura* (INTERREG VA CANN)

Tionscnamh maoinithe ag Comhairle Ceantar An Iúir, Morna agus An Dún is ea an Gníomh i bPáirt don Ghréasán *Natura* Network (CANN). Páirteach freisin tá Comhairle Contae Mhuineacháin; An Institiúid *Agri*-Bia agus Bitheolaíochtaí (AFBI); Iontaobhas Cósta is Tuath *Argyll* & na hOileáin; Cathair Ard Mhacha, Comhairle Toghlach Droichead na Banna & Craigavon; Réigiún Thoir na Teorann, Iontaobhas *Golden Eagle*; Institiúid Teicnolaíochta Shligigh; Oidhreacht Nádúrtha na hAlban; Ollscoil Uladh agus Bithéagsulacht Uladh.

Díríonn an tionscnamh ar comhoibriú trasteorann a neartú maidir le gnáthóga agus gnéithe roghnaithe agus freisin ar spriocanna na dTreorach AE Éin agus Gnáthóga agus an Straitéis AE Bithéagsúlachta a bhaint amach. Déanfar an méid sin trí Phleananna Gníomh Caomhnaithe/Pleananna Gníomh Gnéithe a fhorbairt, saothar díreach caomhnaithe ar shuímh chosanta, deachleachtas, treoir agus cláir for-rochtana. Tugtar tús áite trí INTERREG VA do ghnáthóga cosanta mar eanaigh alcailigh, portach bratach, portach gníomhach ar ard, lochanna marla, eanaigh cailcreacha agus boglach trasnaithe/portaigh ar crith. Ar na gnéithe tosaíochta tá cráifisc, cromán na gcearc, lapairí ar gor (crotach, ladhrán trá, naosc), feadóg bhuí, cearc agus coileach fraoigh.

Talamh ard is ea Sliabh Beatha laistigh de na contaethe Muineachán, Fear Manach agus Tír Eoghain. Tá Comhairle Contae Mhuineacháin freagrach as gnímh díreach caomhnaithe a chur i gcrích ar an suíomh seo. Ar na gnímh úd tá bainistiú baol dóiteain, blocáil claiseanna, gnéithe bradacha a bhaint agus gnímh díreach a bhaineann le gnéithe. Tá pleananna gnímh caomhnaithe (CAP) á ndréachtadh don Limistéar Speisialta Caomhnaithe NI agus Limistéar Oidhreacht Nádúrtha ROI.

Tá páirtithe Chomhairle Contae Mhuineacháin AFBI tar éis léarscáiliocht a dhéanamh ar Shliabh Beatha. Lig sé sin do thairiscintí a ullmhú chun seirbhísí a fháil do na gnímh díreach caomhnaithe úd. Tharla na cleachtaí léarscáilíochta agus plé nach beag le páirtithe leasmhara le linn 2018.

Mar chuid den tionscnamh CANN d'fhreastail foireann Chomhairle Contae Mhuineacháin ar réimse ócáidí, san áireamh bhí an fóram uile-Éireann san Mhala Raithní, Co. Mhaigh Eo agus comhthionscnamh dhá lá CANN-CABB sa Tuaisceart.

Táthar ag súil go dtosnófar i 2019 ar bhlocáil claiseanna, cónaiféir a bhaint, róididéandrain a bhaint agus bainistiú baol dóiteáin.

An Oifig Ealaíona

Leag an Oifig Ealaíona an-bhéim idir am agus acmhainní ar na tionscnaimh chomhoibrithe a d'eascair as an dtionscadal Éire Ildánach agus cloíodh go mór le roinnt cuspóirí agus torthaí an Phlean Forbartha Ealaíona.

Trí mhaoiniú díreach dár **bPáirtithe Ealaíona** d'éirigh linn go léir mórán cuspóirí lárnacha sa Phlean a bhaint amach. Tháinig infheistiú mar €65K ó Chomhairle Contae Mhuineacháin

- Clár Ealaíon Bhéal Átha Beithe
- Amharclann an Gharáiste
- Féile Scannán Chluain Eois
- *Muckno Mania*
- Ionad Ealaíon Bhaile na Lorgan
- Deireadh Seachtaine *Patrick Kavanagh*
- Scoil Cheoil Na Botha
- Féile Ealaíon Charraig Mhachaire Rois
- Féile *Patrick Byrne*
- Féile Drámaíochta Bhaile na Lorgan
- Stiúideonna Ealaíon Chluain Eois
- Gréasán Ealaíon Mhuineacháin

Trí thacú leis na tionscnaimh a luaitear anso thuas, tá iarracht déanta ar chur le saothar an

Oifig Ealaíona leis na heagraíochtaí atá préamhaithe go daingean ina bpobail faoi seach:

1. Tacú leis an ealaíontóir trí dheiseanna a leathnú don chleachtadh.
2. Tacú le spás leordhóthaineach a sholáthar don chruthú, cur i gcrích agus láithriú saothar cruthaitheach d'ealaíontóirí agus pobail.
3. Tacú le hionaid, féilte agus eagraíochtaí ealaíon chun taithí ar ardchaighdeán a thabhairt don phobal.
4. Tacú agus cabhrú leis na healaíona i gcás athbhunú sóisialta agus eacnamaíoch.
5. Tacú le deiseanna do leanaí agus daoine óga teacht ar na healaíona agus a bheith páirteach iontu.
6. Tacú leis na grúpaí idir amaitéarach agus deonach a leanann a gcuid cuspóirí is a chuireann go mór le saol na n-ealaíon sa Chontae.

Tacaímid de shíor le saothar ranna eile laistigh de chontae Mhuineacháin agus leo siúd ar an meitheal Cultúrtha chun timpeallacht a chruthú a ligeann do rath ar na healaíona.

Mar chuid dár dtacaíocht d'ealaíontóirí ag seoladh iarratais ar mhaoiniú breise, bhronn An Chomhairle Ealaíon suimeanna nach beag ar thriúr ealaíontóir ó Chontae Mhuineacháin i 2018.

1. An Drámadóir & Stiúrthóir Declan Gorman, bhronn an Chomhairle Ealaíon €20,000 air faoin scéim Ealaíontóir Cónaitheach. Seo cónaitheacht bhliana (Meán Fómhair '18 – Lúnasa '19) i bpáirt le hionad Ealaíon Iontas & Amharclann An Gharáiste a fhaigheann Comhairle Contae Mhuineacháin faoina gclár Ealaíon. Seo an chéad uair gur sholáthraigh an Chomhairle Ealaíon a leithéid d'infheistíocht anso i Muineachán.

2. An ceoltóir, drámadóir, cumadóir agus ealaíontóir Thomas Johnston ó Chnoc an tSalainn, bronnadh €64,000 air faoi scéim páirtíochtaí straitéiseach. Ar na príomhócáidí uaidh tá **Tradoodle,** Féile Ceoil & Ealaíon do dhaoine óga i bpáirt le Comhairle Contae Mhuineacháin nuair a fuarthas maoiniú breise faoinár gclár Ealaíon agus an tonscadal Éire Ildánach.

3. An cumadóir Michael Gallen ó Bhaile na Lorgan, fuair sé €105,000 chun an ceoldráma *Elsewhere* a stiúradh is a chur ar stáitse , seo scéal "baint na sóivéide" leis an stailc a tharla i Naomh Damhnait sa bhliain 1919. Bronnadh maoiniú freisin ar an léiriú seo faoinár gcár Muineachán Ildánach. Tá cuideachta léirithe ón bhFrainc ag obair i bpáirt le Michael chun an tionscnamh seo a chur i gcrích.

Lean Comhairle Contae Mhuineacháin de thacú le forbairt agus obair thógála ar "Sheanoifig an Phoist" i gCluain Eois is í le bheith mar áis oibrithe chun tacú le cumasc Ealaíontóirí Mhuineacháin i dtreo an spás a bhainistiú mar stiúideonna ealaíontóirí. Is é CB Cluain Eois/Béal Átha Beithe a threoraíonn is a stiúraíonn an tionscnamh úd.

Trín bpáirtíocht úd bhí an t-ádh linn maoiniú a fháil ón gclár SÍOCHÁIN IV chun forbairt faoin ngné spásanna i bpáirt.

Chabhraigh An Chomhairle Ealaíon le daoine aonair, mar shampla scríbhneoirí, cleachtóirí téatair; dearcealaíontóirí is iad ag lorg maoiniú faoi scéimeanna éagsúla na Comhairle. Tugadh cúnamh taistil, ceannach ábhartha agus maoinú díreach mar chómhaoiniú ar airgead ón gComhairle Ealaíon. Tugadh tacaíocht freisin ó thaobh riaracháin agus oifigí de ar feadh na bliana.

I dTeach an Mhargaidh, láthair uathúil le Comhairle Contae Mhuineacháin, leanadh de chláir idir cheol agus taispeántais. Baintear leas as go minic anois um thráthnóna is ag an deireadh seachtaine do chleachtadh nó do cheardlanna. Grúpa amháin a bhíonn ann is ea Gréasán Ealaíon Mhuineacháin. Bíonn siad an-ghnóthach le cúig bliana anuas is ócáid mhíosúil acu i dTeach an Mhargaidh. Céadaoin deiridh na míosa roghnaítear ceithre mhír ó chúlraí éagsúla ealaíona. Tugtar ceithre léiriú gearr ar ábhar saintaithí an duine. Bíonn an-rath ar an ócáid agus is siamsaíocht í don lucht éisteachta chomh maith le foghlaim. Dreamanna eile a bhíonn ann is ea MOPOSOP, grúpa filíochta agus scríobh amhrán ag a mbíonn seisiúin mheantóireachta d'ealaíontóirí agus *Spectrum*, ag a mbíonn ceardlanna péintéireachta Dé Luain. Ina dteannta siúd go léir bíonn iliomad ceardlanna idir cheardaíocht agus péinteáil ar siúl go minic.

An Clár Glún an Cheoil, faightear maoiniú ó Údaráis Áitiúla An Chabháin agus Mhuineacháin

DRAFT

i gcomhar le CMETB a d'fhógair post mar Oifigeach Forbartha Ceoil. Ofráladh an post don iarrthóir roghnaithe a bheidh ag tosnú san obair seo sa bhliain nua. Bainfear leas as suim airgid mar €450,000 go ceann trí bliana mar shuim daonnnachtúil ó mhaoiniú U2 agus cistí *The Ireland Funds*. Dá bharr san beidh teacht ar theagasc ardchaighdeáin idir ghutha agus gléasanna ceoil ag leanaí is daoine óga ar fud an réigiúin. Rachfar i bhfeidhm ar leas agus folláine ár Saoránach óga.

Ar bhonn chómhaoiniú 50/50, tiocfaidh suim breise ó Pháirtíocht Oideachais Ceoil An Chabháin/ Mhuineacháin thar an tréimhse trí bliana.

DRAFT

An Roinn Turasóireachta

Feidhmíonn an tIonad Turasóireachta i gComhairle Contae Mhuineacháin Straitéis Turasóireachta Co Mhuineacháin 2015 – 2020. Ag seo go príomha na feidhmeanna atá ag an aonad:

- Cur le feasacht custaiméirí ar Mhuineachán ina láthair thaitneamhach turasóireachta
- Táirge turasóireacht an chontae a fhorbairt agus cur leis i ngach aon slí

Forbairt na Turasóireachta

Athchóiriú ar Theach an Mhargaidh Charraig Mhachaire Rois

Tosaíodh ar oibreacha uasghrádaithe ar Theach an Mhargaidh, Carraig Mhachaire Rois mí Dheireadh Fómhair 2017 agus críochnaíodh sa tSamhradh 2018. Forbraíodh dhá aonad mhór nua agus is ansiúd anois atá Gailearaí Lása Charraig Mhachaire Rois agus *by Collective* ar Chearnóg an Mhargaidh – láthair mhiondíola d'ealaíontóirí agus ceardaithe áiitúla. Osclaíodh an foirgneamh go hoifigiúil mí na Samhna 2018 agus bhí an tionscnamh ar an ngearrliosta do na gradaim Feabhas Rialtais Áitiúil agus na Gradaim LAMA & IPB 2018.

Ionad Patrick Kavanagh

Bhronn Fáilte Éireann maoiniú mar €198,645 chun taispeántas nua a fhorbairt do chuairteoirí san Ionad Patrick Kavanagh agus ceapadh Meitheal Deartha speisialtóireachta chun é sin a chur chun cinn. Faoi láthiar táthar ag obair le foireann na comhairle agus ionadaithe ó Ghrúpa Forbartha Fiontar Inis Caoin agus Cumann Patrick Kavanagh chun an taithí nuálach seo a sholáthar do chuairteoirí sa chontae.

Anuas ar na forbairtí thuasluaite, fuarthas maoiniú mar €75,000 faoin gClár Athnuachan Bailte & Sráidbhailte 2018 chun an Raon Kavanagh in Inis Caoin a fheabhsú trí chomharthaíocht nua agus feabhas go ginearálta ar an mbranda.

Stráice Theas Iascaigh, Loch Mucnú

Ceapadh conraitheoirí mí Bealtaine chun stráice eile comórtais iascaigh a fhorbairt ar Loch Mucnú. Beireann an fhorbairt nua seo mar a bhfuil 40 ceann de phionnaí nua iascaigh an líon spás d'iascairí ar an loch go 270, da bhrí sin tá sé ar na láithreacha iascaigh fhiáine is tabhachtaí san Eoraip.

Ar a shon san agus na forbairtí eile fan loch, tharla cruinniú go luath mí na Samhna le Coiste Craobh Iascach na bPóilíní Eorpach a dhearbhaigh go dtionólfar Craobh 2019 ar Loch Mucnú.

Bhí Loch Mucnú ar an ngearrliosta sa chatagóir **Nuáil is fearr sa Turasóireacht Comhshaoil** sna Gradaim Tionscal Turasóireachta na hÉireann 2019.

Páirc Foraoise Ros Mór

Fuarthas maoiniú mar €300,000 faoin gclár SÍOCHÁIN IV chun Clós Sugartha a fhorbairt i Ros Mór. Mí an Mheithimh 2018 bronnadh Cead Pleanála Cuid 8 agus ceapadh conraitheoirí mí Dheireadh Fómhair. Tosaíodh ar an obair go gairid ina dhiaidh sin agus táthar ag súil len í a chríochnú i R2 2018.

Maoiniú faighte d'Fhorbairtí Turasóireachta sa Todhchaí

Faoin gCiste Bonneagar Fóillíochta Lasmuigh (Beart 3), bronnadh **€421,000** ar Chomhairle Contae Mhuineacháin mí na Nollag 2018 do bhreis oibreacha i bPáirc Foraoise Ros Mór agus díreofar air sin san aonad Turasóireachta i 2019.

Faoi Mhaoiniú Athnuachan Bailte & Sráidbhailte 2018, bronnadh **€200,000** ar Chomhairle Contae Mhuineacháin d'fhorbairt chéimneach Teach an Mhargaidh i gCarraig Mhachaire Rois agus taithí chuairteora ag Teach na mBocht ar an mbaile céanna. Tá obair ar bun ar an dá thionscnamh úd i gcomhar le CB Carraig Mhachaire Rois/Baile na Lorgan agus Grúpa Forbartha Pobail Fearnaigh.

Turasóireacht chun cinn & Seirbhísí do Chuairteoirí

Feachtas PR *#MyMonaghan*

Thosaigh an feachtas *#MyMonaghan* ar 5 Iúil nuair a seoladh an chead fhíseán agus ina

DRAFT

dhiaidh sin seoladh físeán nua *#MyMonaghan* in aghaidh na seachtaine, taispeánadh carachtair dhifriúla a bhain le turasóireacht sa chontae. D'éirigh go breá leis an bhFeachtas Bolscaireachta ar *Facebook,* sroicheadh ardphointe idir mhargaíocht agus teagmhála.

Cuairteanna Iriseoirí agus Poiblíocht a ghabhann leo
Chun tacú leis an bhfeachtas físeáin, tharla feachtas PR trí ailt sna meáin seo a leanas: *Irish Independent, Woman's Way*, www.thetaste.ie www.whereistara.com www.thelifeofstuff.com *Huffingtonpost.com, Sunday Times, Irish Times*.

Feachtais eile Bolscaireachta

Dúshlán Galf na hÉireann Mhuineacháin i gCoill Conchró
D'urraigh Comhairle Contae Mhuineacháin ócáid a tharla idir 4-6 Deireadh Fómhair i gCoill Conchró. Tugadh cuireadh d'óstáin pacáistí gailf a fhorbairt i gcomhar leis na clubanna gailf agus cuireadh chun cinn iad ar líne agus trí bhileoga. Clúdaíodh an dúshlán ar bhonn náisiúnta san: *Irish Independent*, *Irish Daily Star*, www.thesun.ie an t-iris *Irish Golfer* agus www.Buzz.ie. Taispeánadh an ócáid ar an dteilifís freisin mar chuid de Thuras Dúshlán Proifisiúnta na hEorpa.

Ábhar clóite/Bolscaireachta Mhuineacháin

Féilire Imeachtaí
Foilsíodh agus scaipeadh Féilire Imeachtaí 2018 (ar líne agus clóite).

Blúirí Eolais ar Mhuineachán

Ní bhíodh an bróisiúr seo ach ar líne, rinneadh uasdatú air agus leagan clóite anois ann i 2018.

***Lookbook* Scannánaiocht i Muineachán**

Forbraíodh *Lookbook* chun Muineachán a chur chun cinn mar láthair scannán.

Oifig Turasóireachta

Bhí an Oifig Turasóireachta i dTeach an Mhargaidh, Muineachán ar oscailt ó lár Mhárta go deireadh Mheán Fómhair 2018.

Dóiteán & Cosaint Shibhialta

Soláthraíonn Seirbhís Dóiteáin agus Cosaint Shibhialta Mhuineacháin (MFCP) réimse seirbhísí do phobal Mhuineacháin. Orthusan tá feidhmeanna Sábháilteacht Dóiteáin agus Rialú Foirgníochta; riachtanais reachtúla na Rialacháin Fhoirgníochta agus Rialú Foirgníochta a fheidhmiú, cigireacht ar stoc foirgníochta idir shean is nua de réir na rialachán dóiteáin, stáisiúin pheitril a cheadúnú, cigireacht ar áitribh cheadúnaithe mar thábhairní agus clubanna, comhairle agus forfheidhmiú faoi Acht na Seirbhísí Dóiteáin maraon le sábháilteacht dóiteáin a chur chun cinn i measc an phobail. Ar na seirbhísí oibríochta tá freagairt do ghlaonna práinne, cabhrú le seirbhísí eile éigeandála maraon leis an bPleanáil Mhóréigeandála a athbhreithniú is a fheabhsú i gcomhar leis na Príomháisínteachtaí eile Éigeandála.

An Roinn Oibríochtaí

Tá cúig stáisiún dóiteáin áirithe i gContae Mhuineacháin mar atá Cluain Eois, Muineachán, Béal Átha Beithe, Baile na Lorgan agus Carraig Mhachaire Rois, iad ag soláthar seirbhís oibríochta agus freagairt phráinneach i gcónaí.

D'fhreagair Cosaint Dóiteáin agus Sibhialta Mhuineacháin 364 eachtra i 2018, méadú 15% ó 2017. Ag seo sonraí na nglaonna in aghaidh na stáisiún:

Stáisiún Dóiteáin	Céad Fhreagairt	Dara Freagairt
Béal Átha Beithe	41	12
Carraig Mhachaire Rois	81	5
Baile na Lorgan	72	18
Cluain Eois	36	0
Muineacháin	133	4

I 2018 ba iad na cúig shaghas eachtraí a d'fhreastail Seirbhís Dóiteáin Mhuineacháin orthu ná tinte, taismí bóthair, aláraim dóiteáin ar

siúl, imeachtaí fíordhrochaimsire agus tinte treasacha (i.e. tinte beaga/bruscair/scipe). Chuir an doineann as an ngnáth méadú mór ar líon na nglaonna i 2018.

Mar gheall ar Stoirm Emma chaith na briogáidí go léir i Muineachán dul amach ag gníomhú nuair a bhí an 'Rabhadh Dearg' ag feidhmiú. Le linn na tréimhse úd d'fhreagair an tseirbhís dóiteáin agus cosaint shibhialta an tSeirbhis Otharcarr agus na Gardaí, iad ag cabhrú leo le Feithiclí 4x4 agus tacaíocht mhíochaine.

Bhí acmhainní nach beag freisin ag teastáil i Meitheamh agus Iúil mar gheall ar an dtriomach. Tharla mórán tinte aitinn go háirithe sa cheantar lár an Chontae.

Oiliúint: Chuimsigh clár oiliúna 2018 oiliúint 'spás brúite' agus don chéad uair baineadh leas as an bhForbairt nua Ceannais Híodra i gCluain Meala. Ansiúd tá timpeallacht fhoghlama do scileanna tábhachtacha um chinntí a dhéanamh idir athbhreithniú agus forbairt. Tharla oiliúint freisin le linn 2018 ar Iompar Dóiteáin Urrainne (CFBT) agus Caighdeán Tiomána Seirbhís Éigeandála (ESDS).

Seirbhísí Uisce

Tá Uisce Éireann freagrach as seirbhísí uisce agus fuíolluisce poiblí. Is iad a dhéanann idir oibriú agus cothabháil, san áireamh tá:

- Bainistiú sócmhainní náisiúnta uisce agus fuíolluisce
- Cothabháil an chóras uisce agus fuíolluisce
- Infheistíocht agus pleanáil
- Bainistiú tionscnamh caipitiúla
- Cúram an chustaiméara agus billí

Míníonn an Comhaontú Leibhéil Seirbhísí (SLA) na socruithe don soláthar uisce agus fuíolluisce a dhéanann Comhairle Contae Mhuineacháin, ar son Uisce Éireann. Go príomha, tá sé i gceist faoin SLA comhchaidreamh leanúnach buan a bhunú idir Uisce Éireann agus Comhairle Contae Mhuineacháin. Cuid lárnach den Chomhaontú Leibhéil Seirbhísí is ea an Plean Bliantúil Seirbhíse a leagann síos na cuspóirí aontaithe agus caighdeáin fheidhmíochta a sholáthar laistigh de bhuiséad a chlúdaíonn líon foirne, earraí, seirbhís agus infheistíocht.

Aithníonn an Plean Seirbhíse:

- Na spriocanna agus cuspóirí sonraithe
- Monatóireacht ar na táscairí seirbhísí lena chinntiú go sroichtear na cuspóirí
- An mhodheolaíocht chuí chun feidhmíocht a thomhas agus a áireamh
- An próiseas tuairisciú ar na táscairí aontaithe feidhmíochta
- An buiséad agus an líon foirne aontaithe ag Uisce Éireann agus Comhairle Contae Mhuineacháin do 2018
- Tionscadail athraithe

Déanann Uisce Éireann tomhas ar fheidhmíocht na Comhairle trí chárta míosúil scóir. Anso thíos mínítear an Comhaontú Leibhéal Seirbhísí 2018 atá ag Comhaire Contae Mhuineacháin.

DRAFT

Ráiteas Polasí Seirbhísí Uisce 2018-2025

Sheol an Rialtas Ráiteas Polasaí Seirbhísí Uisce 2018-2025 i 2018.

Sa Ráiteas Polasaí tugtar treoir soiléir don phleanáil straitéiseach agus tógáil cinntí maidir le huisce agus fuíolluisce cuma an Uisce Éireann nó faoin gClár Uisce Tuaithe a bhíonn siad.

Cuid riachtanach de na hathruithe leathan is deireadh a chur le táillí uisce tí agus Uisce Éireann a dhearbhú mar údarás seirbhísí náisiúnta uisce faoi úinéireacht phoiblí.

Cuireann an Ráiteas Polasaí bonn faoin bpleanáil straitéiseach don infheistíocht in aghaidh trí chuspóir polasaí mar atá Caighdeán, Caomhnú agus ullmhú don Todhchaí i gcás infheistíocht chaipitiúil agus pleananna reatha caiteachais.

Trí mhí sular foilsíodh Plean Straitéiseach Maoinithe sheol Uisce Éireann chuig an Aire é lena cheadú. Sa phlean úd leagtar síos caiteachas molta idir oibrithe agus caipitiúil don tréimhse suas go dtí 2025.

Tá ailíniú iomlán idir an Ráiteas Polasaí agus na tiomantais atá sa Chreat Náisiúnta Pleanála 2018-2040, An Plean Náisiúnta Forbartha 2018-2027, agus an Plean Bainstíochta Abhantrach Éireann 2018-2021**.**

Táillí Caighdeánaithe um Cheangal Uisce & Fuíolluisce

D'fhoilsigh an CRU (Rialtóir Fóntas Uisce) cinneadh maidir le Polasaí Táillí Ceangal ag Uisce Éireann i 2018 tar éis prósis chomhairliúcháin. Cinntíonn an córas nua táillí caighdeánaithe go náisiúnta, faoi láthair bunaítear na táillí ar a raibh i bhfeidhm ag Uisce Éireann thiar i 2014. Leagtar síos freisin an réimse obair a bhaineann le gach aon cheangal.

Baineann an cinneadh úd le custaiméirí a cheanglóidh le gréasán uisce agus/nó fuíolluisce poiblí agus feidhmeofar é so ar 1 Aibreán 2019.

Triomach Samhraidh 2018

Bhí drochthionchar ag an aimsir thirim i mórán áiteanna ar fud na tíre maidir le soláthar uisce agus caitheadh bac náisiúnta a chur ar phíobáin uisce a úsaid. Is fíor, áfach, nach raibh aon fhadhb mhór ag Muineachán maidir le soláthar uisce.

Cé gur laghdaigh beagán ar an soláthar, bhí dóthain uisce ar fáil ar fud na tíre. Ag Muineachán bhí ceann de na leibhéil ab ísle sa tír maidir le UFW (Uisce gan Chuntas) agus bítear ag saothrú gan stad chun uisce a chaomhnú ionas go mbeidh an leibhéal UFW níos lú fós.

Clár Caipitiúil Infheistíochta

Sa Phlean Caipitiúil Infheistíochta atá ag uisce Éireann feabhsaítear cáilíocht uisce, sileadh, géilliúlacht fuíolluisce, éifeachtúlacht gnó agus seirbhísí custaiméara. Go dtí seo, i gcomhar le Contae Mhuineacháin, chuir Uisce Éireann nó gheall siad breis is €15.7m do thionscnaimh uisce agus fuíolluisce i gContae Mhuineacháin.

Le linn 2018, rinne agus chríochnaigh Comhairle Contae Mhuineacháin mórán tionscnamh lárnach ar son Uisce Éireann.

Ar 27 Aibreán tosaíodh oibreacha chun Fearas Cóireála Fuíolluisce Bhaile na Lorgan a uasghrádú ar chostas €3.6m.

Ligeann an conradh do mhionscrúdú idir mheicneach agus leictreach ar an bhfearas cóireála fuíolluisce mar atá agus ar umair choinneáil stoirme, bóthar rochtain nua agus stáisiún Sráid Mucnú a athlonnú. Is é EPS an príomhchonraitheoir agus táthar chun an fearas a uasghrádú faoi Chonradh Dearadh, Tógáil agus Oibriú.

Ar deireadh beidh an fearas uasghrádaithe ag géilleadh go hiomlán do na Treoracha AE Fuíolluisce Uirbeach agus cinnteofar cosaint leanúnach Loch Mucnú.

Cuirfidh an t-uasghrádú seo go mór le feidhmiú funnimh sa bhFearas agus spárálfar an-chuid costais sa bhfadtéarma dá bharr san.

Tosófar ar an dtógáil go luath i 2019.

DRAFT

Táthar chun uasghrádú a dhéanamh ar Fhearas Cóireála Uisce Coill an Chait a bhíonn ag freastal ar Scéim Soláthar Réigiúnach Uisce Loch Éigis. Beidh costas €4.5 milliún air sin agus bainfear leas as ag thart ar 12,000 tomhaltóirí i gCo Mhuineacháin, san áireamh beidh Béal Átha Beithe, Buíochar agus Baile na Lorgan.
Leanfaidh *Coffey Water* den scéim úd a oibriú go ceann bliana agus ansin mí na Samhna 2018 tabharfar ar aghaidh í do Uisce Éireann i 2019. Tar éis iniúchadh EPA mí Iúil 2018, baineadh Uisce Choill an Chait den Liosta Gníomh Feabhais EPA do sholáthar uisce poiblí.

I 2018 críochnaíodh oibreacha ar Thionscnamh Athnuachan Príomhphíopaí Uisce Mhuineacháin agus Cluain Eois.

I dteannta Chomhairle Contae Mhuineacháin, rinne Uisce Éireann infheistiú €6.1 milliún i mbonneagar uisce gréasán Mhuineacháin agus Cluain Eois.

Faoin dtionscnamh úd, leagadh 9.1Cm príomhphíopaí nua (4.8 Cm seanphíopaí i mBaile Mhuineacháin agus 4.3Cm den ghréasán scaipthe sa cheantar tuaithe Cluain Eois), coimisiúnaíodh 570 ceangal nua seirbhíse agus san áireamh bhí athlonnú 134 seirbhís ar chúl an tí agus 39 príomhphíopa seirbhíse poiblí. Socraíodh an bóthar arís i 2018.

Mí na Samhna chuir conraitheoirí píopaí 360m ar fhad ar Shráid Mucnú, Baile na Lorgan agus tosaíodh ar shuímh a scrúdú maidir le 1100m príomhphíopaí ar an bPríomhshráid, Baile na Lorgan mar a bhfuiltear chun cinn nua a leagan go luath i 2019.

Faoin gclár do sheirbhísí nua mar a bhfuil luaidhe d'aithin Uisce Éireann 83 píopa dá leithéid i bPáirc Uí Néill i dtreo deireadh na bliana 2018.

Achoimre ar Oibreacha Leanúnach Caipitiúla

Conradh	Cur síos ar na hOibreacha	Luach Measta
Teach na dTrí Mhíle WWTP RBC Athbhunú	Athbhunú RBC, Baint Cothaitheach, umar nua stoirme a shuiteáil.	€498,000
Baile na Lorgan WWTP Uasghrádú	Uasghrádú iomlán Meicniuil & Leictreach ar an bhfearas. Stáisiún nua caidéala a shuiteáil. Claí nua picéid a thógáil maraon le bóthar nua rochtain ó Shráid Mucnú.	€3,635,588
Muineachán Uasghrádú Oibreacha Iomportála	Baineann an conradh le huasghrádú ar an mbealach isteach go dtí na hoibreacha chun cóireáil a sholáthar do shludaigh agus láiste líonadh talún. Áis nua iompórtála chun glacadh le sludaigh fuíolluisce agus sludaigh fuíolluisce tí lena gcóireáil laistigh den bhfearas.	€574,000
Muineachán & Cluain Eois Athbhunú Príomhphíopaí Uisce	Athbhunú 9Cm Príomhphíopaí Uisce	€6,100,000
Muineachán Uasghrádú Aeraithe	Córas nua aer spréite agus séidirí	€469,561
Scéim Réigiúnach Soláthar Uisce Loch Éigis – Fearas Cóireála Coill an Chait	Oibreacha uasghrádú ag Fearas Cóireála Coill an Chait agus asbhaint Loch Bán	€4,500,000

Ar feadh 2018, chuir Uisce Éireann agus Comhairle Contae Mhuineacháin an Clár Caipitiúil Mionúir mar a bhfuil cláir a dhíríonn ar an leas is fearr a bhaint as feidhmiú na n-áiseanna atá againn faoi láthair.

Ar na tionscnaimh úd tá oibreacha suntasacha ar fhearas Cóireála Fuíolluisce Teach na dTrí Mhíle ar chostas €498,000. Anuas air sin tosaíodh mí Meithimh ar na háiseanna iomportála sludaigh i Muineachán a uasghrádú ar chostas €574,000.

Baineann an obair seo freisin le háiseanna scagtha a fheabhsú chun gur féidir toirt sludaigh ag teacht isteach a logáil ar chóras cárta uathoibrithe.

Scuaine Feithiclí nua ar ordú ó Uisce Éireann

D'ordaigh Chomhairle Contae Mhuineacháin naoi veain nua ó Uisce Éireann is iad le teacht mí Feabhra 2019. D'oibrigh an meitheal scuaine le hOibríochtaí Sócmhainní IW agus foireann an Údaráis Áitiúil chun sonraíochtaí caighdeánach a fhorbairt ionas go mbeidh na feithiclí úd oiriúnach don chúram.

Beidh an scuaine nua sábháilte nua-aimseartha agus faoi bhainistiú mar is cóir. Ligfear d'fhoireann oibríochta an UA na sócmhainní oibríochta a bhreathnú, a chóireáil is a choimeád go héifeachtuil. Ligtear freisin don bhfoireann ag freagairt d'éigeandálaí de réir riachtanais rialála leis an CRU.

Aistriú Sócmhainní

Ligeann Alt 12 den Acht (Uimh. 2) Seirbhísí Uisce 2013 do Shócmhainní Seirbhísí Uisce a aistriú go hUisce Éireann, deantar an feidhmiú trí Ord an Aire. Go dtí seo aistríodh 91 uimhreacha fóilió go hUIsce Éireann. Tá thart ar 102 fóilió fós le n-aistriú.

I 2018, tharla obair shonraithe go leanunach mar ullmhú don aistriu sócmhainní a chlúdaigh fo-ranna fóilió agus léarscáilíocht ghaolmhar, suímh a chlárú, cearta dlíthiúla slí a bhunú agus aimhrialtacht maidir le teidil a réiteach.

Clár Uisce Tuaithe

Riarann Comhairle Contae Mhuineacháin an Clár Uisce Tuaithe i gContae Mhuineacháin agus tá réimse bearta chun díriú isteach ar easpaí mar:

- Grúpscéimeanna Uisce
- Grúpscéimeanna Séarachais
- Soláthar príobháideach nuair nach mbíonn an dara rogha ann mar ghrúpa nó soláthar poiblí

Riarann Comhairle Contae Mhuineacháin fóirdheontais i dtreo an chostas a bhaineann le Grúpscéimeanna Uisce a sholáthar.

I 2017, íocadh €2.6M le Grúpscéimeanna Uisce sa Chontae. San áireamh bhí íoc déanach €473,000 maidir le Ciorclán L9/17 a d'éascaigh fóirdheontais uasmhéid a bhreith ar ais tar éis a laghdaithe idir 2015 – 2016.

Leanann na Grúpscéimeanna den uasghrádú agus feabhsú a bhíonn riachtanach agus a fhaigheann maoiniú ón Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil. I 2018 íocadh deontais €347,072 ar an iomlán do cheithre Grúpscéim Uisce.

Deontas Toibreacha

Sheol 15 dhuine aonair iarratais chuig an Roinn Uisce Tuaithe i 2018 ar sholáthar uisce do thithe aonair a chur isteach nó a uasghrádú.

Cigireacht ar Chórais Chóireála Fuíolluisce Tí

Faoin Acht (Leasú) Seirbhísí Uisce 2012 déanann Comhairle Contae Mhuineacháin cigireacht ar chórais phríobháideach um Chóireáil Fuíolluisce Tí. I 2018, rinne foireann an údaráis áitiúil 29 cigireacht agus eisíodh sé fhógra comhairlithe.

Féadfaidh úinéirí áitribh a fhaigheann fógra comhairlithe ó Chomhaire Contae Mhuineacháin tar éis cigireachta cur isteach ar chostas oibreacha feabhsaithe faoi na Rialacháin (Cúnamh Airgeadais) Córais Chóireála Fuíolluisce Tí 2013.

Fóirdheontas Nua Ciorclán L2/18

Mí Lúnasa 2018 d'eisigh An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil (RTPRÁ) Ciorclán L2/18 a mhíníonn uasmhéid nua na bhfóirdheontais a íocfar do chostais oibríochta grúpscéimeanna uisce a bhíonn ag freastal ar úsaid tí. Bhí feidhm leis an gcíorclán ó 1 Eanáir 2018, faoi réir géilliúlacht do na Téarmaí agus Coinníollacha nua (RTPRÁ).

Tithíocht

Clar Caipitiúil Tógála

DRAFT

Tionscnaimh nua, forbairtí réidh le bogadh isteach agus tithe aonair a fháil a bhí lárnach sa chlár caiteachais caipitiúil i 2018.

Tosaíodh ar fhorbairt ocht dteach san Bhrí, Baile na Lorgan i 2018; críochnaíodh 16 theach réidh le bogadh isteach i nGarrán Mailp agus Na Móinéir, Na Mullaí. Fuarthas 16 theach breise aonair i rith na bliana agus ceithre aonad aonair faoi shocruithe Cuid V.

Tosaíodh ar 43 theach a thógáil i Leacht Lorcáin, Muineachán. Táthar ag súil le hiad a chríochnú agus daoine ina gcónaí iontu faoi ráithe 4, 2019.

I 2018 ceadaíodh moltaí do 21 theach nua ar sé cinn de shuímh tréigthe mar chuid de Scéim Athnuachan Cluain Eois agus fuarthas cead céim 1 chun moltaí a ullmhú maidir le suíomh tréigthe i mBaile an Scotaigh mar a meastar 31 teach a thógáil.

Tugadh isteach an Scéim Léas um Dheisiú agus Athnuachan i 2017, críochnaíodh 4 theach i gCarraig Mhachaire Rois i 2018 agus daoine anois ina gcónaí iontu.

Faoi thionscadail éagsúla fadtéarmach léasa cuireadh 44 aonad ar fáil ó Chuideachtaí Ceadaithe Tithíochta sa chontae, san áireamh bhí 38 n-aonad ag Lough Glack ón gCumann Tithíochta Thuaidh agus Thoir. Tógadh sé aonad ag Lios Éigeartáin, Cluain Eois faoin dtionscadal CALF.

Íocaíocht um Chúnamh Tithíochta

Rugadh isteach an Scéim Íocaíocht um Chúnamh Tithíochta (HAP) i gComhairle Contae Mhuineacháin i 2014 in ionad an Fhorlíonadh Cíosa a bhíodh ag An Roinn Choimirce Shóisialaí. I 2018 tacaíodh le 198 teaghlach breise trí HAP agus ar 31 Nollaig 2018 bhí iomlán 530 tionóntachtaí HAP ar bun i gContae Mhuineacháin.

Scéim um Chóiríocht ar Cíos

Leanann an Scéim um Chóiríocht ar Cíos (RAS) mar chuid lárnach den chóras chun tacaíocht mar thithíocht shóisialta a sholáthar i gContae Mhuineacháin. Ar an iomlán soláthraíodh 216 áitreabh faoin scéim RAS faoi dheireadh na bliana 2018, 123 in áitribh phríobháideach ar cíos agus 93 in áitribh le comhlachtaí ceadaithe tithíochta.

Deontais Tithíochta

Cuireann deontais chun Teach a chur in Oiriúint, Cúnamh Tithíochta do Lucht Scothaosta agus Tithíocht um Chúnamh Gluaiseachta le freagairt do riachtanais an duine trí theach a chur in oiriuint go speisialta don áitritheoir. I 2018 fuair An Roinn Tithíochta 292 Iarratas, ceadaíodh 278 díobh agus íocadh 213. Ba é €1.7M luach iomlán na ndeontas agus fuarthas aisíoc €1.503M ón Roinn.

Seirbhísí do Dhaoine gan Dídean

Ag leibhéal áitiúil thángthas ar 103 duine fásta agus 83 teaghlach gan dídean i 2018. Réitíodh an cás don chuid ba mhó trí chóiríocht phríobháideach ar cíos agus tacaíocht HAP, cuireadh dream beag eile i gcóiríocht i gcás práinne agus/nó filleadh ar a mbailte féin. Ba chóir a lua nár measadh ach 20% d'iomlán na teaghlaigh a tháinig chugainn mar dhaoine gan dídean.

Cóiríocht don Lucht Siúil

Leag an Clár um Chóiríocht don Lucht Siúil 2014-2018 dáileadh mar sprioc 44 teaghlach a chur i ngnáthaonaid tithíochta agus trí cinn in aonaid aonair/tuaithe ceannaithe. Ag deireadh tréimhse an phlean bhí cóiríocht ag 57 teaghlach agus tá plean nua á ullmhú don tréimhse 2019-2024. Anuas air sin ceadaíodh i bprionsabal an suíomh stad i nGort an Chaocháin a athfhorbairt.

Tionóntachtaí

Lean Comhairle Contae Mhuineacháin de mhonatóireacht agus tacaíocht trín Oifigeach Teagmhála Tionóntaithe (TLO). Pléitear freisin sa tseirbhís TLO le ceisteanna a bhaineann le hiompar frith-shóisialta nó tionóntachta a shárú.

Cinntíonn an Chomhairle go mbíonn tionóntaithe idir nua agus iad siúd atá ag aistriú ar an eolas faoi

DRAFT

na hoibleagáidí atá orthu faoin gcomhaontú tionóntaithe mar caithfidh siad freastal ar Sheisiúin Réamhthionóntachta. I 2018 tharla thart ar 50 dá leithéid agus páirteach iontu bhí breis is 100 teaghlach nua.

Faoi Cuid 2 den Acht Tithíochta (Forálacha Ilchineálacha) 2014 féadfaidh an Chomhairle gníomhú má sháraítear coinníollacha na tionóntachta. I 2018 d'eisigh an roinn Teagmhála Tionóntaithe 11 rabhadh reachtúil (nár bhain le cíos) faoin Acht. Tugadh suas naoi n-áitreabh go deonach tar éis Rabhadh Reachtúil Tionóntachta a sheirbheáil. Rugadh ar ais aon áitreabh amháin tar éis Ordú Cúirte a chur i gcrích.

Oibreacha Feabhais

Tá an Tionscnamh Oibreacha Feabhais 9 sna heastáit i Mullach Meata fós ar bun. Leanadh den obair i 2018 le súil dul ar aghaidh go dtí an chéim dheiridh i 2019.

Cothabháil Tithíochta

Tá Comhairle Contae Mhuineacháin freagrach as na 1,564 aonad tithíochta atá ag an gComhairle a chothabháil. I 2018 bhí dáileadh buiséid mar €1,195,000 don chothabháil idir fhreagrach, pleanáilte agus ginearálta. Fuair agus logáil an Roinn Tithíochta breis is 1995 tuairisc deisiúcháin i 2018. Ar na trí réimse lárnacha a bhaineann le cothabhail tithíochta tá:

(1) Cothabháil fhreagrach

Baineann le freagairt d'éigeandálaí nó iarratais ar dheisiúcháin ó thionóntaithe. Leanann an Roinn Cothabháil Tithíochta de phlé le tionóntaithe chun an t-eolas cuí a scaipeadh maidir leis na freagrachtaí úd.

(2) Cothabháil Ghinearálta

Cuimsíonn na cláir oibreacha ar áitribh fholmha, ceannach nua, tithe tuaithe agus an suíomh staid lucht siúil.
I 2018, rugadh ar ais in úsáid áitreabh folamh mBaile na Lorgan, críochnaíodh obair ar struchtúr cosanta a tógadh i 1877 is é sin anois in úsáid freisin.

(3) Cothabháil Phleanáilte

Soláthraítear cláir phleanáilte chun oibreacha áirithe feabhsúcháin nó athnuachan a chur i gcrích. I 2018 díríodh ar oibreacha cothabhála mar fhuinneoga is doirse nua do 55 áitreabh ar chostas €125,500.

Pleanáil

Plean Forbartha

Déardaoin 15 Márta 2018 thug Comhairle Contae Mhuineacháin fógra go bhfoilseofaí Dréachtphlean Forbartha Contae Mhuineacháin 2019-2025.
Críochnófar an próiseas nuair a ghlacfar le Dréachtphlean Forbartha Contae Mhuineacháin

DRAFT

2019-2025 san Earrach 2019
Tharla an comhairliúchán don Dréachtphlean Forbartha thar tréimhse 12 sheachtaine ó 15 Márta go 25 Bealtaine 2018, ar an iomlán fuarthas 94 aighneacht. Mí na Samhna 2018 eisíodh Tuairisc an Phríomhfheidhmeannaigh ar chomhairliúchán an Dréachtphlean go dtí baill an Údaráis Phleanála chun machnamh agus plé a dhéanamh air.

Ina dhiaidh sin d'aontaigh na Baill Tofa ar leasuithe molta ar an ndréachtphlean, measadh iad siúd a bheith mar athruithe ábhartha. Cuireadh na hathruithe ábhartha ar taispeáint go poiblí i ndeireadh mí na Nollag ar feadh ceithre sheachtain chun tuairimí a lorg.

Athruithe

Athrú Uimh. 7 Limistéar Caomhnaithe Ailtireachta Glas Locha

Tá sráidbhaile Glas Locha ainmnithe mar Limistéar Caomhnaithe Ailtireachta, í mar aidhm an carachtar uathúil agus spéis atá sa tsráidbhaile a chosaint is chun polasaithe caomhnaithe agus pleanála a leagan amach i dtreo forbairt sa todhchaí. Chuimsigh an t-athrú polasaithe chun an ACA a chosaint agus ina theannta bhí an doiciméad Ráiteas Carachtair ACA Glas Locha mar a bhfuil léarscáil teorann agus treoir ar bhainistíocht an ACA sa todhchaí.

Plean Feabhsaithe Sráid Bhaile Átha Cliath

Ag na Gradaim Feabhas Áitribh de chuid KPMG/*Irish Independent* mí na Samhna 2018, aithníodh an Feabhsú Sráid Bhaile Átha Cliath trín ngradam Feabhas Pleanála. Ina dhiaidh sin fuarthas maoniú ón gciste Athbhunú agus Forbairt chun dul ar aghaidh go dearadh sonraithe agus fáil éigeantach tailte do Phlean Feabhsaithe Sráid Bhaile Átha Cliath.

Bainistíocht Fhorbartha

Bhí líon na n-iarratas pleanála mórán ar an gcuma céanna le 2017, iad ag dul i méid le trí bliana roimh sin.

Don chuid ba mhó baineadh le tithe aonair agus sínte tí, ina dhiaidh sin bhí forbairtí talmhaíochta.

Iarratais Phleanála 2018	
Faighte	644
Neamhbhailí	28
Deonaithe	502
Diúltaithe	24

Bhí dhá mholadh forbartha a chuaigh in aghaidh forálacha Phlean Forbartha Contae Mhuineacháin agus bronnadh cead pleanála orthu i 2018 trín bpróiseas sárú ábhartha.

Eisíodh Dearbhuithe Cuid 5 d'fhorbairt ag a raibh díoluaine agus ceadúnas amháin siamsaíochta d'Fhéile Ceol Tíre Mhuineacháin.

Forbairtí Tithíochta gan Chríochnú

I dtús 2018 bhí cúig fhorbairt tithíochta gan chríochnú sa Chontae agus ag seo an stádas reatha.

Forest Walk, Baile Mhuineacháin: fuarthas iarratas pleanála faoin uimhir thagartha 19/1 ag iarraidh an fhorbairt mar atá a chríochnú chun 22 teach cónaithe a sholáthar.

An Dromainn Ros, Baile Charaig Mhachaire Rois: Shínigh an forbróir (*East Coast Estates*) agus an Cuideachta Titíochta Tuatha conradh ar 28 Márta 2018 chun an fhorbairt a chríochnú agus 33 aonad cónaithe a sholáthar. Meastar go gcríochnófar na hoibreacha faoi lár na bliana 2019.

Bothar An Mullán, Teach an Scotaigh: fuair an tÚdarás Áitiúil an suíomh trí CPO faoin Acht Suímh Thréigthe mí Dheireadh Fómhair 2017. Dáileadh maoiniú mí Dheireadh Fómhair 2018 chun dul ar aghaidh agus tithe a thógáil ar na tailte. Táthar fós ag plé roghanna suirbhé agus féidirtheachtaí eile.

Corr na nGlas, Béal Átha Beithe: fuair an Chomhairle cuid mhaith den suíomh trí CPO faoin Acht Suímh Thréigthe mí Dheireadh Fómhair 2017. Tharla comhráití leathan is táthar fós ag plé le húinéirí talún agus páirtithe leasmhara eile sa dúthaigh máguaird chun an bealach is fearr a aimsiú.

Cnoc Na Gréine, Tigh Damhnata: fuair an tÚdarás Pleanála cistí bannaí mí Dheireadh Fómhair 2017 tar

DRAFT

éis moill cúig bliana ar réiteach a fháil ón mbanc. Rinneadh oibreacha feabhsúchain ar an eastát go deireanach i 2018 mar thírdhreach, casáin, uachtar bóthair agus cóiriú teorainneacha.

Glacadh mar Mhuirear

Ar an iomlán glacadh le cúig fhorbairt tithíochta i rith 2018. Fógraíodh ar a laghad seacht bhforbairt eile chuige seo agus tá na hullmhúcháin nach mór réidh anois.

Forfheidhmiú Pleanála

Má bhíonn an tÚdarás Pleanála ar an eolas faoi shárú ceadaithe nó forbairt gan cheadú, go minc is leor comhráití leis an(na) ciontóir(í) chun an scéal a chur ina cheart. Is fíor áfach, nuair nach réitíonn an(na) ciontóir(í) an fhadhb go dtí go ndéantar forfheidhmiú go foirmiúil. Tá staitisticí forfheidhmithe na bliana anso thíos. Chuir sonraisc luatha agus forfheidhmiú leanúnach maidir le forbairtí gan íocaíocht go mór leis an ráta feabhsaithe bailithe. Fuarthas €960,957 mar Fhála i 2018.

Staitisticí Forfheidhmithe 2018	
Líon cásanna faoi réir gearáin	**85**
Litreacha Rabhaidh faoi Alt 152	**65**
Fógraí Forfheidhmithe faoi Alt 154	**15**

Tionscnamh Taiscí Inaisíoctha

Tá saothar ar bun maidir le taiscí inaisíoctha bailithe trín bpróiseas pleanála a réiteach. Caithfear suim mar €2.3M a réiteach agus tá 25,259 comhad á scrúdú. Tosaíodh ar an bpróiseas chun réitigh mi na Samhna 2018 agus mar chabhair chuige sin forbraíodh próiseas nua sa Chóras Bainistiú Airgeadais *Agresso*. Táthar réidh anois leis na comhaid a bhain le 2018 agus tá obair ar siúl anois ar chomhaid 2017.

Suímh Thréigthe

Ag deireadh 2018 bhí 31 áitreabh ar an gClár Suímh Thréigthe. Tar éis oibreacha sásúla feabhsúcháin baineadh lion áirithe den gClár i 2018. Anois tá an Roinn Tithíochta ag cur tionscnaimh um thithíocht shóisialta chun cinn agus fuarthas roinnt suíomh tréigthe ar bhonn éigeantach i gCluain Eois agus Baile an Scotaigh.

Scéim Athnuachan Bailte agus Sráidbhailte

I 2018, fuarthas maoiniú €868,500 faoin Scéim Athnuachan Bailte agus Sráidbhailte chun naoi gcinn de bhailte agus sráidbhailte a fheabhsú i 2019 mar a leanas:

- Béal Átha Beithe: Oibreacha Ríocht Phoiblí
- Carraig Mhachaire Rois: Forbairt ar Theach an Mhargaidh agus spás do thaispeántais i dTeach na mBocht
- Baile na Lorgan: Plionta do dhealbh *Big Tom,* spás ilúsáide ríocht phoiblí
- Cluain Eois: Ionaid tionsclaíoch mar a bhfuil seirbhísí á bhforbairt
- Scairbh na gCaorach: Uasghrádú ar chlós súgartha, giom lasmuigh
- Glas Locha: Feabhsú an tsráidbhaile
- Inis Caoin: Comharthaíocht Bhranda don rian *Kavanagh*
- Leatón: Oibreacha Ríocht Phoiblí
- Teach an Scotaigh: Faiche Pobail

Oidhreacht Ailtireachta

Riarann Roinn Pleanála Comhairle Contae Mhuineacháin dhá scéim bliantúil um dheontais oidhreachta, an Scéim Infheistíocht in Oidhreacht Ailtireachta (BHIS) agus an Ciste Struchtúir i mBaol (SRF).

Scéim Infheistíocht san Oidhreacht Ailtireachta

Spreagann an BHIS caipiteal príobháideach a infheistiú i roinnt tionscnamh beag trí shaothar díograiseach chun struchtúir stairiúla a dheisiú is a chaomhnú.

I 2018 fuair cúig thionscnamh maoiniú faoin BHIS,

DRAFT

san áireamh bhí:

- Eaglais Stáin Naomh Peadair, Láithreach
- Eaglais Chríost, Achadh na Muileann
- Stáisiún Traenach Glas Locha
- Óstán Creighton, Cluain Eois
- Eaglais Naomh Damhnait, Muineachán

Ciste Struchtúir i mBaol

Tá an SRF ann ar son oibreacha chun struchtúir chosanta a chosaint sa todhchaí nuair a léirítear go bhfuil géarghá leis an obair.
I 2018 bronnadh maoiniú ar dhá thionscnamh faoin SRF mar a leanas:

- Páirc *Hilton*, Cluain Eois
- Eaglais Naomh Pádraig, Ard Ráth

Dearbhú Cuid 8

Eisíodh 57 Dearbhú Cuid 8 i 2018.

Cosaint Comhshaoil

Tá ról lárnach ag an Roinn Comhshaoil ag cosaint is ag feabhsú comhshaol nádúrtha an chontae. Aithníodh an méid sin sa Phlean Corparáideach 2015-2019 mar chuspóir Straitéiseach uimhir 2 *Timpeallacht ghlan sábháilte a chur chun cinn is a chosaint ar bhonn láidir inmharthana.* Leanann an Roinn Comhshaoil de shaothrú chun an cuspóir straitéiseach úd a chur i gcrích trín bPlean Náisiúnta Soláthar Seirbhísí a fheidhmiú. Díríonn an plean úd ar pholasaithe agus pleananna sna réimsí mar bhruscar, dramhaíl, uisce agus cáilíocht aeir. I 2018 bhí trí tháscaire seirbhíse NOAC ann do Sheirbhísí Comhshaoil.

www.repairmystuff.ie

I 2018 sheol Comhairle Contae Mhuineacháin eolaí náisiúnta deisiúcháin ar líne www.repairmystuf.ie mar chuid den Chlár Náisiúnta Cosc ar Bhruscar agus chun cuspóirí an Phlean Réigiúnach Bainistiú Bruscair a chur i gcrích. Go dtí seo tá breis is 700 gnó ar an liosta agus bhí 18,000 cuairteoir ar an suíomh i rith na bliana. Tháinig an maoiniú ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil.

Ceiliúradh ar Rath na mBailte Slachtmhara

Bhí na Bailte Slachtmhara 60 bliain ar an bhfód i 2018 agus an líon iontráil ba mhó riamh acu ó bhailte is sráidbhailte ar fud na tíre, 19 díobh ó Mhuineachan. Leanadh dár dtraidisiún mórtasach sa chomórtas agus tréaslaímid le cách a chabhraigh leis an Údarás Áitiúil na cuspóirí straitéiseacha a chomhlíonadh trín gContae a choimeád glan agus saor ó bhruscar. Déantar an obair seo i gcomhar leis an údarás áitiúil ag tacú leis an bPlean Bainistiú Bruscair agus NOAC E3: % an Limistéir Údarás Áitiúil laistigh de na cúig Leibhéal Bruscair.

Torthaí na mBailte Slachtmhara do Chontae Mhuineacháin 2018

Catagóir	**Buaiteoirí Mhuineacháin**
Sráidbhaile is fearr	Glas Locha
Bonn Óir	Catagóir B: Glas Locha Catagóir D: Carraig Mhachaire Rois
Bonn Airgid	Catagóir E: Baile Mhuineacháin
Gradam Réigiúnach	Glas Locha.

DRAFT

(Iarthar agus Iarthuaisceart)	
Gradaim Chontae	Glas Locha. Molta: Baile Mhuineacháin
Gradam Iarrachta	Scairbh na gCaorach
Gradaim Laochra Pobail	Molta go mór – Anne McGhee, Glas Locha.

***Sing* – Comórtas Ceol Comhshaoil**

Leanann an Roinn Comhshaoil de sheirbhís oideachais do scoileanna, Ógtheagmháil agus caifí óige ar fud an Chontae. Ar bhuaicphointí na bliana bhí Comórtas Amhrán Comhshaoil buaite ag scoláire ó Ghaelscoil Ultan, Muineachán. Mar chuid den duais léiríodh físeán ceoil leis na scoláirí agus bhí an-tóir air nuair a seoladh é ar *Facebook.*

Clár Cigireachta Comhshaoil

Mar chuid den ASDP, ullmhaíonn an Roinn Comhshaoil Plean bliantúil Cigireachta Comhshaoil a sheoltar chuig an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil. Leagann an Plean Cigireachta béim ar acmhainní agus cur chuige do chosaint comhshaoil a bhíonn bunaithe ar riosca. I 2018 rinne Seirbhísí Comhshaoil 2725 cigireacht ar réimsí dramhaíola, uisce, aeir agus gleo. Anuas air sin fiosraíodh 577 gearán, níl ach ocht gcinn fós oscailte faoi dheireadh na bliana. Táscaire Náisiúnta NOAC E2: % Gearán Truailliú Comhshaoil Dúnta is ea an figiúr seo.

Bailiúchán Tocht

Bhí an-tóir ag an bpobal ar Bhailiúchán Tocht a tharla ag an dá ionad athchursála atá ag an gComhairle Contae. Fuarthas ar an iomlán 628 idir an dá láthair ach bhí Cúinne an Scotaigh beagáinín níos gnóthaí. Fágadh 238 dúbalta agus 150 singil, i gCarraig Mhachaire Rois bhí 126 singil agus 114 dúbailte. Reachtáladh na hócáidí seo mar chuid den bPlean Bainistiú Bruscair trí mhaoiniu ón dTionscadal Frithdhumpála.

Cáilíocht Uisce

Le linn 2018 lean Comhairle Contae Mhuineacháin den chlár um mhonatóireacht uisce, bainistíocht fhorbartha, suirbhéanna abhantrach, tógáil samplaí Treoir Creat Uisce, ceadúnais diúscartha aus gearáin truailliú uisce a fhiosrú. Díríonn na cláir oibre úd ar fad ar cháilíocht uisce a chosaint má tá sí go maith agus a fheabhsú má bhíonn gá de réir cuspóirí an Phlean Bainistiú Abhantrach. San Earrach 2018 foilsíodh an Plean Bainistiú Abhantrach 2018-2021 a leagann amach na gnímh a bheidh ag teastáil chun cáilíocht uisce a fheabhsú agus stádas 'maith' a bhaint amach i gcoirp uisce (aibhneacha, lochanna, inbhir agus uiscí cósta) faoin mbliain 2027. Chun an sprioc úd a bhaint amach fuarthas breis acmhainní náisiúnta mar an Clár Uiscí Údarás Áitiúil (LAWPRO) atá mar sheirbhís i bpáirt ag na hÚdaráis Áitiúla agus áisínteachtaí stáit chun Pleananna Bainistiú Abhantrach in Éirinn a fhorbairt is a fheidhmiú. Bunaíodh oifig réigiúnach LAWPRO in oifigí Cathartha Carraig Mhachaire Rois le linn 2018. I Muineachán, thosaigh meitheal LAWRO ar obair ar na cúig réimse gníomh ainmnithe mar a aithníodh sa Phlean Bainistiú Abhantrach.

Fad is a bhíonn an meitheal LAWPRO ag obair ar na cúig Réimse ainmnithe Tosaíochta sa Chontae, leanann meitheal uisce Comhairle Contae Mhuineacháin ar shaothrú ar fud an chontae. I 2018, rinne foireann Seirbhísí Comhshaoil obair ar thosaíochtaí mar mheasúnaithe fiosraithe, samplú agus measúnú bitheolaíoch, siulóidí abhann agus samplaí anso is ansiúd ó choirp uisce sa chontae. Díríodh go príomha ar áiteanna mar a raibh gá le breis fiosraithe um fhadhbanna cáilíocht uisce.

I 2018 réimse mór saothar ag Seirbhísí Comhshaoil is iad i bpáirt arís leis an bpobal feirmeoireachta ab ea na cigireachtaí. Tharla cigireacht ar bhreis is 160 feirm faoi na Rialacháin Deachleachtais Fheirmeoireachta agus rinneadh suirbhé ar 100 clós feirme breise, go príomha i limistéar oibre na Finne. Léirigh na torthaí san ráta ard géilliúlachta mar 94% agus riosca an-íseal nó gan riosca. Leantar den saghas seo oibre ag plé le feirmeoirí chun foinsí truaillithe a aimsiú maraon leis an gcleachtas is fearr talmhaíochta a spreagadh is a chur chun cinn.

Ina theannta san i 2018 d'eagraigh Seirbhísí Comhshaoil Céim 2 den tionscnamh píolótach Doire Mholach. Bhain sé sin le tástáil ar an ithir agus

DRAFT

pleananna um bhainistiú cothaitheach do na feirmeacha a bhíonn páirteach. Léirigh an staidéar gur buntáiste suntasach d'fheirmeoirí ó thaobh costais de is ea leasú a úsáid ar bhonn inmharthana is go bhfeabhsaíthear an cháilíocht uisce chomh maith. Bhí an tionscnamh úd ar an ngearrliosta do Ghradam Cumann Lucht Tráchtála Éireann 2018 agus na Gradaim Uile-Éireann Pobail agus Comhairle 2019.

Líonadh Talún Coirnéal na nAlbanach

Tosaíodh ar oibreacha clúdaithe ag líonadh talún Coirnéal na nAlbanach go deireanach i 2018. Meastar a bheith réidh leis seo faoi mhí Aibreáin 2019 ar chostas conartha mar thart ar €1M.

Bhí torthaí dearfach ar iniúchadh bliantúil an EPA ar an láithreán líonadh talún agus ionad athchúrsála seo agus níor taifeadadh neamhghéilliúlacht ar bith. Bhí ioncam leanúnach ón ngabháltas ag Comhairle Contae Mhuineacháin i 2018 as an gconradh oibrithe d'ionad athchúrsála Carraig Mhachaire Rois agus ionad athchúrsála Coirnéal na nAlbanach.

Bainc Beir Leat don Ghloine

I ndiaidh próiseas fála i 2018 thosaigh Comhairle Contae Mhuineacháin ar chonradh nua le *Glassco Recycling* do chúram an ghréasán suíomh beir leat sa chontae. Dá bharr san tá feabhas ar an seirbhís bhailithe agus le linn tréimhse an chonartha feicfear árthaigh nua in ionad na seanchinn.

Líonadh Stairiúil Talún

Le linn 2018 chrom Comhairle Contae Mhuineacháin ar oibreacha um fhiosrú suímh ar mhórán suímh líonadh stairiúil talún sa Chontae. Ar chríochnú na n-oibreacha imscrúdaithe beidh Comhairle Contae Mhuineacháin in ann a chinntiú an mbíonn gá le haon oibreacha eile feabhais ar na suímh agus iarrfaidh ar dhul ar aghaidh chuig údarás suímh trín EPA mar a éilítear faoi na Rialacháin Bainistiú Dramhaíola (Dramhaíl Stairiúil gan Cheadúnas a Chur de Láimh agus Gníomhaíocht Aisghabhála), 2008. Tiocfaidh pé costas a bhaineann leis an imscrúdú suímh trí dháileadh thart ar €140,000 a fuarthas mí Bealtaine 2018 ón Roinn Cumarsáide, Gníomh Aeráide agus Comhshaoil.

Sábháilteacht Bia

Tá conradh ag Comhairle Contae Mhuineacháin le hÚdarás Sábháilteachta Bia na hÉireann (FSAI) chun rialú sábháilteacht bia agus seirbhísí tacaíochta a sholáthar do ghnóthaí beaga sa chontae a bhíonn ag marú, ag próiseáil nó ag díol feoil nó táirgi feola. Cuimsítear feoil úr, bia réidh le n-ithe nó le téamh mara mbíonn feoil chócáilte. Tá liosta gnóthaí ceadaithe bia ar fáil ar shuíomhidirlín na Comhairle. Bíonn cigirí tréidliachta ag an gComhairle chun ainmhithe a sheiceáil roimh agus i ndiaidh a maraithe, iniúchadh a dhéanamh ar na caighdeáin struchtúrtha agus oibríochta sna ghnóthaí maraon le cláir samplú agus oiliúint mar chúnamh d'úinéiri is foireann araon na caighdeán a eilítear sa reachtaíocht idir náisiúnta agus AE a bhaint amach. Dírítear ar shábháilteacht an bhia a thagann ó na gnóthaí úd a chinntiú, ar leas na n-ainmhithe a mharaítear agus ar fhothorthaí ainmhithe a chur de láimh ar bhonn sábháilte cóir.

Seirbhís Rialú Madraí

Tá Maor Madraí lánaimseartha amháin ag an gComhairle don chontae. Is é Dídean Madraí na Carraige, Lios Dúnáin agus MSPCA i Scairbh na gCaorach a sholáthraíonn áiseanna chun madraí ar strae agus gan suim ag éinne iontu a choimeád agus aire a thabhairt dóibh ar son na Comhairle. I 2018, tháinig laghdú arís ar an líon madraí a bhíodh á gcoimeád istigh ag an gComhairle. Tógadh 475 madra isteach sa phóna i 2018 i gcomparáid le nach mór 900 i 2008. Tháinig uinéirí nó daoine a bhí sásta glacadh leo ag triall orthu ach amháin seacht madra a ndearnadh eotanáis orthu mar nach rabhadar oiriúnach le tabhairt amach do dhaoine. I Muineachán eisíodh beagán faoi bhun 6,000 ceadúnas madraí. I 2018 d'fhoilsigh an Chomhairle bileog eolais ar fhreagrachtaí daoine a bhfuil madra acu agus leanadh den bhfeachtas bolscaireachta chun aird a tharraingt ar an mbaol a bhaineann le madraí ar strae ag dul ar thóir caorach.

Seirbhís Rialú Capall

DRAFT

Fostaítear seirbhísí *Hungry Horse Outside*, carthanacht capall lonnaithe i Longfort chun capaill ar strae a bhailiú sa chontae. Bailíodh cúig díobh i 2018, fuarthas baile nua do thrí cinn agus rinneadh eotanáis ar dhá chapall. Leantar de líon na gcapall ar strae a laghdú, bhí líon an-ard againn thiar sa bhliain 2013 nuair a bailíodh 96 capall ar strae.

DRAFT

Bóithre & Iompar

I 2018 rinne an Roinn Bóithre & Iompar an méid seo a leanas:

- Oibreacha Feabhsúcháin Athchóirithe ar 40.24Cm Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla
- Oibreacha Cothabhála Athchóirithe (cóiriú Dromchla) ar 13.51Cm Bóithre Réigiúnacha agus 49.1Cm Áitiúl.
- Chríochnaigh 2 thionscnamh um mhaolú Tuilte sa chontae
- Chríochnaigh 4.71Cm Feabhsúcháin Athchóirithe mar chuid de Mhaoiniú Doininne
- D'fhreagair an meitheal Cothabháil Gheimhridh 123 glaoch amach, 73 díobh idir Eanáir is Márta nuair a bhí stoirmeacha móra agus cúinsí drochaimsire nach bhfacthas le fada an lá
- Chríochnaigh 7 scéim um Fheabhsú Sábháilteacht ar Bhóithre, 1 cheann amháin ar Bhóthar Náisiúnta agus 6 cinn ar Bhóithre Neamhnáisiúnta
- Chríochnaigh deisiúcháin um chothabháil ghinearálta ar an nGreasán Bóithre Náisiúnta
- Tharla dul chun cinn sa chlár bliantúil athnuachana um Fhearas sa Chlós Innealra nuair a ceannaíodh 2 leoraí iompaithe, 3 chábán foirne, 2 chéacht sneachta agus greantóir salainn
- Glacadh leis an bPlean Gníomh Gleo do Chontae Mhuineacháin
- Glacadh le Plean Ceansú Tráchta do Chontae Mhuineacháin
- Bhuaigh *Road Safety Ireland* i mBaile an Scotaigh an catagóir Gnó mar *'Leading Lights in Road Safety'*. Maraíodh beirt i 2018 ar bhóithre Mhuineacháin seachas seisear thiar i 2017.
- Cinntíodh sábháilteacht, sláinte agus leas na bhfostaithe ar an láthair oibre de réir Reachtaíocht Sláinte agus Sábháilteachta

Bonneagar Bóithre

Tá trí fhoinse maoinithe don ghreasán bóithre. Maoiníonn Bonneagar Iompair Éireann (TII) dearadh, tógáil agus cothabháil bóithre Náisiúnta, tagann cómhaoiniú ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt (DTTS) agus Comhairle Contae Mhuineacháin do bhóithre Réigiúnacha agus Áitiúla. Maoiníonn an Chomhairle sábháilteacht ar bhóithre as a stuaim féin.

Scéimeanna Mórthionscnaimh déanta i 2018

N2 Muineachán go Scairbh na gCaorach Céim 3: Tosaíodh ar oibreacha tógála ar athailíniú 3.3Cm den bPríomhbhealach Náisiúnta N2. I gCéim 3 críochnófar an t-athailíniú ar an mbóthar idir Muineachán agus Scairbh na gCaorach. Ar an iomlán caithfear €13.6M idir thógáil, dearadh, fáil talún agus seanadálaíocht.

N2 Cluain Tiobraid go dtí an Teorainn: Forbairt ar bhealach nua don N2 idir sráidbhaile Cluain Tiobraid agus teorainn an Tuaiscirt ag Áth na Cloiche (fad na scéime thart ar 28Cm). Casadh arís ar an scéim seo 2017 i gcomhar le

N2 Baile Átha Fhirdia go Baile na Lorgan: Uasghrádú ar an N2 (Timpeallán Baile na Lorgan/Tulaigh Bhinn) go Timpeallán Baile Átha Fhirdia/N33, fad na scéime 32Cm. Tá an dá scéim úd liostáilte mar mhórscéimeanna bonneagair i *Project Ireland* 2020. Is í Oifig Bóithre Náisiúnta na hIarmhí a sholáthraíonn seirbhísí bainistíochta don tionscnamh. Tá na comhairleoirí *Jacobs* chun an dearadh agus próiseas sholáthair a dhéanamh don dá scéim.

N2 Droichead Nua An Abhainn Mhór: Droichead nua ag Cúil Seanach, Baile Mhuineacháin ar chostas iomlán €6M idir thógáil, dearadh, oibreacha oiriúnachta, seandálaíochta agus saothar roimh ré. Bronnadh an tairiscint agus tosnófar ar thógáil mí Eanáir 2019.

N54 Tulaigh Bhriain: Scéim (Sábháilteachta) Athailíniú ar an N54 ag Bóthar Tulaigh Bhriain .05Cm thiar ó bhaile Mhuineacháin. Cuimseofar athailíniú ar 3.1Cm den bhealach. Cosnóidh an tionscnamh €10M idir thógáil, dearadh, oibreacha oiriúnachta, seandálaíochta agus saothar roimh ré. Foilsíodh Cuid VIII don athailíniú ar 3.1Cm den Phríomhbhealach Tánaisteach Náisiúnta N54.

DRAFT

Neartú Droichead: Oibreacha athnuachana déanta ar 6 dhroichead bóithre réigiúnach agus áitiúil.

Scéim Feabhsucháin Áitiúila: Críochnaíodh 28 Sceim chun lánaí príobháideacha a fheabhsú ar fud Chontae Mhuineacháin.

Scéim Plé leis an bPobal: Críochnaíodh 2 bhóthar ar fhad 1.833Cm faoin scéim Plé leis an bPobal.

Cosáin Nua ar Bhóíthre Náisiúnta: Críochnaíodh 4 mhórthionscnamh ar fhad iomlán 9.6Cm. San áireamh bhí N2 Seachród Mhuineacháin, N2 Domhnach Maighean, N54 Muineachán Uirbeach agus N54 Cluain Eois Uirbeach.

Forbairt Pobail

Coiste Forbartha Pobail Áitiúil

Bíonn ról ag an gCoiste Forbartha Pobail Áitúil ag leibhéal contae ag cinntiú go mbíonn cur chuige soiléir maidir le forbairt áitiúil agus pobail sa chontae. Le linn 20178 stiúraigh an Coiste Forbartha Pobail Áitiúil an Clár Cuimsiú Sóisialta agus Gníomhú Pobail (SICAP), LEADER, SÍOCHÁIN IV agus an Clár Feabhsú Pobail.

Ar an LCDC tá 17 mball (8 acu atá reachtúil). Le linn 2018 bhí 11 chruinniú ag an LCDc, iad ag oibriú go héifeachtach chun cláir éagsúla a stiúradh mar SICAP, LEADER, SÍOCHÁIN IV agus an Clár Feabhsú Pobail.

PLEAN ÁITIÚIL EACNAMAÍOCH AGUS POBAIL (LECP)

Seoladh an Plean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail (LECP) mí Iúil 2016. San LECP leagtar síos na cuspóirí agus gnímh a mbeidh gá leo chun tacú le forbairt pobail agus eacnamaíoch i gContae Mhuineacháin go ceann tréimhse sé bliana. Táthar ag saothrú leis na Príomhpháirtithe chun gnímh a chur chun cinn is i bhfeidhm. Seoltar tuairiscí ar ghnímh an LECP go baill an LCDC faoi dhó sa bhliain. Déanfar athbhreithniú ar an bPlean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail 2016-2021 i 2019.

Bord LCDC Mhuineacháin (Páirtíocht SÍOCHÁIN IV) Plean Gnímh Áitiúil SÍOCHÁIN IV

I 2018 tharla dul chun cinn an-mhaith ar ghnímh ónár bPlean Gnímh Áitiúil Síochána. Páirteach i dtionscnaimh bhí ETB An Cabhán Muineacháin, Nasc na Síochána, *Monaghan Integrated Development,* Gréasán Pobail Chontae Mhuineacháin agus Comhairle Contae Mhuineacháin. Beidh maoiniú mar €580,000 ar an iomlán do na tionscnaimh ar éirigh leo sa ghlaoch ar dheontais bheaga. D'éirigh le hiarratais ó Fháilte Cluain Eois, *Blayney Blades*, Teach na nDaoine, Halla Cuimhneacháin *Johnston Madden*, Seirbhísí Sóisialta Leatón, Fiontar Pobail

DRAFT

Baile na Lorgan, Iontas DCDA Dúthamhlacht, Halla Óráiste Glas Locha, Halla Protastúnach Mullapike, FC Cluain Eois agus Coláiste Mhic Chairthinn. Bainfear leas as na deontais úd chun plé trasteorann a éascú i gcroílár na bpobal seo againne.

Campas Síochána Mhuineacháin

Mí na Nollag 2018 d'éirigh le hiarratas Chomhairle Contae Mhuineacháin ar mhaoiniú faoi Spásanna i bPáirt réigiúnach SEUPB. Tá sé mar aidhm Campas Síochána a bhunú ina áis chomhtháite mar a mbeidh spás Oidhreacht Chultúrtha, Láthair Óige, Seomraí Pobail, Leabharlann agus spás lasmuigh. Cuirfear tús leis an obair i 2019, meastar go dtógfaidh an saothar ar fad 20 mí ar chostas €14.3M.

CLÁR CUIMSIÚ SÓISIALTA AGUS GNÍOMHÚ POBAIL (SICAP)

Bhí buiséad €631,656 do SICAP i Muineachán i 2018.

Forálann an conradh idir an LCDC agus an Soláthróir Cláir *(Monaghan Integrated Development CLG*) go ndéantar tuairisciú, iniúchadh agus monatóireacht ar an gclár lena chinntiú go mbaintear amach margadh maith. Rinneadh athbhreithniú ar an gclár i lár agus ag deireadh na bliana 2018 agus baineadh amach nó sáraíodh na spriocanna ar fad a bhí i gceist sa chlár.

Tá sé mar aidhm ag clár SICAP tacaíocht um chuimsiú sóisialta a sholáthar dóibh siúd idir ghrúpaí agus daoine aonair a bhíonn faoi mhíbhuntáiste sa chontae. Dírítear mar sprioc don bhliain 2018 cúnamh a thabhairt do 34 grúpa agus 428 duine aonair.

Clár LEADER MHUINEACHÁIN 2014-2020

Is iad Coiste Forbairt Pobail Áitiúil (LCDC) an Grúpa Áitiúil Gníomhaíochta (LAG) agus is iad a dhéanann cinntí maidir le soláthar LEADER RDP 2014-2020. Is iad *Monaghan Integrated Development Ltd (MID)* an páirtí feidhmithe agus is í Comhairle Contae Mhuineacháin an páirtí airgeadais don chlár. Iarrann LEADER Mhuineacháin ar phobail tuaithe inmharthana a fhorbairt sa chontae trí Imeascadh Sóisialta, Forbairt Eacnamaíoch, Fiontar, Tursaóireacht agus Seirbhísí Pobail a chur chun cinn agus san am gcéanna oidhreacht nádúrtha agus cultúrtha an chontae a chosaint. Aithníodh na tosaíochtaí sa straitéis trí chomhairliúchán pobail go deireanach i 2015.
Faoi Nollaig 2018 bhí Cead Tionscnamh/Maoiniú Geallta LEADER mar 37 tionscnamh ar luach €2.3m. Ceadaíodh 41% den bhuiséad go dtí seo agus tá €3.3m fós le cinntiú don chuid eile den dtréimhse. Anuas air sin cheadaigh LAG Mhuineacháin dhá thonscnamh eile comhoibrithe.

Clár Feabhsú Pobail 2018

Tharla Clár Feabhsú Pobail LCDC Mhuineacháin i 2018. Ar an iomlán fuarthas €238,172 ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail ar son áiseanna i gceantair faoi mhíbhuntáiste. Bronnadh maoiniú ar 77 iarratas as an líon iomlán 85 a bhí faighte.

CEP 2018 – Ciste Bothán na bhFear

Bhí Ciste Bothán na bhFear ar bun freisin ag LCDC Mhuineacháin i 2018 agus bronnadh maoiniú breise mar €8,696 do Bhotháin na bhFear ar fud na tíre.

CLÁR 2018
Fuarthas maoiniú CLÁR mar €500,000 i 2018 ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail do 15 thionscnamh. Tá CLÁR ann chun maoiniú a sholáthar do thionscnaimh bheaga i gceantair thuaithe. Fuair Comhairle Contae Mhuineacháin maoiniú faoi dhá bheart: -

Beart 1 – Tacaíocht do Bhearta Sábháilteachta i Scoileanna/Pobail

Beart 2 – Láithreacha Súgartha

<u>Bailte & Sráidbhailte 2018</u>

D'éirigh le Comhairle Contae Mhuineacháin €868,500 a fháil faoin Scéim Athnuachan Bailte & Sráidbhailte do 9 dtionscnamh laistigh den chontae. Bearfaidh cómhaoiniú na Comhairle suim gar do

DRAFT

€1M ar an iomlán. Tá sé mar aidhm ag an scéim úd tacú le beocht a chur arís i mbailte agus sráidbhailte.

Muineachán Sláintiúil

Aithníodh Sláinte agus Leas a chur chun cinn mar chuspóir straitéiseach lárnach san LECP agus dá bhrí sin tá an LCDC tiomanta don chlar Éire Shláintiúil a fheidhmiú agus Clár Muineachán Sláintiúil a bhunú. Mar chuid den phróiseas freisin d'aontaigh LCDC Mhuineacháin fochoiste don ábhar úd sa chontae a bhunú. Tharla cruinniú coiste mí an Mheithimh 2018. Ceapadh Comhordaitheoir ar Mhuineachán Sláintiúil. Eatarthu siúd déanfar maoirsiú ar thionscadail a sholáthar chun cur le sláinte agus leas phobal Mhuineachain is cuairteoirí. Fuarthas €75,000 ón gCiste Éire Shláintiúil do sheacht gcinn de ghnímh i gContae Mhuineacháin idir Deireadh Fómhair 2018 agus Márta 2019, iad san go léir anuas ar a leithéid de ghníomhaíochtaí a tharla sa chlár 2017-2018.

Cruinniú na nÓg – *Step Into The Spotlight*

Lá náisiúnta cruthaitheach is ea Cruinniú na nÓg a thugann deis do dhaoine óga iad féin a chur in iúl trí chlár speisalta idir chultur agus cruthaitheacht mar a mbíonn deis acu smaointe, scileanna agus spraoi a roinnt eatarthu féin. Don Satharn 23 Meitheamh d'eagraigh Meitheal Cultúrtha Chomhairle Contae Mhuineacháin agus Comhairle na nÓg ócáid speisialta d'óige an chontae. Daoine óga a stiúraigh agus tharla *"Step Into the Spotlight"* in Amharclann an Gharáiste i Muineachán. Bhíothas páirteach ó gach cearn den Chontae os comhair slua mór lucht éisteachta idir amhráin, damhsa, ceol agus aithriseoireacht.

Tionscnamh Comhairle na nÓg ag tacú le hógra LGBT

Gach bliain roghnaíonn Comhairle na nÓg tionscnamh chun cur le feasacht ar ábhar áirithe a chabhróidh le hóige an Chontae. I 2018 bheartaigh siad tacú le hógra LGBT.

Ceiliúradh Daite ar Chomhionannas & Imeascadh

D'eagraigh Comhairle na nÓg Mhuineacháin i gcomhar le Páirtíocht Spóirt Mhuineacháin Rith Daite 5Cm i bPáirc Ros Mór mí na Samhna. Mar théama bhí Comhionannas & Imeascadh is an pháirc lán de dhathanna breátha i ngach aon áit. Bhain gach éinne an-sult ar fad as an ócáid. Bhí thart ar 300 rannpháirtí idir óg is aosta, an t-atmaisféar go hiontach agus siamsaíocht thar na bearta ann do chách ó thús deireadh.

Cruinniú Bliantúil Comhairle na nÓg Mhuineacháin

Tharla Cruinniú Bliantúil Comhairle na nÓg Mhuineacháin san Óstán Four Seasons mí Dheireadh Fómhair agus bhain breis is 130 duine óg leas as lá a bhí go hiontach ar fad is iad go léir ag obair le chéile.

Éire Ildánach – Óige Ildánach

